



€1.65 (£1.50)
Uimh. 6



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

www.gaelisceal.ie ● 06.02.2013

"Maidir le hiriseoireacht na Gaeilge: ní bheidh tú riamh saibhir"



L. 6-7

Gaelscéal ar Scoil

ISTIGH AN tSEACHTAIN SEO...



L. 23-28

Deireadh á chur le maoiniú Ghaelscéal

- Níorbh leor ciorclaíocht de 4,000 don Fhoras
- Neamhaird iomlán déanta ar dhíolacháin scoileanna
- Neamhaird iomlán déanta ar léitheoireacht ar líne

Tá sé fógartha ag Foras na Gaeilge go bhfuil siad chun deireadh a chur le maoiniú do Ghaelscéal. Dúirt an Foras go raibh an cinneadh á dhéanamh de bharr go raibh an méid cóipeanna den nuachtán a bhí á dhíol sna siopaí, 1,314 in aghaidh na seachtaine, níos lú ná an sprioc a leagadh amach don nuachtán.

Mhaígh siad i ráiteas go raibh fóir-dheontas €6 á íoc as gach cóip a díoladh sna siopaí.

Tá an líomhainn seo séanta go láidir ag Torann na dTonn.

Deir an comhlacht nár chuir an Foras san áireamh breis agus 1,000 cóip a dhíoltar le scoileanna agus eile, cóipeanna digiteacha a léitear in aghaidh na seachtaine ar líne ná an 1,200 duine eile a bhain úsáid as an suíomh idirlín ar bhonn seachtainiúil.

Ciorclaíocht sheachtainiúil de 3,978 san iomlán atá ag an nuachtán de réir

an chomhlachta.

Tá sé ráite i litir a fuair stiúrthóirí Thorann na dTonn go raibh bord an Fhorais den tuairim "go bhfuil treochtaí phobal léitheoireachta na Gaeilge ag imeacht go suntasach ó fhormaid na meán clóite agus tá pleananna á gcur le chéile ag Foras na Gaeilge le freastal a dhéanamh ar na riachtanais seo."

Níor thug an Foras le fios cén bunús taighde a bhí leis an tuairim sin, óir léiríonn figiúirí Ghaelscéal féin go léann i bhfad níos mó daoine an nuachtán clóite ná an leagan digiteach. Rinne Bord an Fhorais an cinneadh tar éis dóibh tuairisc a fháil ó choiste irisí na heagraíochta.

Maidir le líon na gcóipeanna - tuigtear, ó fhoinsí iontaofa, nár cuireadh san áireamh ach an líon a dhíoltar sna siopaí agus eolas á thabhairt don Bhord.

Ar lean ar leathanach 2

Tuairisc faoi 'schlábhaithe' na Maigdiléana



An t-iarSheanadóir Martin McAleese agus a chuntóir ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, Nuala Ní Mhuircheartaigh, ag seoladh tuairisce inné ar an ról a bhí ag an Stát leis na Neachtlananna Maigdiléana ó 1922 go dtí 1996. Scéal iomlán ar leathanach a 2.

GRIANGHRAF: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND.

Liúntas Gaeltachta na nGardaí á phlé anois

Máirtín Ó Catháin

TUIGTEAR go bhfuil an liúntas a fhaigheann Gardaí atá in ann a ngnó a dhéanamh thrí Ghaeilge sa nGaeltacht ar cheann de na hábhair atá faoi chaibidil agus laghduithe á mbeartú ar phá sa bhFórsa

Dúirt urlabhraí sa Roinn Dlí agus Cirt inné go bhfuil plé á dhéanamh faoi láthair ar a bhfuil i ndán do na hÍocaíochtaí Gaeltachta ag Comhairle Eadrána an Gharda Síochána - an fóram ag a bpléitear téarmaí fostaíochta na nGardaí.

Ní raibh aon fhreagra ar cheistean-na faoin ábhar ó cheanncheathrú na nGardaí féin agus muid ag scríobh.

Ar lean ar leathanach 2



Tá an Rialtas ag iarraidh go mbeadh sábháil de €60 milliún ar phá sa nGarda Síochána sna trí bliana amach romhainn.

Tuigtear go bhfuil chuile rannóg á scrúdú agus go bhféadfadh sé go leagfaí an scian ar an liúntas Gaeltachta freisin. 7.5% breise a fhaigheann Gardaí atá ag freastal ar phobail Ghaeltachta - sin má tá Gaeilge mhaith acu.

Bulaíocht Séanta ag Pobal Ghleann Cholm Cille

Anton Mac Cába

SÉANANN an pobal i gceantar Gaeltachta i nDún na nGall gur dearnadh bulaíocht ar bith ar shagart.

Dúirt an tAthair Bill McGeady leis an *'Irish Independent'* gur bulaíocht ón bpobal ba chúis lena imeacht ó pharóiste Ghleann Cholm Cille.

Dar le foinsí san áit gur thosaigh fadhbanna nuair a tháinig sé isteach sa pharóiste trí bliain ó shin. Bhí a bhealaigh féin aige. Scaoil sé chun siúil an bhean le bhunadh na háite a bhí mar bhean tí le blianta i dteach an tsagairt. Ansin, bhí fadhbanna le rudaí a dúirt sé le linn Aifrin. Ghlac cuid den phobal leis gur ag cáineadh na sean-mhná tí a bhí sé.

Lean sin nó go ndeachaigh cúpla duine chuige, gur lig a gcuid feirge amach.

Bhíodh daoine a bhíodh ag dul chuig an siopa ar an Chaiseal sa Ghleann ag páirceáil taobh amuigh den séipéal, ach níor thaitin sin leis, beart a thug sé le fios dóibh.

Bhí, ar ndóigh, airgead i gceist. Fágadh airgead in uacht don pharóiste. Ní raibh ach an duine sásta leis an dóigh gur caitheadh é seo.

Níl aon líomhaintí ann gur dearnadh rud ar bith mí-ionraic, áfach. Fuair sé moladh as beart amháin. Bhí sé ábalta rith tríd an Aifreann go breá tapaidh. "Bhí siad ag tarraingt ar an Aifreann as an Charraig agus Cill Carthaigh," arsa duine amháin.

Ar lean ar leathanach 2

NUACHT NÁISIÚNTA

Deireadh á chur le maoiniú Ghaelscéal

Ar lean ó leathanach a haon
Tugadh le fios do Bhord an Fhorais chomh maith go raibh Torann na dTonn ag iarraidh tarraingt as an chonradh, beart a shéanann an comhlacht.

Ag caint dó faoin gcinneadh, dúirt Julian de Spáinn, Ardrúnaí Chonradh na Gaeilge, gur “nuacht tubaisteach” a bhí anseo.

Ag caint dó faoin gcinneadh, dúirt Julian de Spáinn, Ardrúnaí Chonradh na Gaeilge, gur “nuacht tubaisteach” a bhí anseo.

Dúirt Niamh de Búrca ó Ghael Linn go raibh an-aiféala uirthi faoin “drochscéal” nach mbeadh an nuachtán ‘Gaelscéal’ á fhoilsiú i bhfad eile.

Mar gheall ar an chinneadh seo, chun críoch luath a chur le maoiniú Ghaelscéal, meastar go gcuirfear deireadh le foilsiú an nuachtáin ag am éigin an mhí seo chugainn.

Kenny cáinte ag grúpa na Maigdiléana

Colm Ó Broin

RINNE grúpa atá ag stocaireacht ar son íospartaigh na Neachtanna Maigdiléana cáineadh ar an Taoiseach inné de bharr an fhreagra a bhí aige ar thuairisc nua.

Dhiúltaigh Enda Kenny leithscéal a ghabháil ar son an Stáit tar éis don iarSheanadóir Martin McAleese

tuairisc faoi na hinstitiúidí a fhoilsiú.

De réir na tuairisce, bhí baint lár-nach ag an Stát i bhfeidhmiú na neachtlann, rud a shéan rialtais a tháinig roimh an gceann reatha seo.

Ag caint dó sa Dáil, dhiúltaigh an Taoiseach glacadh le moladh ón bhfreasúra go ngabhadh sé leithscéal ar son an Stáit.

Dúirt Steven Riordan, urlabhraí an ghrúpa Magdalene Survivors Together, go raibh díomá air faoin bhfreagra i leith na tuairisc a bhí ag an Taoisigh agus na n-ord eaglasta a bhí i bhfeighil na neachtlann.

Dúirt sé gur dearnadh sclábhaithe de na mná agus gur scriosadh a gcearta bunreachtúla.

Frítheadh sa tuairisc gur cuireadh

10,000 bean chuig na hinstitiúidí ó bunaíodh an Stát. Ba é an Stát féin a chuir an ceathrú díobh ann.

Thug rialtais maoiniú do na neachtlanna mar aon le conarthaí oibre a bhí le déanamh ag na mná. Cuireadh iachall ar na mná obair a dhéanamh sna neachtlanna, gan phá. Chaith seisear as gach deichniúr níos lú ná bliain iontu.



Bronnadh Duais Bhonn Óir Raidió na Gaeltachta 2011-12 ar Edel Ní Chnámhsí, as Leitir Ceanainn, ag Lá na nGradam in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, ag tús mhí Feabhra 2013. Freisin sa bpictiúr tá (ó chlé): An tOllamh Nollaig Mac Congáil, Meabhránaí agus Uachtarán Ionaide; Edel Ní Chuireáin, Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta; An tOllamh Jim Browne, Uachtarán na hOllscoile; agus Dónall Ó Braonáin, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh. (GRIANGHRAIF: AENGUS MCMAHON)

Liúntas Gaeltachta na nGardaí á phlé anois

Ar lean ó leathanach a haon

Bhíodh mórán chuile Gharda a bhí i stáisiúin a raibh ceantar Gaeltachta faoina gcúram ag fáil an liúntais sna blianta siar.

Ach tuigtear go bhfuiltear dulta i bhfad níos géire ar an gcaighdeán Gaeilge atá ag teastáil anois.

Tugadh isteach córas scrúdaithe agus teastaíonn céatadán ard marcan-

na sula sroichtear an caighdeán cuí.

Má thógtar Gaillimh mar shampla, bheadh Gardaí i gceantar Ghardaí an Chlocháin - iarthar Chonamara - agus i gceantracha Bhóthar na Trá agus Shráid an Mhuilinn i dteideal an liúntais.

Bheadh an rud céanna amhlaidh i roinnt stáisiún soir ó chathair na Gaillimhe.

Bhíodh an liúntas acu siúd sular dearnadh socrúithe nua faoi scrúdaithe. Caithfidh Gardaí atá ag iarraidh an liúntais scrúdú a dhéanamh anois i gColáiste na nGardaí sa Team-pall Mór.

Ach tá mórán chuile Gharda atá istigh sa nGaeltacht féin ag fáil an liúntais agus bhainfeadh aon athrú sclamh as a bpá.

Bulaíocht Séanta ag Pobal Ghleann Cholm Cille

Ar lean ó leathanach a haon

Tógadh an tAthair McGeady i nGlaschú, de bhunadh Ghort an Choirce. Bhí sé ina bhráthair Íosagánach le blianta.

Oirníodh mar shagart é agus é 59 bliain d'aois. D'aistrigh sé ó Deoise na hEaglaise Brice in Albain. Mheas cuid dá chomh-shagairt gur thug sé nósanna na nÍosagánach isteach go Deoise Rath Bhoth leis. “Ní bheadh meas ar bith ag Íosagánaigh ar údarás,” a dúirt sagart amháin sa deoise faoi.

Ní raibh urlabhraí thar cheann na deoise ar fáil, mar go bhfuil an tEaspag Philip Boyce i Meiriceá go dtí lár na míosa seo.



Gaelscéal



Le cabhair ó:

Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelisceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin
Iriseoir
meabh.nithuathalain@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

Gá le seilbh a ghlacadh ar an straitéis 20 bliain don Ghaeilge

Reáchtáladh cruinniú sa Menlo Park Hotel i nGaillimh ar an Aoine seo caite chun deis a thabhairt do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge, thuaidh agus theas, easpa dul chun cinn ‘Straitéis 20 bliain don Ghaeilge’ a phlé. Bhí **Méabh Ní Thuathaláin** i láthair.

LORCÁN Mac Gabhann, Ceanasáí Ghlór na nGael, a bhí mar chathaoirleach ar an chruinniú agus dúirt sé go raibh gá fadhbanna na straitéise a aithint, cás COGG (an Chomhairle um Oideachas Gaeilge agus Gaelscolaíochta) a phlé go sonrach agus ‘plean gnímh’ a aontú maidir le cur i bhfeidhm na straitéise ó dheas, agus ó thuaidh, ‘áit nach bhfuil an straitéis a plé ar chor ar bith.’

Tharraing Mac Gabhann aird ar leith ar chás COGG, eagraíocht atá luaite i bplean ‘comhtháite’ leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

“Tá neamhspleáchas na heagraíochta i mbaol agus níl aon amhras orm ná go n-imeoidh COGG mar rannóg taobh istigh de chúig nó deich de bhlianta má tá sí bruite isteach leis an CNCM,” ar seisean.

Labhair Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn, go beacht faoin easpa dul chun cinn atá déanta ag an straitéis le trí bliana anuas, faoin neamhaird a rinneadh ar moltaí a tháinig ón phobal i dtaobh phróiseas ceapacháin bhord Udarás na Gaeltachta agus dréachtú limistéir na nGaeltachta. Dúirt de Spáinn gur ‘ábhar mór buairimh’ é go bhfuil gníomhairí teanga agus eagraíochtaí faoi bhagairt gan labhairt amach faoi chúrsaí



Ó dheis: Harry McGee, Comhfhreagraí Polaitiúil an Irish Times, Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge agus Lorcán Mac Gabhann, Ceanasáí Ghlór na nGael agus san Menlo Park Hotel, Gaillimh De hAoine, áit a raibh todhchaí na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge á plé ag cruinniú a d’eagraigh Conradh na Gaeilge. [GRIANGHRAF: CATHAL Ó TUATHAIL]

Gaeilge mar gheall go bhfuil siad ag brath ar mhaoiniú.

“Tá mé ar buile go bhfuil

muid tagtha chuig an bpointe seo anois go bhfuil muid ag troid, ní in aghaidh fhórsaí an

Bhéarla, mar a bhí riamh, ach in aghaidh fhórsaí na Gaeilge. Chreid mé sa straitéis nuair a

foilsíodh í go raibh bealach aimsithe againn chun seilbh a glacadh ar an Ghaeilge ach níl

aon dul chun cinn déanta,” ar seisean.

Dar le Harry McGee, iriseoir leis an Irish Times a bhí mar aoichainteoir ag an chruinniú, tá polasaithe an rialtais i leith na Gaeilge fréamhaithe i réimse na neamhsuime agus is comhartha é easpa dul chun cinn na straitéise den mhéid sin.

Dúirt sé go raibh contúirt áirithe i mbunús na straitéise, mar phlean 20 bliain, a bhfuil de chumas ag an rialtas spriocanna ‘a chur ar an méar fhada’ go háirithe nuair atá ‘práinn’ luaite leis an straitéis chun an Ghaeilge a chaomhnú.

Dhírigh cuid mhaith den chaint ar easpa dul chun cinn na straitéise ó dheas, ar an easpa cumarsáide agus comhoibrithe idir an phobal agus na heagraíochta stáit, ina measc Roinn na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge.

Tá 16 mhí caite ó pléadh na ceisteanna céanna a bhain leis an straitéis, gan mórán de dhul chun cinn a bheith déanta. “Tá frustrachas uafásach ar dhaoine ach silim go bhfuil daoine níos dóchasaí tar éis an méid a labhair muid faoi sa chruinniú.

Tá plean againn conas dul i bhfeidhm ar pholaiteoirí agus stocaireacht leanúnach a dhéanamh ar an rialtas,” a dúirt Lorcán Mac Gabhann.

Moltaí ón chruinniú ar mhaithe le seilbh a ghlacadh ar an straitéis

- Straitéis amháin a fhorbairt do na 32 Chontae

- Fochoiste Dála a bhunú chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn na straitéise.

- Cás COGG a phlé go sonrach leis an rialtas

- Spriocanna an-soiléara a leagan amach, dátaí a chur leis, stocaireacht agus súil ghéar a choinneáil ar an rialtas go mbeidh siad ag teacht leis na spriocanna sin.

- FOI’s a chur isteach ar mhaithe le heolas a fháil ón rialtas

- Cás gnó 32 Chontae a ullmhú ag muintir na Gaeilge agus leas a bhaint as na heagraíochtaí

Gaeilge timpeall na tíre chun ceist na Gaeilge a ardú.

- Bunseirbhísí a chosaint mar chuid den straitéis: Oifig an Choimisinéara, COGG, srl.

- Riachtanais na scoileanna Gaeilge sa Ghalltacht agus scoileanna Gaeltachta a aimsiú

- An gnáthdhuine a chur ar an eolas faoin phráinn a bhaineann le straitéis na Gaeilge.

- Cumarsáid a fheabhsú idir an rialtas agus na heagraíochtaí Gaeilge ar an talamh lena chinntiú nach bhfuil na heagraíochtaí stáit ag glacadh cinntí nach dtagann le mianta mhuintir na Gaeilge.

- Agóidí taobh amuigh de ghéataí na Dála

- Struchtúr feidhmithe agus measúnaithe a fhorbairt

- Dul siar chuig an staidéar cuimsitheach teangeolaíochta mar phlean B

COMÓRTAS
Glór na nGael
i gcomhar le **Gaelscéal**

Comórtas G!

An bhfuil an G-Factor ag do Scoil??

€2000
don Club is fearr sa tír & dearbhan de 30 cochall (hoodies) ón Spailpín Fánach

Tá 4 dhuais réigiúnacha de 30 cochall ón Spailpín Fánach don club is fearr i ngach cúige!

- Suim agat sa Ghaeilge?
- Ag iarraidh Club Gaelach a bhunú i do scoil féin?
- Cuir isteach ar an gcomórtas nua seo i gcomhair iar-bhunscoileanna - Comórtas G!
- Ní gá ach club a bhunú agus imeachtaí nó feachtais a eagrú trí Ghaeilge sa scoil

Foirm ar fáil ar-líne
www.oideachas.gaelsceal.ie
nó aodhan@glornangael.ie

Buaiteoirí, Comórtas G! 2011/12

Gaeilge GA GA,
Pobalscoil Naomh Mhichíl,
Cill Mhichíl, Co. an Chláir

Faigheann gach Club a chuireann isteach ar an gComórtas pacáiste tacaíochta

Is é 4 Márta 2013 an spriocdháta

Tá Comórtas G! á eagrú i gcomhar le **Gaelscéal** & **An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta**

Timpeall an Tuaiscirt

le Anton Mac Cába

45% d'Aontachtaithe ag tacú le léirsithe

LÉIRIÓNN pobalbhreith ón BBC cé chomh contúirteach agus atá sé a bheith den bharúil nach bhfuil san aighneas faoi na bratacha ach deis ag roinnt bligeard le trioblóid a tharraingt. Rinneadh an pobalbhreith do Spotlight ar an Máirt seo caite. Dúirt 45% díobh siúd a thug Aontachtaithe orthu féin gur cheart leanúint leis na léirsithe. Ag tús na léirsithe, ba thart ar 50% d'achan duine - Aontachtach, Náisiúnaithe, agus eile - a thug tacaíocht dóibh.

D'fhág sin gur thug tromlach mór i measc Aontachtach tacaíocht. Dúirt 64% díobh siúd a tháinig ar athrú intinne faoi na léirsithe gurb é an trioblóid ar na sráideanna a thug orthu athrú.



Geansaithe an Tuaiscirt ag glacadh áite Rangers

TÁ éisteacht cúirte le tarlú in Albain a bheidh tábhachtach d'fhéiniúlacht Dhílsigh an Tuaiscirt. Is é sin ná achomharc ar phionós a gearradh ar Rangers Ghlaschú as caim-iléireacht cánach.

Ba dá bharr, cheana, a díbríodh an foireann ón Phríomhroinn na hAlban go dtí an Tríú Roinn. Tá grúpa san Áis ag bagairt cúirte ar an Chlub len é a fhoirceannadh. Baineann seo le



fiacha.

Bhí Rangers lárnach go maith ag féiniúlacht Dílseoirí óga ó Thuaidh. Tá Club Tacadóirí Rangers ar achan baile mór ó Thuaidh. Bhíodh na busanna ón Tuaisceart ag tarraingt Dé Sathairn ar cibé baile mar a raibh Rangers ag imirt agus bhíodh na geansaithe ar na leaid óga.

Is annamh a fheiceann tú anois iad: tá geansaithe Tuaiscirt Éireann anois flúirseach, ach gan an 'bagáiste' leo agus atá ag Rangers - go fóill, cibé ar bith.

Jim 'Dearg' Wells?

NÍ luaitear an Comhalta den Tionól Reachtach, Jim Wells, ón DUP mar réabhlóidí sóisialach.

Dé Luain, sa Tionól, 'tháinig sé amach' - ní mar dhuine aerach, ach, níos iontaí ar fad, mar thacadóir de chuid Chúba. Bhí sé at tabhairt tuarascála ar thoscaireacht a thug sé do dtí an t-oileán cumannach - in éineacht le Sue Ramsey ó Shinn Féin.

Dúirt sé leis an Tionól go raibh Cúba sun-tasach ar chuid mhór bealaí. "Le firinne, is tír Tríú Domhanda é, ach go bhfuil toradh iartharach comhaimseartha ar chúram sláinte ann," ar seisean.

"... Cad é chonaiceamar i gCúba atá chomh difriúil sin ina chur chuige go dtagann fad saoil thart 80 bliain as? Ní thig linn sin a chur i gcrích in iarthar Bhéal Feirste nó i bhFeabhail. Cad chuige na torthaí iontacha seo, an easpa achmhainní agus an pá íseal (do dhochtúirí) san áireamh?" Mhol sé do chóras sláinte an

Tuaiscirt, mar sin, sampla Chúba a leanúint. Maíonn Jim Allister ón Ghuth Traidisiúnta Aontachtach (TUV) bua amháin. Ar shuíomh an pháirtí, d'fhógair sé gurb eisean ba chúis le comhartha 'Welcome to Northern Ireland' a bheith le tógáil ar an teorann ar an bhóthar idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Beidh an comhartha i ndeisceart Ard Mhacha. Mar pho-laiteoir, b'fhéidir go dtuigeann sé nach mairfidh sé fiú chomh fada agus a mhair gealltanais a shean-pháirtí - an DUP - gan dul isteach i rialtas le Sinn Féin.



An tArdeaspag Ó Casaide - iarrachtaí déanta aige aighneas Shraith Salach a réiteach

Máirtín Ó Catháin

BHÍ an t-aighneas a bhain leis an nGaeilge i Scoil Shraith Salach i gConamara ina scéala ar fud na tíre an t-am ar ceapadh an Dr. Seosamh Ó Casaide ina Ardeaspag i dTuaim in 1987.

Bhí Seosamh Ó Casaide ina Ardeaspag i dTuaim ar feadh ocht mbliana ina dhiaidh sin agus bhí ceist na scoile ar an tSraith Salach ar cheann de na hábhair ba chasta a bhí le láimhsiú aige.

D'éirigh an tArdeaspag Ó Casaide as a chúramáí i dTuaim in 1995 de bharr cúrsaí sláinte. Chaith sé go leor blianta ina dhiaidh sin ina shagart pobail i bparóiste Mhórdhach in oirthear na Gaillimhe.

Bhásaigh an tArdeaspag Ó Casaide an tseachtain seo caite agus tugadh moladh dó i bhfad agus i ngearr de bharr a thréithe pearsanta agus eaglasta.

Tá Sraithe Salach i gceantar Ard-Deoise Thuama agus ba é an tArdeaspag a bhíodh ina phatrún ar an scoil ansin.

Cúig bhliana roimhe sin a phléasc an t-aighneas ar an Sraith Salach go poiblí nuair a labhair an príomhoide sa scoil, Bríd Ní Dhomhnaill, amach ag an Aifreann i nDoire Bhó Riada faoi úsáid an Bhéarla san Aifreann.

I Bun na gCnoc i nGaeltacht Shraith Salach atá Scoil Dhoire Bhó Riada agus tá sé ina ionad Aifreann ó cuireadh deireadh leis an scoil ansin os cionn 30 bliain ó shin.

Shocraigh Bríd Ní Dhomhnaill gur i nGaeilge a mhúiní ábhair na scoile nuair a ceapadh í ina príomhoide sa scoil nua ar an Sraith Salach i ndeireadh na 1970í.

Chuir roinnt tuismitheoirí sa gceantar ina aghaidh sin; dúradar nach ngabhadh sé chun leasa na ngasúr mar go mbeadh siad ag dul chun na meánscoile sa gClochán áit a mbeadh an teagasc trí Bhéarla.

Lean conspóid na scoile ar aghaidh ar feadh na mblianta.

Faoi an tArdeaspag Ó Casaide i dTuaim bhí na gasúir tugtha amach as an scoil ach bhí Bríd Ní Dhomhnaill ag leanacht uirthi ag teacht ag obair ann; rinne sí amhlaidh ar feadh roinnt blianta agus í ina haonar sa scoil.

Sa deireadh, socraíodh go ndúnfaí an scoil i dtús na 1990í agus chuaigh Bríd Ní Dhomhnaill i mbun teagaisc i gcathair na Gaillimhe. Cuireadh gasúir an cheantair chuig scoileanna éagsúla.

Ba Ghaeilgeoir paiteanta é an tArdeaspag Ó Casaide agus bhí an cháil ar go raibh bua an réitigh ag baint leis. Ach chinn an saol air sa Sraith Salach. Thug sé roinnt cuairteanna ann é féin le súil agus go dtiocfaí ar shocrú ach níor éirigh leis; b'shin údar díomá agus bróin dó.

Bhí an-mheas ar an Ardeaspag Ó Casaide ar fud na hArd-Deoise agus bhí sé an-ghníomhach i ngluaiseacht na nEaspag ar mhaith le forbairt an iarthar sna 1990í.



An Dr Joseph Cassidy, a fuair bás an tseachtain seo caite [PIC: EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND]

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Le Colm Ó Broin



SF ag éirí buartha faoi thuirbíní gaoithe

D'ARDAIGH Michael Colreavy ó Shinn Féin ceist sa Dáil an tseachtain seo caite maidir le tuirbíní gaoithe.

Mhol sé don Aire Cumarsáid, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, Pat Rabbitte, níos mó comhairliúcháin a dhéanamh le daoine atá ina gcónaí in aice le feirmeacha gaoithe agus straitéis chuimsitheach a chur i dtoll a chéile maidir leis na tograí agus an tionchar a bhíonn acu ar an bpobal áitiúil.

“Labhair mé le daoine a chónaíonn in aice le tuirbíní agus creidim go gcothaíonn siad go leor fadhbanna dóibh,” arsa an Teachta Dála ó Shligeach-Liatroim Thuaidh.

Dúirt urlabhraí don Teachta gur daoine ar fud na tíre a bhí sé ag caint faoi agus é ag tagairt do na gearáin atá cloiste aige.

Tá treoirilínte leagtha amach ag an mBord Pleanála maidir le feirmeacha gaoithe agus má chrei-



Feirm Ghaoithe i gCeann an Chairn i Loch Garman. GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

deann áitritheoirí go bhfuil na treoirilínte sin á sárú is féidir gearán a dhéanamh leis an gComhairle

Contae áitiúil.

Rinne an colún seo teagmháil le Comhairle Contae Liatroma agus le

Comhairle Contae Shligigh le fáil amach an raibh na feirmeacha gaoithe sa dá chontae sin ag cur as don phobal.

De réir oifigeach i gComhairle Contae Liatroma, fuarthas cúpla gearán le blianta beaga anuas go raibh níos mó torainn ag teacht ó fheirmeacha ghaoithe ná mar a bhí ceadaithe sa cheadúnas pleanála. Rinne an Chomhairle iniúchadh ar na cásanna ach deir siad gur frithheadh nach raibh na liomhainntí faoin torann fíor.

Rinneadh gearán faoi fheirm ghaoithe Dhún Néill i Sligeach chomh maith, tar éis do dhaoine bogadh isteach in dhá teach a bhí folamh nuair a tógadh an fheirm sin.

De réir áitritheoirí, tá fadhb le caochaíl (flickering) ó lanna na dtuirbíní, ach deir an Chomhairle go bhfuil an comhlacht chun na tuirbíní a mhúchadh nuair a bheidh siad ag cur isteach ar na háitritheoirí.

Is cosúil go bhfuil an chuid is mó de na gearáin a dhéanann daoine faoi thuirbíní gaoithe inleigheasta, fad is a bhíonn coinníollacha daingne ag baint leo agus go gcuirtear na coinníollacha sin i bhfeidhm.

Tá sé spéisiúil go bhfuil páirtí den eite chlé ar nós Shinn Féin ag gearán faoi fheirmeacha gaoithe, de gnáth is ón eite dheis a thagann an cáineadh faoin earnáil. An é go bhfuil siad buartha go gcaillfidh siad vótaí mura dtacaíonn siad le roinnt daoine i gceantracha timpeall na tíre atá in aghaidh na dtuirbíní?

Léiríonn suirbhéanna sa Bhreatain nach gcuireann tuirbíní gaoithe isteach ar fhormhór na ndaoine a bhíonn ina gcónaí in aice leo.

Fágann sé sin, áfach, go bhfuil mionlach ann atá cráite acu, agus tá seans níos láidre ann go vótáladh duine atá in éadan na dtuirbíní bunaithe ar an tuairim sin ná duine atá ar nós cuma liom fúthu.

Cónascadh le ‘feabhas’ a chur ar obair COGG

D’IARR beirt Theachtaí Dála ar an Aire Oideachais, Ruairí Quinn, le seachtain anuas faoin méid a bheadh i ndán do COGG dá sáithfi iad isteach leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tá raic ann maidir leis an bpleanach, dar leis an Aire Quinn, cuirfidh an cónascadh feabhas ar an eagraíocht.

Dúirt an tAire go raibh an Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge, an tAcht Oideachais 1998, an tAcht Gaeltachta 2012, na hathruithe don teastas sóisearach agus an stráitéis náisiúnta chun litearthacht agus uimhearthacht a feabhsú curtha san áireamh agus é ag déanamh an chinidh.

“Tá obair shuntasach ar bun, nó le

tosú go luath, ag an CNCM maidir leis an nGaeilge inár scoileanna,” arsa an tAire.

“Cuirfidh an socrú nua leis na féidearthachtaí comhoibrithe idir an dá eagraíocht. Agus an CNCM ag ullmhú curaclaim don Ghaeilge le cur faoi mo bhráid, déanfaidh COGG forbairt ar achmhainní a chuirfidh leis na curaclaim agus as sin láidreoidh caighdeán na múinteoireachta agus foghlamtha Gaeilge dár ndaltaí.

“Leanfaidh COGG ag pleanáil agus ag comhordú chur ar fáil na n-achmhainní do mhúineadh agus d’fhoghlaím na Gaeilge agus cuirfidh siad comhairle agus tacaíochta ar fáil don mhúineadh trí Ghaeilge.”

Dála an scéil, ba iad Seán Ó Fearghaill ó Fhianna Fáil agus Peadar

Tóibín ó Shinn Féin a chuir na gceisteanna ar an Aire. Bhí ceist Uí Fhearghail i mBéarla agus ceist Thóibín i nGaeilge - bhí an freagra a fuair siad araon ón Aire i mBéarla amháin.

Chuir Tóibín ceist ar an Aire Stáit Gaeltachta chomh maith faoin athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, atá ar siúl faoi láthair.

Tá an tAcht le leasú an bhliain seo agus tá inné ann gur sceanairt atá beartaithe, go háirithe leis an mbealach a leagadh amach na ceisteanna san fhoirm a foilsíodh le linn na tréimhse comhairliúcháin. Dúirt an tAire Stáit go bhfuarthas 1,400 freagra ar an suirbhé agus 262 aighneacht le linn an phróisis.

Tá anailís déanta ar na moltaí a

fuarthas agus déanfar iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne in “am trátha”, a dúirt an tAire, an tréimhse ama is ansa leis an Roinn.

Bhí freagra níos cuimsithe ag an Aire faoi aersheirbhís Oileáin Árann, áfach.

Beidh an conradh reatha ceithre bliana chun seirbhís aeir a chur ar fáil d’Oileáin Árann faoi Oibleagáid Seirbhíse Poiblí ag teacht chun deiridh ar 31 Lúnasa 2013. Ina theannta sin, tá conradh eile ag an Roinn chun bainistiú a dhéanamh ar na haeradróim ar na hoileáin agus tiocfaidh deireadh leis an gconradh sin ar an dáta céanna. Ag freagairt ceiste ón Teachta Éamon Ó Cuív, dúirt an tAire McGinley go gcosnaíonn na seirbhísí sin beagnach €2 milliún ar an Roinn in

aghaidh na bliana, timpeall an tríú cuid den bhuiséad reatha do na hoileáin ábhartha go léir.

“Faoi láthair, tá mo Roinn ag scrúdú na roghanna éagsúla a fheictear di a bheith aici i ndáil leis na seirbhísí seo. I measc na roghanna seo, tá rogha chun síneadh a chur leis na conarthaí atá i bhfeidhm faoi láthair. Táim ag súil go mbeidh mé in ann an cinneadh maidir leis seo a fhógairt faoi dheireadh mhí Feabhra ar a dhéanaí.

“Ag deireadh an lae, beidh an cinneadh i leith na seirbhíse seo le tógáil i gcomhthéacs an tsoláthair atá ar fáil do mo Roinn le fóirdheontais a thabhairt do sheirbhísí éagsúla iompair do na hoileáin ábhartha go léir,” ar seisean.

Is breá le Gaeilgeoirí scéalta faoin nGaeilge

AGUS bás nuachtáin Ghaeilge eile ar na bacáin, ní mór cúpla ceist a chur maidir le chur chuige na hearnála a phlé. Ceann acu ná an teannas síoraí idir ‘nuacht faoin nGaeilge’ nó ‘nuacht i nGaeilge’.

Deir neart daoine go mbíonn agus go raibh an-iomarca plé faoin teanga i nGaelscéal agus nuachtáin eile a tháinig roimhe. Cás é seo ina mbíonn an rud a deir daoine agus an rud a dhéanann daoine ag teacht salach ar a chéile.

Tá a fhios ag foireann Ghaelscéal go díreach ceard iad na scéalta is mó tóra ar shuíomh idirlín an nuachtáin - scéalta faoin nGaeilge. Is scéalta faoin teanga a mheall níos mó amas ná scéalta ar bith eile.



Nuacht faoin nGaeilge nó Nuacht i nGaeilge - cé acu ab fhearr leat?

Is amhlaidh a bhí sé leis an leagan clóite. Thit díolachán nuair nach raibh scéal faoin nGaeilge nó faoin nGaeltacht ar an bpríomhleathanach.

Is scéalta faoin nGaeilge formhór ollmhór na scéalta a tharraing aird na meán Gaeilge eile. Is fíorannamh go deo a iarradh ar bhall den fhoireann labhairt ar chláracha raidió faoi scéal nó gné-alt nár bhain leis an teanga.

Ní hé nach raibh scéalta nó gné-ailt fiúntacha nár bhain leis an teanga nach raibh suim ag éinne iontu.

Rinne an Daily Mail scéal bunaithe ar thuairisc eisiach a bhí againn faoin mbaol dóiteáin a bhaineann le hOspidéal

Máithreachais Choláiste na hOllscoile Chorcaí. D’fhoilsigh an Journal.ie leagan Béarla de ghné-alt a bhí againn faoi fhoréigean in éadan ban, alt a mheall 10,000 amas ar an suíomh sin.

Is é sin an taithí atá ag Gaelscéal ar an gceist seo, gur aoibhinn le Gaeilgeoirí scéalta faoin nGaeilge. Ach ar cheart go gcuirfeadh sé seo iontas ar dhuine ar bith?

Maith dom é mar sin má tá níos mó alt faoi chúrsaí Gaeilge san Oireachtas mar chuid den cholún seo ar feadh píosa - ní hé go bhfuil éinne eile chun tuairisciú a dhéanamh air, seachas b’fhéidir, gearán ó iriseoirí eile go bhfuil - uafás na n-uafás - an Ghaeilge á labhairt sa Dáil.

“Maidir le hiriseoireacht na Gaeilge: ní bheidh tú riamh saibhir”



Deaglán de Bréadún

Labhair **Concubhar Ó Liatháin** le **Deaglán de Bréadún**, a d'éirigh as a dhualgais leis an 'Irish Times' ar na mallaibh

Má tá a leithéid de rud ann agus treabh d'iriseoirí na Gaeilge, is é Deaglán de Bréadún Taoiseach na treibhe sin.

Bhí sé ina cheannródaí in iriseoireacht na Gaeilge nuair a thosnaigh sé ag scríobh an cholúin, Tuarascáil, don 'Irish Times'.

Bhí sé ina thuairisceoir speisialta don 'Irish Times' le linn na gcainteanna a raibh Comhaontú Aoine an Chéasta mar thoradh orthu agus d'fhoilsigh sé leabhar, the 'Far Side of Revenge', a rinne cur síos údarásach ar an bpróiseas stairiúil sin.

Chuaigh sé ansin ar dualgas chun na Rúise mar a ndearna sé tracht ar go leor athruithe stairiúla ansin agus, nuair a d'fhill sé, bhí sé ina thuairisceoir sinsearach ar pholaitíocht na tíre leis an 'Irish Times'.

Tá sé anois tar éis éirí as a phost san 'Irish Times' ach beidh sé ag treabadh leis i ngort na hiriseoireachta, Gaeilge agus Béarla. Seo agallamh a rinne sé le **Concubhar Ó Liatháin**

Bíonn go leor scéalta diúltacha i leith na Gaeilge sna meáin Bhéarla (agus scéalta á bhfreagairt sna meáin Ghaeilge) agus an chuma ar an scéal go bhfuil tromaíocht á dhéanamh ar an nGaeilge ar láimh amháin (agus, ar an lámh eile, go bhfuil na meáin Ghaeilge róghoil-lúnach)

Mar dhuine atá ag obair sna meáin Bhéarla le fada, cad é do bharúil ar an dearcadh atá ag na meáin Bhéarla i leith na Gaeilge? An mbaineann siad sásamh as corric a thabhairt don Ghaeilge?

Cad é an slí is fearr chun dul i ngleic le hionsaithe sna meáin Bhéarla ar an nGaeilge, dar leat?

Nó ar cheart neamhiontas a dhéanamh dá leithéid?

Ní dóigh liom go bhfuil aon chlár ceilte (nó oscailte) in aghaidh na Gaeilge sna meáin. Bíonn corrscéal á fhoilsiú a thugann léargas nach bhfuil iomlán fabhrach ar an chéad teanga oifigiúil agus rudaí a bhaineann léi. Ní dóigh liom gur chóir do Ghaeilgeoirí a bheith róchorraithe fúthu. Ag an am céanna, tá ceisteanna ann faoi na bealaí éagsúla a chaitear airgead chun tacú leis an dteanga. An bhfuil bealaí níos fearr ann? S'é mo thaithí féin go bhfuil iriseoirí i gcoitinne fabhrach go maith don Ghaeilge, in ainneoin nach bhfuil Gaeilge líofa ag gach éinne acu.

Cén uair a thosnaigh tú ag iriseoireacht? Cad a mheall i dtreo iriseoireacht na Gaeilge thú?

Bhí spéis agam i gcónaí san iriseoireacht agus bhíos ag scríobh i bhfoilseacháin éagsúla ag an ollscoil. Bhí píosaí agam san iris "Hibernia" agus thosaigh mé ag obair mar fho-eagarthóir "ócáideach (casual)" ar na leathanaigh airgeadais san 'Irish Times' i mí Bealtaine 1977.

Bhí tú i d'eagarthóir ar Thuarascáil an 'Irish Times'. Cad a theastaigh uait féin agus ón nuachtán a bhaint amach nuair a bunaíodh an colún Gaeilge sin? Ar éirigh libh, dar leat?

Ní mise a bhunaigh Tuarascáil. Bhí an colún á fhoilsiú le tamall maith de bhlianta sular tháinig mé i gceannas. Bhí Eileen O'Brien, iriseoir den scoth, i bhfeighil an cholúin ach fuair sí bás ag deireadh na bliana, 1985.

Roinnt mionna ina dhiaidh sin, thosaigh mise á chur le chéile.



John Hume i mbun cainteanna roimh shocrú Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Tá ardmholadh faighte ag leabhar Dheagláin de Bréadún, 'The Far Side of Revenge' a bhain leis an bpróiseas síochána. GRIANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

Ní dóigh liom go bhfuil aon chlár ceilte (nó oscailte) in aghaidh na Gaeilge sna meáin. Bíonn corrscéal á fhoilsiú a thugann léargas nach bhfuil iomlán fabhrach ar an chéad teanga oifigiúil agus rudaí a bhaineann léi. Ní dóigh liom gur chóir do Ghaeilgeoirí a bheith róchorraithe fúthu.

Méadaíodh an spás faoi dhó agus bhí cartúin agus comórtais focal ann chun tuilleadh léitheoirí a mhealladh.

Is cuimhin liom go raibh comórtas againn chun leagan Gaeilge a fháil ar an bhfocal "Yuppie" agus gur bhuaihn an duine a chuir isteach "Suasógaí". Cinn eile: Nixer - Breisín; Foodie - Duine le bia; Hello Money - Fiacha na Fáilte.

Tar éis tamaill, fuair mé an teideal Eagarthóir Gaeilge agus chaith mé thart ar chuig bliana ag obair dhá lá sa tseachtain ar 'Thuarascáil' agus na colúin eile Gaeilge. An chuid eile den am, bhíos ag tuairisceoireacht i mBéarla. Bhí éileamh maith ón bpobal ar na colúin Ghaeilge.


Tá a thuilleadh forbartha déanta ag an 'Irish Times' ar an soláthar Gaeilge le 'Bileog'. An bhfeiceann tú an lá go mbeidh nuachtáin náisiúnta eile ag leanúint an tsampla sin?

Ní fheicim go ceann tamaill. Braitheann sé ar staid na gluaiseachta Gaeilge - fás na nGaelscoileanna, ach go háirithe.

Cad a cheapann tú de staid na hiriseoireachta Gaeilge/nuachtáin Ghaeilge faoi láthair? An bhfuil todhchaí acu?

Bíonn siad i gcónaí spéisiúil. Beidh an Ghaeilge agus iriseoireacht na Gaeilge ann i gcónaí ach tá spiorad agus fuinneamh nua de dhith ionas go dtiocfaidh fás agus borradh ar an dteanga.

Bhí tú i d'Eagarthóir an Tuaiscirt don 'Irish Times' le linn na gcainteanna as ar eascair Comhaontú Aoine an Chéasta agus tá leabhar údarásach scríte agat ar an bpróiseas sin, 'Far Side of Revenge'. Cúig bliana déag níos faide chun tosaigh agus tá deireadh, nach mór,



le foréigean ó Thuaidh - cad é do thuairim faoin todhchaí don gComhaontú agus don bpróiseas? Tá go leor tuartha éadóchais ann, is dócha, easaontas na mbrat, na heasaontóirí poblachtacha, an Feidhmeannas dífheidhmeach. Cad iad na tuartha dóchais, dar leat?

Tá folús polaitiúil ann atá sách dainséarach. Caithfear níos mó dul chun cinn a dhéanamh ar an leibhéal polaitiúil agus ag Stormont, ach go háirithe. Is trua nach gcuirtear spéis sa Tuaisceart ar an leibhéal idirnáisiúnta ach amháin nuair a bhíonn léirsithe sráide nó ionsaithe marfacha ar phóilíní i gceist.

Tá go leor díospóireachta sna meáin faoi láthair mar gheall ar an 'gcoimhlint' idir na meáin shóisialta/nua agus na meáin thraidisiúnta. An bhfuil spéis agat sa díospóireacht sin? Agus tú ag eirí as, an bhfuil tú den tuairim gur maith an rud é go bhfuil tú ag eirí as anois agus an gnó seo ag eirí i bhfad Éire-

ann níos plódaithe agus truailithe le fearg agus míchruinneas agus baoth-thuairimíocht?

Bhuel, nílím ag éirí as go huile is go hiomlán: tá beocht sa seanmhadra go fóill, mar a déarfá. Ní fheicim aon "choimhlint" i ndairíre. An t-aon fhadhb atá ann ná seo: conas is féidir airgead réasúnta a shaothrú ón iriseoireacht ar an idirlíon? Caithfear sin a réiteach. Is gráin liom na "trolls" agus an bhaoth-thuairimíocht a luaigh tú agus caithfear líne soiléir a tharraingt idir an raiméis sin agus iriseoireacht cheart, chruinn, phroifisiúnta.

Cérbh é an cuid ba thaitneamhaí de do shaoiléir iriseoireachta? An buaicphointe?

Is dócha na cainteanna faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta: bhí scéal mór ar siúl a lean ar aghaidh ó mhí go mí. Bhí an obair sách crua ach bhaineas sásamh agus taitneamh as ag an am céanna. Bhí comhghleacaithe maithe agam agus bhí meas agam ar na polaiteoirí go ginearálta.

Chaith tú seal sa Rúis, más buan mo chuimhne. Ar thaitin sé leat?

Thaitin go mór, cé go raibh sé dúshlánach go leor. Tá an aimsir sách dian, mar is eol duit, ach is daoine ar leith iad na Rúisigh, le tréithe atá thar a bheith tarraingteach - fial, flaithiúil, cairdiúil, cróga.

An bhfuil aon chomhairle agat d'iriseoir óg ag tosnú san ghnó seo? Aon chomhairle d'iriseoirí na Gaeilge/do nuachtáin Ghaeilge?

Má tá an "galar" nó an "fiabhras" ort, níl an tarna rogha agat: bain triail as, ach ba dheas an rud é dá mbeadh cailíochtaí i réimse eile agat - ar eagla na heagla. Maidir le hiriseoireacht na Gaeilge: ní bheidh tú riamh saibhir ach bainfidh tú sásamh agus taitneamh as, cuid mhaith den am.

[Nóta, rinneadh an t-agallamh seo sula bhfuarthas scéal faoi dheireadh dheontas Ghaelscéal]



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Iarrtar iarratais ar na poist seo a leanas:

**Léachtóir Téarma Socraithe le Raideolaíocht
– Post Páirtaimseartha (0.3 FTE)**

Léachtóir Téarma Socraithe le Paiteolaíocht

Spriocdháta: Déardaoin, 21 Feabhra 2013

Sonraí/nós imeachta Iarratais:

Chun eolas breise a fháil agus chun iarratas a dhéanamh ar an bpost thuas téigh chuig www.nuigalway.ie/about-us/jobs/

*Is fostóir comhionannas deiseanna í
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*



www.nuigalway.ie

NUAHT RÉIGIÚNACH

NUAHT CHONNACHT

Gan mórán aird ar Ros an Mhíl i Roinn na Mara anois

Máirtín Ó Catháin

IS cosúil gur beag seans atá ann anois go gcuirfear airgead Stáit ar fáil le forbairt mhór a dhéanamh ar chalafort Ros an Mhíl. Tá leidí ann nach bhfuil Roinn na Mara ag iarraidh calafort domhainmhara a dhéanamh ann.

Tugadh cead pleanála le haghaidh doimhniú an chalafoirt roinnt blianta ó shin ach theastódh os cionn scór milliún euro leis an obair sin a dhéanamh.

Ceaptar gur mo luí atá ag feidhmeannaigh i Roinn na Mara leis an bplean atá ag comhlacht chalafort na Gaillimhe ná atá acu le pleananna Ros an Mhíl. Cuirfear iar-



Céibh Ros an Mhíl

ratas ar aghaidh faoi cheann dhá mhí chuig an mBord Pleanála ar chead pleanála le haghaidh an chéad chéim den fhorbairt i nGaillimh.

Má éiríonn leis an iarratas sin - agus má tá comhlacht an chalafoirt i nGaillimh in ann ag cuid mhaith den chostas - ceaptar go bhfágfar Ros an Mhíl ar deireadh.

Tugadh leide eile faoi sheasamh chalafort Ros an Mhíl le gairid freisin nuair nár cuireadh san áirímh é sna príomhrannóga i dtuarascáil Stáit a bhain le seirbhísí d'ionaid fuinnimh amach ón gcósta. Bheadh seirbhísí d'ionaid ola, gáis, gaoithe agus a leitheide i gceist anseo.

Chuir an Teachta Dála Seán Kyne

tuairiscí faoi seo i Roinn na Mara ar iarratas ó Choiste Tacaíochta Chalafort Ros an Mhíl ach ní cosúil go raibh mórán de thoradh air sin.

Chuir an tAire Mara a bhí ann san am, Frank Fahey, borradh faoi fhorbairtí ar chalafort Ros an Mhíl deich mbliana go ham seo agus bhí cúpla céim eile sna pleananna - an calafort domhainmhara ina measc.

Ach chaill Fahey an Aireacht sin théis an Olltoghcháin in 2002. Cé gur dearnadh roinnt den obair a bhí geallta aige ina dhiaidh sin, ar nós na gcéibheanna nua le haghaidh na mbád farantóireachta, thit an chuid eile i léig. Bhí an calafort domhainmhara i measc na n-oibreacha sin nach ndeachaigh chun cinn.

Ní féidir stádas an bhóthar ó thuaidh a laghdú, a deir Ó Cuív

Máirtín Ó Catháin

CAITHFEAR coinneáil leis an teorainn luais do bhóithre náisiúnta - sin 100 ciliméadar san uair - ar an bpíosa bóthair idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard, a deir an Teachta Dála Éamon Ó Cuív.

Ag labhairt dó faoin gconspóid a bhaineann leis an gcaighdeán atá leagtha amach don phíosa bóthair seo, dúirt an Teachta Ó Cuív nach féidir le hÚdaráis na mBóithre eisceacht a dhéanamh don bhóthar idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard ó thaobh cúrsaí luais de. Tá eolas tagtha chun cinn go bhfuil an chuid seo den N. 59, sin é an príomhbhóthar idir Gaillimh agus an Clochán, á leagan amach sa gcaoi agus go mbeadh sé feiliúnach do luas 85 ciliméadar san uair, ar a mhéid. Bheadh sin 15 ciliméadar níos moille ná an gnáthluas ar bhóthar a bhfuil stádas náisiúnta den dara grad aige - mar atá ag an mbóthar seo.

Tionólfar Éisteacht Phoiblí de chuid an Bhoird Phleanála faoi fhorbairt an bhóthair seo ar an 18ú agus an 19ú lá den mhí seo. Dúirt foinsí i gComhairle Contae na Gaillimhe scaitheamh ó shin go mbeadh sé deacair ag Comhairleoirí Contae seasamh le teorainn luais níos airde ná mar atá leagtha síos sa múnla don

bhóthar. Cuireadh ceisteanna ar Stiúrthóir Bóithre Chomhairle Contae na Gaillimhe faoin ábhar an tseachtain seo caite ach níor thug seisean aon deimhniú go mbeadh cead tiomána ag 100 ciliméadar san uair ann. Dúirt sé gur bóthar maith a bheadh ann ach go raibh constaicí ann ó thaobh fhorbairt an bhóthair go dtí an caighdeán 100 ciliméadar in áiteacha.

Dúirt Éamon Ó Cuív - duine de Theachtaí Dála Ghaillimh Thiar - go bhfuil teorainneacha luais leagtha síos do na bóithre náisiúnta ar fud na tíre agus go gcaithfear cloí leis sin ar an N. 59.

“Má tá sé i gceist laghdú a dhéanamh ar an luas ar an mbóthar seo chaithfí scrúdú a dhéanamh ar bhóithre na tíre,” a dúirt an Teachta Ó Cuív, “agus teorainneacha luais a leagan síos de réir chaighdeán na mbóithre. B’shin rud nua ar fad,” arsa Ó Cuív.

Dúirt an Teachta Ó Cuív gur cheart do Chomhairleoirí Contae Chonamara mionscagadh a dhéanamh ar na pleananna don N. 59 agus freastal ar an Éisteacht Phoiblí.

“Ba cheart dóibh a chinntiú go bhfaighfí an caighdeán is fearr is féidir a fháil sa bhforbairt atá le déanamh,” arsa Ó Cuív.

Comhráití faoi cheist airgid chalafoirt Árann

Máirtín Ó Catháin

TÁ comhráití ar bun idir fheidhmeannaigh Chomhairle Contae na Gaillimhe agus feidhmeannaigh na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i gcónaí faoin airgead a caitheadh ar chéibh in Inis Meáin agus ar chalafort Chill Rónáin.

Chaith Comhairle Contae na Gaillimhe os cionn €8m. níos mó ar an obair sin ná mar a bhí ceadaithe dóibh i ndeontais na Roinne; bhíodar ag súil go bhfaighfí an t-airgead breise seo a caitheadh ar ais ón Roinn.

Dheimhnigh an tAire Stáit, Donncha Mac Fhionnlaoich, do Ghaelscéal an tseachtain seo go bhfuil comhráití ar bun faoin ábhar. Ach dúirt an tAire Stáit nach bhféadfadh sé aon bhlais eile a rá faoi agus ní fhéadfadh sé a rá cén uair a bheadh deireadh leis na cainteanna seo.

Sa gcás agus go dtitfeadh an costas nó cuid mhór dó - ar Chomhairle Contae na Gaillimhe bheadh drochb-



An Caladh Mór, Inis Meáin

hail ar an gciste sin acusan in 2013. Ach dá dtarlódh sé go mbeadh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ag íoc an airgid bhreise seo bheadh iarraidh mhór faighte ag an

gciste sin acusan freisin.

Chosain an obair ar Chéibh Chill Rónáin €48m. agus chosain an obair ar an gCaladh Mór in Inis Meáin os cionn €8m.

NUACHT LAIGHEAN

Baile Átha Cliath

‘Tionól na Gaeilge’ i gCluain Dolcáin

BEIDH ‘Tionól na Gaeilge’ á reáchtáil ag Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin, Dé Sathairn, an 23ú lá den mhí seo. Tá sé á eagrú mar chuid de Thóstal 2013 agus mar chomóradh ar an Oireachtas a bhí ar siúl sa bhruachbhaile in 1991.

Beidh imeachtaí éagsúla ar siúl le linn an tionóil, idir cheol, rince seite, damhsa agus amhránaíocht ar an sean-nós agus eile.

Reáchtáladh Oireachtas na Gaeilge in Áras Chrónáin in 1991 agus tá go leor de na daoine a bhí páirteach sna comórtais ag an am sin ag filleadh ar Chluain Dolcáin don Tionól.

Ina measc tá buaiteoir Chorn Uí Riada in 1991, Lilis Ó Laoire, agus an craoltóir iomráiteach Mairtín Tom Sheáinín.

“Chuaigh muid ó thuaidh, ó dheas, siar agus soir chun na haíonna a fháil agus tá muid ar bís leo siúd atá ag teacht,” arsa Lile Ní hAnnracháin, atá ag eagrú na himeachta i gcomhar le hÁras Chrónáin.

“Ba ag Oireachtas na Gaeilge in 1991 a chuala mé Mairtín Tom Sheáinín beo den chéad uair agus chuaigh sé i bhfeidhm orm go mór.”

Beidh Nell Ní Chróinín, a bhuaigh Gradam Amhránaí na Bliana de chuid TG4 anuraidh, i láthair ag an tionól mar aon le hamhránaí eile ó Mhúscraí, Máire Ní Chéilleachair, a

bhuaigh Comórtas Amhránaíocht Sean-Nóis na mBan ag an Oireachtas tráth agus atá i mbun na scéime amhránaíochta Aisling Gheal faoi láthair.

Beidh an t-amhránaí ó Rinn Ó gCuanach, Aodán Ó Ceallaigh, ann chomh maith.

Cuirfidh Marian Ní Chonaola ó Chonamara ceardlanna rince ar an sean-nós ar siúl i rith an lae agus beidh sí i mbun damhsa í féin istoíche.

Beidh an banna ceoil Na Jeremiahs agus mic léinn ón gcúrsa ceoil traidisiúnta i gColáiste Breisoideachais Bhaile Formaid ann chomh maith.

Tá ríméad ar na heagarthóirí go bhfuil daoine mór le rá ón nGaeltacht ag teacht chun na hardchathrach.

“Tá an tobar á thabhairt chugainn in ionad muidne a bheith ag dul chuig an tobar,” arsa Lile Ní Annracháin.

“Tá muid ag súil go mór leis an imeacht. Tá fáilte roimh dhaoine ó gach cearn den tír a theacht chuig an tionól. Beidh bia agus dí den scoth ar fáil agus beidh oíche go maidin ann,” arsa Lile.

Dúirt sí freisin go síleann sí go bhfuil sé in am Oireachtas na Gaeilge a reáchtáil i mBaile Átha Cliath arís.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin Tionól ó Áras Chrónáin ar 01 4574847.



Beidh Mairtín Tom Sheáinín ag canadh ag Tionól na Gaeilge i gCluain Dolcáin ar 23 Feabhra.

Agallaimh do Ghaelscoil Cholmcille i mBaile Átha Cliath



Gaeilscoil Cholmcille i gCúlóg.

BEIDH agallaimh á n-eagrú do thuismitheoirí atá ag iarraidh a bpáistí a chur chuig Gaeilscoil Cholmcille sa Chúlóg i mbliana.

Níl ach ocht spás ar fáil do na teaghlaigh a bheas ag dul faoi agallamh de bharr go bhfuil 24 páistí le deirfiúracha agus deartháireacha sa scoil cheana

féin ag tosú ann i mí Mheán Fómhair seo chugainn. Chláraigh tuismitheoirí thart ar 140 dalta ar liosta feithimh na scoile i dtús ama agus tá 30 teaghlach ag léiriú spéise ann go fóill. Tabharfar tús áite do theaghlaigh le Gaeilge agus do pháistí atá ag freastal ar naíonraí Gaeilge.

Comórtas Amhrán Pan-Cheilteach

REÁCHTÁIL fear an babhta náisiúnta den Chomórtas Amhrán Pan-Cheilteach i gCeatharlach Déardaoin, 7 Feabhra. Beidh an t-iarratas Éireannach á roghnú chun aghaidh a thabhairt ar an gcomórtas idirnáisiúnta i gcoinne amhráin ó na tíortha Ceilteacha eile, Albain, an Bhreatain Bheag, Manainn, Corn na Breataine agus an Bhriotáin.

Fiche amhrán nuachumtha a bheidh sa chraobh náisiúnta agus measfar na hamhráin ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur i láthair. Gheobhaidh an buaiteoir €1000 agus an onóir ionadaíocht a dhéanamh d’Éirinn sa Chomórtas Idirnáisiúnta PanCheilteach a bheidh i gCeatharlach i mí Aibreáin.

Tá éagsúlacht amhrán san áireamh don chraobh, idir amhráin thraidisiúnta agus pop, idir cheol tíre agus rac-cheol. Bhuaigh an Ciarraíoch, Méabh Ní Bheaglaoich, ó Ghaeltacht Chorca Dhuibhne an chraobh anuraidh agus fillfidh sí arís an bhliain seo leis an amhrán ‘Cailín Deas’ a chum a haintín, Eilín Ní Bheaglaoich.

Beidh an comórtas ar siúl in Óstán an Seven Oaks ar a hocht a chlog agus beidh costas €10 ar na ticéid. Tá siad ar dhíol trí Amharclann G.B. Shaw agus is féidir iad a cheannach ar líne ar www.gbshawtheatre.ie nó thar an nguthán ar 059 9172400.



Méabh Ní Bheaglaoich, a bhuaigh an Comórtas Amhrán Pan-Cheilteach anuraidh.

NUACHT NA MUMHAN

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

'Ag dul siar ar Fad'

SEOLFAIDH Breandán Feirtéar, iarcheannaire Raidió na Gaeltachta agus fear déanta scannán, dlúthdhiosca dár teideal 'Ag dul siar ar Fad' ar a bhfuil fiche amhrán le Labhrás Mac Síthigh, ná maireann, ar an Satharn seo chugainn, an 9ú lá, ar a 8.30 a chlog in Aonad an Bhlascaoid i nDún Chaoin.

Beidh fiche leathanach ag dul leis an saothar a thionscnaigh Comharchumann Dhún Chaoin ar a mbeidh cúntas agus focail na n-amhrán. Tá 74 neomat ar an ndlúthcheirnín. Bhíodar ag cuimhneamh ar feadh tamaill dhá dhiosca a dhéanamh ach, tar éis cuid dos na hagallaimh a chiorrú, bhíodar ábalta gach a raibh uathu a bheith ar aon dhiosca amháin.

Saolaíodh Labhrás Mac Síthigh i mBaile an Ghleanna i nDún Chaoin sa bhliain 1909. D'aistrigh triúr den gclann agus é féin, ní raibh aon duine pósta san am, go dtí Baile Ghib in 1937. Phós Labhrás Caitlín Ní Bheoláin ó Ghleann Fán, paróiste Fionn Trá, sa bhliain 1943 agus bhí ceathrar clainne orthu.

Fuair Labhras, a cloistear ag amhránaíocht go minic ar Raidió na Gaeltachta, bás sa bhliain 1997. Phós iníon dó Caitlín, Míchéal Feirtéar ó Chom Dhíneol, Dún Chaoin; tá duine den gclann i mBaile Átha Cliath, duine san Astráil agus duine eile i gCalifornia SAM.

Is ó chartlann Radio na Gaeltachta na hamhráin atá ar an ndiosca.

"Beidh oíche cheoil agus caidrimh Tigh Khrugair ina dhiaidh," arsa Seán Ó Cinnéide, Cathaoirleach Chomharchumann Dhún Chaoin. Tagann an seoladh seo le deireadh seachtaine Lá 'le Gobnait.

Ardú croí

"MÁ tá aon ócáid a bhaineann an ghruaim agus an bhreidhil de mhuintir Chorca Dhuibhne an t-am seo bliana is deimhin gurb í Scoil Cheoil an Earraigh an cumast," arsa Criostóir Ó Córdubh ó Bhaile an Fhiadhnaigh, "mar sin, beidh an faoiseamh chughainn go luath." Beidh an scoil ar siúl i mbliana ón gCéadaoin, an 13 Feabhra, go Domhnach an 17ú lá.

"Is í Ríonach Ní Ógáin a sheolfaidh an scoil, tráthnóna Dé Céadaoin agus leanfaidh seisiún mór amhránaíochta ina mbeidh an fear lách geaúil ceolmhar Seán Garvey mar aoi fé leith. Beidh Nollaig Ó Maoileoin ina 'Fhear an Tí'. Ar an nDéardaoin an Aoine agus an Satharn, beidh rang comhrá agus caidrimh Gaolainne ann le Dónal Mac an tSíthigh ina bhun agus an dála céanna i gcás rang comhrá Gáidhlice fé stiúir Ailean Domhnallach.

Beidh ceardlann amhránaíochta Gáidhlice ann fé stiúir Mairi Nic a' Ghobhainn. Beidh ranganna ar an sean-nós, amhránaíocht agus rince, mar aon le uirlisí ceoil ann gach lá.

Beidh ceolchoirmeacha ann agus ceoltóirí ó gach cúil sa tír, ach i mbliana beidh ceoltóirí ó Cymru, Galicia, An Iorua agus an Eastóin comh maith. Is liodán le háireamh iad siúd a bheidh ag glacadh páirte, go leor acu a bhfuil sár-aithne orthu, mar Róisín Ní Mhainnín, Charlie Pigott, Cillian Ó Briain, Muireann Nic Amhlaoibh, Ciarán Ó Maonaigh, Dreoilín Shráid Eoin, Caoimhín Ó Raghallaigh, Oisín ó hArtáin, Aoife Granville, Brian O'Leary, Seosamh Ó Críodáin, Johnny Mháirtín Learaí, Danny Meehan, Laoise Kelly.....agus níl a leath ansan.

Is iad Breannán Ó Beaglaigh agus Niamh Ní Bhaoill a bhíonn i mbun agus i mbarr na Féile agus go dtí seo óna gcloisimid ó chách, is sár-ócáid ar fad í." Ní bheadh an Fhéile ina ceart gan Cór Chúil Aodha agus Peadar Ó Riada. "Is diail na daoine iad," arsa an t-amhránaí Ben Ó Loinsigh. Is féidir

Aispeist nochtaíthe mar gheall ar dhochar stoirme

Concubhar Ó Liatháin

BHÍ ar chomhlacht speisialta a theacht chun an díon aispeiste a bhí ar Halla Chúil Aodha a bhaint anuas tar éis gur séideadh poll ann le linn stoirm na seachtaine seo caite. Deineadh dochar don díon le linn gála gaoithe oíche Dé Céadaoin agus deineadh damáiste don tsíleáil agus don urlár laistigh.

Nuair a tógadh an halla - nó Áras Éamonn Mac Suibhne - in 1956, ní raibh aon chonspóid faoi úsáid aispeiste ar fhoirgnimh phoiblí.

Úsáidtear an Halla i gcóir a lán imeachtaí pobail agus ba é an tAonach Poiblí, eagraithe ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí, an imeacht dheireanach bhí ann.

"Beidh sé tamall sula mbeimid ábalta imeachtaí a reáchtáil sa Halla arís agus is mór an trua é sin,"



Saineolaithe aispeiste ag baint an chuid eile den díon de Halla Chúil Aodha an tseachtain seo

arsa Jerh Ó hÉalaithe, Cathaoirleach Chomhaltas Cosanta Chúil Aodha.

"Ach beidh an Halla ar ais i mbarr a mhaitheasa arís le díon nua agus táimid ag súil go mór leis sin."

Tá go leor ar bun ag an gComhaltas Cosanta faoi láthair. Tá plean uailmhianach ag an gComhaltas Cosanta athchóiriú a dhéanamh ar an linn snámha sa cheantar Gaeltachta seo.

eolas breise a fháil ach teagbháil a dhéanamh le scoilcheoil.com.

Tá an t-ospidéal nua (gan ainm) fuar!

Tá go leor ráite fén Ospidéal gan ainm a d'oscail an tAire Sláinte anuraidh sa Daingean ach dúirt urlabhraí linn an tseachtain seo go raibh súil aici go mbeadh an fhadhb san réitithe roimh an samhradh. Beidh allas orainn. Rud eile a cuireadh ar ár súile ná go raibh fadhb leis an dteas i seomraí an na foirne san ospidéal. "Fiú," arsa duine amháin den bhfoireann, "agus tú ag obair sa chistin bheithfeá fuar mar tá fadhb an fhuachta sa chóras 'teasa' agus tá píp a shúnn an teas amach as an gcistin nach féidir a stop. Tá an fhadhb seo ag máinneáil ó roimh Nollaig," ar sé.

Conas in ainm an donais ná réitíodh é?

"Ó, bhíodar ag fanacht le duine a theacht ó Shasana mar is as san a tháinig an trealamh."

Ag tagairt dos na seomraí atá folamh agus go raibh an pobal ag súil go réiteodh an t-ospidéal nua an fhadhb, ní mar sin atá. Bíonn ar othair a bhíonn ag dul i bhfeabhas, nó atá an-aosta, Cill Airne agus bailte mar é a thabhairt orthu féin, mar ná ceadófaí na leापacha san ospidéal sa Daingean a chur in úsáid, cé go bhfuil na seomraí sin á dtéamh gach lá. Seo ceann de an fadhbanna go mbeadh ag díriú mo dhúrachtaí air," arsa an ball nua ó Chorca Dhuibhne ar Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó hAinifin.

"Tógadh an t-ospidéal seo," arsa

Pádraig, "mar Ospidéal Pobail agus fágadh an sean-ospidéal mar ná raibh slí ann d'othair an cheantair. Tá slí san Ospidéal nua, ach níl an líon leapacha fós thar a raibh de leapacha in úsáid sa sean-ospidéal. Mar sin tá suas le 25 leaba úrnua te teolaí sa bhfoirgneamh seo a chosain €16m. ach gan aon othar iontu. "Amaideach," ar sé, "n'fheadraís a leath.

Caithfear cibé luath déanach é, an fhadhb seo a réiteach. Níl ach feicim daoine a bheidh ag taisteal caoga agus seasca míle ó bhaile le hothar a fheiscint nuair a tógadh ospidéal gurb í an bhun-aidhm a bhí leis ná, freastal ar na hothair seo atá i bhfad ó bhaile, i dtimpeallacht gan aithne gan tuiscint ar a nós. Sea, sin an mhór cloch atá ar mo phaidrín," arsa Pádraig, "seachas gach dícheall a dhéanamh don gceantar ar Bhord an Údaráis [na Gaeltachta.]"

Ar díol, Ach...

Tá paidir na mbacach, más fíor a gcloisim, déanta do Choláiste Íosagáin, an foirgneamh agus a thailte go raibh na hoirc agus na hairc le tarlú ann ag rialtas ar rialtas. Ach ar eagla na míthuisceana, níl an coláiste agus an talamh le díol leis an nduine leis an dtairiscint is aoirde.

"Táimid," arsa Bainisteoir Réigiúnach na Mumhan do Údarás na Gaeltachta, Éamon Ó Neachtain gur leo an foirgneamh agus an talamh, "ag súil go dtiocfaidh duine éigin le togra a bheadh tairfeach d'fhostaíocht agus d'eacnamaíocht an cheantair as na tairiscintí. Ba bhreá linn togra maith a aimsiú i ndeireadh an lae."

Mar sin, is léir ná fuil sé i gceist ag an Údarás, Coláiste Íosagáin a

chaitheamh i dtraipisí, ná a dhíol gan ceangal fostaíochta a bheith i gceist.

Cúrsaí Caide na Gaeltachta

Thug An Ghaeltacht smísteáil do Chaisleán an Ghriaire i Sraithchomórtas sinsir caide Chiarraí Thiar, seachtain an Domhnaigh seo caite, cad é, ach bhuaigh na Griairigh go bog ar fhoireann an Daingin ar an nDomhnach seo caite.

Gan dabht, bhí beirt ó fhoireann an Daingin ar dualgas don gcontae i gCaisleán an Bharraigh in aghaidh Mhaigh Eó áit nár dhein Chiarraí aon ghaisce ach oiread. Ná fág an Daingean as an áireamh i ndeireadh an lae.

Bhuaigh an Ghaeltacht ar Lios Póil sa tSraithchomórtas, 0-15 v 0-10 i bPáirc de Baróid i Lios Póil ar an Satharn seo caite. Sin dhá bhua as a chéile ag an nGaeltacht. Tá Abhainn an Scáil agus An Daingean fós rompu.

Tithe gan aibhléis

I ngan fhios don tsaol, bhí scata tithe gan cumhacht aibhléise laethanta an tseachtain seo caite de bharr gaoth mhór.

"Bhí sé go fíochmhar againne," arsa Eibhlín Uí Iarlaithe ó Bhaile an Chailidh.

Fágadh tithe gan solas agus séideadh slinnnte."

Bhí páirt den nDaingean agus tithe ar an Muirig gan cumhacht ar feadh tamaill agus bhí an córas e-phost ag teacht agus ag imeacht go máchaileach i mbailte áirithe. Níor gortaíodh aon duine.

Coláiste Íde

Meánscoil Chónaithe LánGhaelach do chailíní

Lá Oscailte/Open Day

9/3/13

Eolas / Information
Coláiste Íde, An Daingean, Co. Chiarraí
tel: 066 915 1211 www.colasteide.com
email: info@colasteide.com

NUACHT ULADH

Doire

Féile Chaoimhín Uí Dhochartaigh

BEIDH idir ranganna ceoil agus ceolchoirmeacha ar siúl i gCultúrlann Uí Chanáin, Doire, le linn an deireadh seachtaine amach romhainn mar chuid d'Fhéile Chaoimhín Uí Dhochartaigh.

I measc na dteagascóirí a bheas ag cur ranganna ceoil i láthair beidh Laoise Kelly (cruit), Siobhan Peoples agus Josephine Nugent (fidil), Eamonn Cotter (feadóg mhór) agus Steve Cooney (giotár). Comh maith leis na ranganna ceoil beidh dianchúrsa Gaeilge ann mar aon le seisiúin cheoil agus ceolchoirmeacha leis an ghrúpa iomráiteach 'Four Men and a Dog', agus oíche mhór eile le Steve Cooney, Dave Munnely, Mórgha, Gino Lupari agus Dónal Murphy.

Déanfar comóradh ar an cheoltóir agus an gníomhaire cultúrtha, Caoimhín Ó Dochartaigh, de bhunaidh Dhoire, ón 8-10 Feabhra le scoth an chlár ealaíne.

Fuair Caoimhín Ó Dochartaigh bás i mí Mheán Fómhair 2009, rugadh agus tugadh é dTobar an Fhíoruisce. Ceoltóir, múinteoir, eagraí ealaíon agus gníomhaí Gaeilge a bhí ann mar Chaoimhín agus beidh cuimhne air sa chathair mar gheall ar an tsárobair a

rinne sé leis an teanga agus an cultúr Gaelach thar 40 bliain, dar le Mick Ó Hanlon, ceoltóir agus cara le Caoimhín.

“Bhí Caoimhín Ó Dochartaigh mar chuid den chuideachta úd a tháinig le chéile gach seachtain sa seomra thuas staighre i dTábhairne Ghaoth Dobhair ar shráid Waterloo sna seachtóidí. Ní amháin go raibh Caoimhín páirteach sna seisiúin seo ach chuidigh sé leis an chéad chraobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann a bhunú i nDoire,” arsa seisean.

“Ba rud leithleach é an ceangal sin le CCE ag an am, mar ní raibh craobhacha ar bith sa Tuaisceart agus ó na 1950í bhí Comhaltas ag dul i laige agus ba ghá a bhallraíocht a mhéadú fud fad na tíre. Bhí Caoimhín ina chathaoirleach go dtí go bhfuair sé bás agus bhí obair s’aige níos luachmhaire arís chun cruinnithe a eagrú agus spiorad na gluaiseachta a choinneáil beo,” a dúirt sé.

Tá ticéid do na himeachtaí uilig ar fáil ó Chultúrlann Uí Chanáin nó ar líne ag www.culturlann-doire.ie. Cuir scairt ar 02871 264132 nó cuir ríomhphost chuig annemarie@culturlann-doire.ie le haghaidh tuilleadh eolais a fháil.



An grúpa iomráiteach 'Four Men and a Dog' a bheas ag seinm mar chuid d'Fhéile Chaoimhín Uí Dhochartaigh i nDoire ag an deireadh seachtaine.

Ceiliúradh ar ionad nua Gaeilge in Áth na Long, Co. an Dúin

Méabh Ní Thuathaláin

RINNE pobal na Gaeilge i gCo. an Dúin ceiliúradh i rith na seachtaine ar an ionad nua Gaeilge 'Páirc na Mara' in Áth na Long, atá anois réidh le hoscailt.

Tá Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar ag feidhmiú ón lárionad nua agus táthar ag súil go mbeidh an spás in úsáid mar halla pobail agus mar ionad teanga agus cultúrtha ar mhaithe le ranganna agus imeachtaí éagsúla a reáchtáil.

Dar le hOifigeach Gaeilge an cheantair, Caoimhe Ní Chathail, 'tús' atá san ionad seo a thabharfaidh spreagadh don Ghaeilge i gceantair Mhúrn.

“Is leis an bpobal áitiúil an foirgneamh seo agus cuireann muid fearadh na fáilte roimh ghrúpaí ar mhaithe leo leas a bhaint as an fhoirgnimh agus imeachtaí nó ranganna á reáchtáil,” arsa Caoimhe.

Is ceantar é nach raibh Gaeilge luaite leis ar feadh i bhfad, ach tá an teanga ag láidriú i rith an ama, dar le Caoimhe Ní Chathail.

“Tá dea-thoil don Ghaeilge sa cheantar agus tá muid ag obair chun an toil sin a láidriú. Tá grúpaí tuismitheoirí, club óige, cumann iarscoile, scoileanna samhraidh agus imeachtaí trasphobail á reáchtáil againn agus cuideoidh an t-ionad nua go mór linn seirbhísí a fhorbairt don phobal seo,” a dúirt sí.

Bhí daltaí scoile ó Ghaelscoil na mBeann agus Naíscail na mBeann, daoine áitiúla agus ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla a thacaigh leis an tionscadal, i láthair ag an ócáid cheiliúrtha. Dúirt Liam Mag Riabhaigh, cathaoirleach Chumann na nGael, go raibh deis anois acu 'clár ealaíona cuimsitheach' a chur le chéile a rachadh i bhfeidhm ar dhaoine de gach aois.



Páistí óga ag seinm taobh amuigh den ionad nua Gaeilge 'Páirc na Mara' in Áth na Long, Co.Dhoire.

Níor theip riamh ar lucht an mhisnigh

Eoghan Ó Néill ar na páipéir go léir a d'imigh romhainn



N a saolta seo is geall le comhartha laochais don iriseoir Gaeilge maíomh as gur bhain Foras na Gaeilge an deontas díobh agus gur chuir siad a nuachtán go tóin poill. B'fhéidir go bhfuil sé éagórach a chur i leith an Fhorais gur lucht comhairimh na bpónairí iad agus uaireanta go mbíonn siad ag cuntas na bpónairí mícheart. Ach in amanna is mar sin a fheictear don ghnáthGhael é.

Mura dtagann dream éigin i gcabhair ar Ghaelscéal go luath beidh an nuachtán seo luaite in aon abairt feasta le Lá Nua agus Cuisle agus Anois agus Inniu agus Amárach agus go leor eile - nuachtáin agus irisí Gaeilge a chuaigh as gnó cionn is nach raibh straitéis ná tuisceant ná samhlaíocht ná misneach go leor ag Roinn nó Bord nó Foras stáit.

Tá na nuachtáin seo agus a n-oibrithe ar thaobh na nAingeal, dar liom. Thig le daoine áirithe argóint faoi cé acu ba tharraingtí, ba 'theagartha', ba mhó díol, b'úire nuacht, srl.

Ach bhí siad uilig ag iarraidh an rud dodhéanta a dhéanamh agus bhí siad ag tabhairt faoi sin ar bheagán airgid ná tacaíochta. Rinne siad uilig gaisce. Is do lá eile é breathnú ar na meancóga a rinne siad sin agus na laigí a bhí ann.

Tá ceisteanna crua le freagairt ag dreamanna eile inniu, áfach.

Nach raibh oiread agus ball amháin de Bhord an Fhorais, sásta éirí as seachas glacadh leis an chinneadh seo? Níl a fhios agam ar phléigh an bord é sin, níl a fhios agam cad é a shíl aon bhall den bhord ná cad a mhol siad. B'fhéidir gur thóg siad seasamh láidir, nó b'fhéidir nár thóg, ach dá mbeinn ina gcás d'éirínn as.

I gcás an Fhorais, feicimid arís eile an laige atá ann, gur ceapacháin pholaitiúla iad baill an bhoird. Ba cheart go mbeadh roinnt ball neamhspleách ar bhord an Fhorais chun go mbeadh guth ag na daoine sin nach bhfeiceann cás na Gaeilge i gcomhthéacs polaitiúil. An bhfuil aon seans go ndéanfar athstruchtúrú ar bhord an Fhorais feasta chun go mbeadh sin amhlaidh? An bhfuil aon eagrais Gaeilge go fiú ag éileamh a leithéid?

An bhfuil oiread agus deichniúr Gael a shocródh ar dhul i mbun agóidíochta taobh amuigh d'áras an Fhorais nó d'oifig an Taoisigh nó d'áit na cumhachta, féachaint le ceist bheo a dhéanamh de seo?

Agus cad faoi na heagrais Ghaeilge? An bhfuil a gcuid 'stocaiceachta' ag dul ag athrú aon rud

maidir leis an scéal seo?

An ndéanfaidh na heagrais Ghaeilge, a bhí glórach agus trodach faoin tSamhail Nua Mhaoinithe, an ndéanfaidh ceann ar bith acu gníomh seachas caint maidir le Gaelscéal?

Ní dhéanfaidh. Mar is eol dúinn go maith líonfar an folús le caint, caint, caint, díreach faoi mar a tharla le Lá Nua agus foilseacháin eile.

Agus sea, tchím a íorónta is atá sé go bhfuil mise ag caint, caint, caint, fosta.

Ach nuair a d'imigh Lá Nua as gnó chuir buíon beag againn Nuacht24 ar bun, www.nuacht24.com

Ar feadh dhá bhliain chuireamar amach leagan clóite den nuachtán gach seachtain agus nuair nárbh fhéidir leanúint de sin lean muid linn le seirbhís nuachta ar líne, agus tá an tseirbhís sin ag dul ar aghaidh go fóill. Aisfhreagra samhailteach cruthaitheach, más beag féin é, ar imeacht Lá Nua.

An bhfuil dream ar bith a smaoineodh ar aisfhreagra samhailteach cruthaitheach chun go mairfeadh Gaelscéal beo? Nó chun go mbeadh comharba maith ar Ghaelscéal?

An bhfuil dream ar bith de Ghaeil óga a chuirfeadh tús inniu le seirbhís ar líne ag nascadh na mblaganna agus na nuachta a bhíonn ar Twitter agus Facebook agus YouTube agus eile chun seirbhís nua nuachta a thabhairt dúinn? Dream a chuirfeadh suíomh ar bun gan deontas ach a lorgódh deontas dó ar ball de réir mar a láidreodh an tseirbhís?

Seans go dtiocfaidh aisfhreagra éigin.

Tá an milleán le scaipeadh thart go forleathan más mian le duine ar bith an milleán a scaipeadh as imeacht Ghaelscéal agus as imeacht na bhfoilseachán eile roimhe.

Thig a rá go raibh caighdeán níos fearr ná a chéile ag roinnt de na foilseacháin ach ar an mhórchuid bhí siad uilig fiúntach agus daoine maithe ceangailte leo. Na laigí a bhí ann bhí siad inréitithe ach am a bheith acu lena réiteach agus sea, in amanna, níos mó airgid a bheith acu lena réiteach.

Tá nuachtáin agus foilseacháin Ghaeilge faoi mhíbhuntáiste.

Ní hionann agus tíortha eile, ní bhíonn díol ar nuachtán Gaeilge san áit is mó a labhraítear an teanga - sa Ghaeltacht!

Lena chois sin, diúltaíonn bunús na nGaeilgeoirí sa Ghalltacht a aithint go bhfuil aon dualgas orthu ó thaobh athbheochan na teanga de ach go labhraíonn siad an teanga nuair a oireann sé dóibh, rud nach bhfuil fíor faoi chuid mhór de lucht



An iris 'Cuisle'



An leagan clóite de 'Nuacht 24'

labhartha a dteanga féin i dTír na mBascach nó i gCymru.

Dar liom go bhfuil sé de dhualgas orm cuidiú an oiread agus is féidir le tionscnaimh fhiúntacha Ghaeilge mar go gcuideoidh sin le tógáil pobail. Agus ciallaíonn sin go ndéanaim m'airgead a infheistiú i bhfiontair Ghaeilge an oiread agus is féidir chun go mairfeadh siad agus go dtreiseodh siad.

Ní hionann sin is a rá go ndéanaim neamhaird go deo do

caighdeán nó d'fhiúntas. Ach ní féidir cur le caighdeán an rud atá imithe as gnó cionn is nár thacaigh tú leis ón chéad lá riamh.

Agus ar ndóigh is éigean do gach duine againn glacadh leis go bhfuil nuachtán Gaeilge ag brath, go príomha, orainne. Ormsa agus ortsa.

Mhairfeadh INNIU nó ANOIS, nó Lá laethúil nó Lá Nua nó Gaelscéal nó aon nuachtán Gaeilge eile dá raibh riamh ann ach níos mó Gaeil-

Ach bhí siad uilig ag iarraidh an rud dodhéanta a dhéanamh agus bhí siad ag tabhairt faoi sin ar bheagán airgid ná tacaíochta. Rinne siad uilig gaisce. Is do lá eile é breathnú ar na meancóga a rinne siad sin agus na laigí a bhí ann. Tá ceisteanna crua le freagairt ag dreamanna eile inniu, áfach.

geoirí a lámh a chur ina bpóca. Dá mbeadh go fiú an céadú cuid den phobal sin a mhaíonn go bhfuil Gaeilge acu am an daonáirimh, dá mbeadh siad sin sásta an nuachtán a cheannacht gach seachtain bheadh Lá nó Lá Nua beo i gcónaí.

Tá nuachtán laethúil Bascaise faoi rath, Berria, ní cionn is go bhfuil níos mó iriseoirí maithe ag na Bascaigh nó cionn is go bhfuil siad níos saibhre ná muidne Éireannaigh, nó cionn is go bhfuil siad níos cliste ná muid.

D'éirigh leo cionn is go ndearna siad tosaíocht de nuachtán, cionn is gur shocraigh siad oibriú as lámh a chéile seachas a bheith ag bitseáil, cionn is gur chuir siad a lámh ina bpóca seachas maíomh nach raibh gach rud ar a sásamh sa nuachtán úr, agus cionn is go bhfaca siad mar dhualgas orthu féin a chinntiú gur tugadh fógra don nuachtán Bascaise nó gur tógadh síntiú nó gur thairg siad cóipeanna a scaipeadh ina sráid s'acu féin.

Is éigean dúinne déanamh amhlaidh.

Thig le nuachtán seachtainiúil maith Gaeilge a bheith againn, bíodh sé clóite nó ar líne. Tíocfaidh sé.

Agus lá éigin amach anseo beidh nuachtán laethúil Gaeilge ann, bíodh sé clóite nó ar líne.

Agus an t-am sin tuigfidh a tábachtachtaí agus a bhí Gaelscéal, Lá Nua, Anois, Cuisle, Inniu, agus fiche dream eile i bhfíorú na haislinge sin.

Gaelscéal an t-íobartach is déanaí



Páidí Ó Lionáird

Seachtain eile agus ualach eile scéalta faoi chlaontacht, fabhair, páirtíneacht agus cinntí rialtais nach bhfuil aon chiall ná réasún leo.

Gheall Enda Kenny don tír, roimh agus i ndiaidh dó oifig an Taoisigh a bhaint amach in Ear-rach 2011, go gcuirfeadh sé deireadh le claonpháirtíocht agus cairdeas fabhair le linn a thréimhse i gceannas.

Fíor nó bréagach? Cár mhaith libh tosú?

Féachaimis ar na scéalta náisiúnta agus ar na cinntí a thóg an Dr James Reilly, an tAire Sláinte amháin, ar mhaithe lena chomhghleacaithe comhaireachta, Brendan Howlin agus Phil Hogan.

Bronnadh obair fheabh-súcháin ar ospidéal i Loch Gar-man agus i gCill Chainnigh d’ainneoin nach raibh gá lena leithéid.

Ní hamháin nach raibh gá lena leithéid ach baineadh geit as feidhmeannaigh na Seirbhíse Sláinte nuair a fógraíodh na feabhsúcháin mar go raibh orthusan dul agus na suimean-na buiséid a athrú thart leis na fógartí a chomhlíonadh.

Níos measa fós, bhí ospidéal eile bainte den liosta d’uasghráduithe riachtanacha mar thoradh ar na socrúithe nua.

Ar ndoigh, ní gá a mheabh-rú do lucht léite an cholúin seo nach é seo an chéad uair do Reilly a theacht faoi spatsolas na meán, mar go bhfuil sé léirithe aige go minic go bhfuil sé de chumas aige a dhá chrúb a shá go doimhin san aoileach.

Níorbh fhada in oifig é nuair a bhí sé ag cur a dháilcheantair féin chun cinn.

Thosaigh sé le céim in airde a thabhairt do stádas bhaile Shoir i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath le bheith ina bhaile aon-aid dianchúraim leighis. Arís, bhí air cur isteach ar liosta a bhí a bhí curtha le chéile ag feidhmeannaigh na Seirbhíse Sláinte i ndiaidh dóibh dian-iniúchadh a bheith déanta acu ar na riachtanais a bhí ann.

Chruthaigh sé seo go leor con-spóide don Aire ach, mar atá léirithe aige, tá craiceann breá tiubh air agus é beag beann ar cheart ná cothrom na Féinne.

Chothódh sé a dhóthain tean-nais sa chomhaireacht ach is léir go bhfuil ciúnas na comhaireachta ceannaithe ag an bpáirtí is cumhachtaí.

INNUI

NUACHTÁN NÁISIÚNTA NA nGAEL

IML. 41. UIMH. 44. 24 LÚNASA, 1984. GACH AOINE 30p

Teachtaireacht on gCairdineal

Focal Scoir

INNUI: 1943-1984

CHONAIC MÉ breith INNUI corr-aidh agus dhá scór bliain ó shin nuair nach raibh ionainn go léir ach stocagh, Bóte an mhaise dom, mar sin, gan mo chloch a chur ar bhur leacht agus an aois ag teannadh linn.

Ach ní h-é an tseanaois a thug bás INNUI. Ní hea, leaga, ach fuar-cháin an Stáit agus páirtíneacht an phobail. Níl a fhios againn ar thug siad riamh cuidé a díoc baile beag tírghrádhóirí ó thaobh ama, saothair agus sláinte chun nuachtán Gaeilge a thabhairt amach gach seachtain bliain i ndiaidh na bliana.

Tuagaim fíor-bhuíochas ó chroí, mar sin, do Tharlach, do Shéamus, do Sheosamh agus do Mháire, do Áine agus do Mháirtín. Cuiriminn le gean ar Phroinsias agus ar Phádraic Ó Gaoira. Gáim trócaire Dé ar Chiarán Ó Nualláin, Seán Mac Cofraith agus Pádraig Ó Dris-cioil.

Níl nuachtán ar bith is mó a thug sáil dom ar feadh na mbliain, i Louisa, i Mí Níod, i Loch Gar-man, i Mháile Átha Cliath agus in Ard Mhacha. Stíl bhríomhar fhuinníúil, díbhar ilchineálach nu-aoiseach, agus an Ghaeilge ag fás i rith an ama.

Cuidé tá i ndán dáinn feasta? Ní maith an tuar dóchais é go bhfuil an uimhir dheireanach buailte linn.

B'FHURASTA DÚINNE, agus an páipéar seo ar chaitheamh ar saol leis a chur chun báis, a bheith searbhach. B'fhurasta do phobal dílis na Gaeilge a bheith éadóchasach agus ath-bheochan na teanga náisiúnta tréigthe ar mhaithe le cur i gceill an "dátéangachais". B'fhurasta do mhuintir na hÉir-cann a bheith doifiosach sna lae-thanta seo agus a dtír deighilt ina dhá chuid, a muintir thuaidh in achrann le chéile faoi ainriall na Breataine agus eacnamaíocht na hÉireann ina hiomláine ag dul ó mhaith agus na caighdeán traidisiúnta mhórálta á ligeán i ndearmad nó á seriosadh d'aon turas.

B'fhurasta dúinne, a deirimid, géilleadh don searbhais, don éadóchas agus don dóillos ach is é ár dtreachtaireacht, agus na focail dheireanacha seo de shóiséal INNUI a scríobh ag-an, gairm sin an fhile a labhair as lár dhorechadas ba gairuama agus ba dhubhál i bhfad ná an eeo seo atá ag lú ar ár dtír ar na saolta seo: "A Róisín, ná bíodh brón ort". D'éirigh Éire arís agus arís eile roimhe seo gur shíúil amach as dorchedas na hoite ag gur thug a laghad go nuinimeach ar fháinne lú dí. Níl amhras orainn ná go mbeidh na tinte ar lasadh go fóill ar chnoc is ar

shliabh, tinte an ollghairdis agus tinte na bua, lá éigin sul má éagann an náisiún seo a mhair leis na mílte bliain trí thréimhst ab anacraí éo mór ná i seo.

Cibé eall ar leith a bhí ag an Yéatsach leis nuair a thréig sé ar the "indomitable Irishry" creidimid gurbh fhlór dó agus nach bhfuil sé i ndán dáinn go luifimis síos go cloite. Is minic cheana a bhí an cine seo faoi charrann smol; ba mhíne cheana bráite sa fáil sinn agus ba mhíne le na focail sin inár mbéal: "Cén fáth dhlítear pian na péine ar aon phór níos mó ná a chéile?" Ach riamh anall bhí sé de shraicth ionainn éirí dár nglúine agus aghaidh a thabhairt uair amháin eile ar ár naimhde agus ar an saol cor-rach.

Sin é ábhar ár ndóchais anois agus sinn ag fágáil slán ag ár léitheoirí agus ag an mhuintir a ndearnamar iarrait riamh treoir agus teagasc euf a shol-athar dóibh sna leathanaigh seo. Tá ár ndóchas feasta as na daoiné óga. Tíocfaidh na feara-con go fóill agus ruaigfidh siad lucht an chur i gceill agus na "measlaicthe", agus bodaigh an Bhéarla is an rachmais, as a mbealach agus cuirfidh siad díli na Críostaíochta agus réim an cheartaíais agus ré na Gaeilge ar bun in Éirinn. Más gá nuair a thíocfaidh sin go dtíocfaidh sé

trom, mar a dúirt an file, bíodh sé mar sin.

Is riachtanach go gcuirfeadh Éire tromlú seo an ghalldachais agus an chaipitleachais idirnáis-iúnta dt. Is riachtanach go seas-fadh si ar a boinn féin cé beag bídeach. Is riachtanach go dtabharfadh si a chinntiú féin in éifeacht. Creidimide ó thug Dis slán sinn as blianta duibh-eagánacha ansmacht Gall gur eadaithe dáinn a mhalomh go raibh agus go bhfuil ár gcinn-iúint féin daite dáinn mar náis-iún. Agus creidimid go bhfuil ár n-óige inchomhaire leis an chinntiúint sin ach iad droim a thabhairt leis an chur i gceill, leis an bheag de mhaith agus leis an bhfíneacht, agus a seasamh a dhéanamh ar theag-ase na bhfeart uasal a rinne amhlaidh i dtús an chéid seo, ag cuimhneamh dóibh go háiri-the ar aidm an Phiairsaigh, Éire saor agus Gaelach, agus ar phrionsabal Uí Chonghaile, "Éire gan a muintir ní ní liom t". Cé fearr bealach leis an scríbhinn seo a chur chu na leis an ráiteas lena chrioch-naigh an bheirt laoch sin agus Forógra na Poblachta á dhreac-hú acu?

"Caithfidh náisiún na hÉir-cann a churthú anois nó riamh lena chaitmácht agus lena smacht agus leis an bhfionn atá ar a chiall iad féin a fobairt ar mhaithe le leas an phobail, gur dtá é an chinntiúint uasal seo is dual dó."

agus an fhoireann fágtha gan fais-néis go fóill. An tír a bhfuil meas aici uirthi féin ní thugann sí masla don chuid sin dá clann a chaith a saol ar mhaithe léi.

Tá sáil againn go n-éireoidh go geat le comharba INNUI agus gáim uach, reth eile, ach ní sé thar a bheith deacair a chur na lú orin-sa gur ghá páipéar anáin a chur chun báis le hocras le páipéar maith eile a chosú go méith. Is treise i gcóntaí péire ná an t-aonar-dín.

Tomás Ó Fiaich

ANOIS ... BEART DE RÉIR A BHRIATHAIR

Chonacthas dáinn nár cheart agus nár chuí an uimhir dheiridh de INNUI a fhóisiú gan cloch eile a chur i gcarr Chiarán Uí Nualláin, bunaitheoir agus Eagarthóir tosaigh an pháipéir, a shaothraigh ar an bhfoireann go lá a bháis. Caitheadh é 23 Feabhra anuraidh, díreach sular shíndiaigh INNUI a 40ú bliain agus san am a raibh an Ollscoil Náisiúnta ar tí Dochtúireacht a bhronnadh air as a obair ar son na Gaeilge.

Eagrán deireanach 'Inniu' ó 1984

Bhí an gné áirithe seo de chaiteachas na Feidhmeannach-ta faoi bhráid agus faoi chúram an Aire Stáit, Róisín Shortall, ach nuair a chuir sise in aghaidh chinneadh James Reilly, tá's againn ar fad cad a tharla di agus thit sí ar a claíomh macán-tachta.

Tá sí fós goilliúnach faoin gceist mar ba léir ar an raidió Dé Satharn seo caite.

Níorbh fhada go gcloisfimis tuilleadh faoi thionchar an Aire úd. Arís bheadh baint aige lena Dháilcheantar féin. An babhta

Deir an Foras go bhfuil "...treochtaí phobal léitheoireachta na Gaeilge ag imeacht go suntasach ó fhormaid na meáin clóite agus tá pleananna á gcur le chéile ag Foras na Gaeilge le freastal a dhéanamh ar na riachtanais seo." Cé hiad i bhForas na Gaeilge a bhfuil an saineolas sin acu?

seo, é ag bronnadh deis caiteachais na gcéadta míle euro ó chiste éigeandála an Chran-nchuir Náisiúnta a bhíonn faoi chúram gach aireacht ar Bhaile Átha Cliath Thuaidh - arís.

Níl i gcás James Reilly ach sampla dá bhfuil ag titim amach sa chomhrialtas ó ghlacadar seilbh ar Dháil Éireann dhá bhli-ain ó shin. Idir é féin agus Phil Hogan, tá catalóg de chinntí claonta agus frith-gheallúintí réamhthoghcháin curtha i gcrích agus gan aon leith-scéal uathu ach an oiread.

Nuair a cuireadh ceist ar an Aire Leo Varadkar, comhghleac-ai páirtí agus comhaireachta, faoin Aire Reilly, d'admhaigh sé go raibh cosúlacht na stróc - pholaitíochta ar an scéal.

Fiú nuair a ceistíodh an tAire Cumarsáide, Pat Rabbitte, faoi gheallúintí réamhthoghcháin a bheith briste, ba é an freagra a bhí aige siúd ná gur "...sin a dhéantar nach ea?" agus leis sin, níl a thuilleadh le rá faoi.

Dé Aoine seo caite, fuairas ríomhphost ó Chiarán Dunbar, eagarthóir an fhoilseacháin seo.

Réamhfhógra preasráitis a bhí ann ag tabhairt le fios go raibh cinneadh glactha ag Foras na Gaeilge deireadh a chur le con-radh maoinithe an nuachtáin Gaelscéal faoi mhí an Mháirta.

Tháinig an scéal seo go comhtheagmhach, ag am baileach go raibh cás theip Phlean Stráitéise 20 bliain na Gaeilge á phlé ag slua a thionól in óstán i gcathair na Gaillimhe.

Tuilleadh fianaise, dá mba gá é, go bhfuil an rialtas seo ag dul siar ar a ngeallúintí réamhthoghcháin. Tuilleadh bréaga.

Deir an Foras go bhfuil "...tre-ochtaí phobal léitheoireachta na Gaeilge ag imeacht go suntasach ó fhormaid na meáin clóite agus tá pleananna á gcur le chéile ag Foras na Gaeilge le freastal a dhéanamh ar na riachtanais seo."

Cé hiad i bhForas na Gaeilge a bhfuil an saineolas sin acu?

Tá seal na deireadh seachtaine caite againn ag fiosrú inniúlacht bhaill boird an Fhorais agus seachas b'fhéidir Áine Ní Chiaráin níl siad ar m'aithne dom a bhfuil saineolas dá lei-théid acu.

An ó bharr an dréimire atá na horduithe seo ag teacht?

Ón Aire féin fiú?

Tá an colún seo againn i ngach eagrán ó thús ama - Márta 2010 - agus cuid mhaith acu ag nochtadh éagsúlacht tuairimí. Cuid acu, ar tuairimí iad nach n-aontóinn féin anois leo.

Bhí sé mar aidhm againn ón tús bheith i mo agent provocateur agus ceisteanna a ardú. Níl aon cheist ach go bhfuil leas dílsithe i gceist anseo ach níl coimhlint leasa dá laghad ann.

In áit a theacht ar réiteach a shásódh an t-éileamh, a bheag is atá sé, comhairle a chur orthu siúd atá ag plé leis agus ag déanamh a seacht dícheall, cin-tear an maoiniú a stopadh agus tosú as an nua arís. Ceachtanna foghlamtha na bhfoirne go dtí sin fágtha ar lár agus gan úsáid.

Níl iomlán na firinne á insint maidir le fáthanna agus cur chuige an chinneadh seo atá déanta ag Foras na Gaeilge, ach ní fada go dtiocfaidh sé chun cinn.

'Tósta' 2013

Conall Ó Móráin
ar 'Tóstal
2013'



Ón tús, teastaíonn uaim a rá nach bhfuilim i gcoinne Tóstal 2013 - agus tá súil agam go n-éiríonn leis an 300,000 cuairteoir breise a mhealladh anseo.

Mar a deir slabhra ollmhargaí Tesco, 'cabhraíonn gach uile chuid' agus tá an chabhair sin ag teastáil ón ngeilleagar againn.

Ach an rud a bhfuilim ina choinne ná bréaga á insint agus grúpsmaointeoireacht gur iontach an tseift é agus nach cóir súil chriticiúil in aon chor a chaitheamh ina threo.

Is rud dainséarach glacadh le hócáid ar a bhfuil sa bhreis ar €5 mhilliún d'airgead an phobail le caitheamh air. Ba chóir dúinn fiafraí an é seo an bealach is fearr le turasóirí a thabhairt go hÉirinn agus is cóir freisin féachaint ar éirigh nó ar theip ar a leithéid do thogra in aon áit eile.

Is de bharr go ndearna mé beagán iniúchta faoin gceist seo go gceapaim gur tósta in áit Tóstal a bheidh ann i mbliana mar nach dtiocfaidh an 300,000 duine sa bhreis orthu siúd a bhí chun a theacht anseo ar aon nós.

Bhí beagán do mhion-scannal in Albain de bharr gur thriail siad an rud céanna a dhéanamh. Bhí togra acu siúd ar ar thug siad an Homecoming Scotland 2009.

Is uathu siúd a fuair muidne an coincheap úr seo - ach is trua nár léigh Cumann Turasóireachta na hÉireann tuairisc EKOS, comhairleoirí eacnamaíochta atá lonnaithe i nGlaschú agus a rinne taighde faoin Homecoming thar ceann pharlaimint na hAlban.

Caitheadh €6.5 milliún ar an Homecoming agus deir EKOS gur thug sé 72,000 duine 'nua' go hAlbain, daoine a dúirt nach raibh siad chun dul go hAlbain murach an Homecoming.

Deacracht amháin fiú leis an uimhir íseal sin ná go ndeir EKOS nach raibh siad in ann teagmháil a dhéanamh le daoine a d'eagraigh cuid mhaith de na hócáidí i rith an Homecoming - sin bealach ag na hiniúcháirí le rá nach féidir fiú brath go hiomlán ar na figiúirí a bhí acu féin. Bhí orthu, ar ócáidí is léir, tomhas a dhéanamh ar líon na ndaoine a d'fhreastal ar na hócáidí. I bhfocail eile, ní féidir a bheith cinnte gur tháinig fiú 72,000 duine dá bharr.

Seo bun agus barr m'argóint - níl a fhios agamsa, agus ní chreidim go bhfios do Chumann Turasóireacht na hÉireann cé mhéad duine a thiochfaidh de bharr an Tóstail amháin - ach tá an chuma air go bhfuil na nuachtáin náisiúnta sásta glacadh lena bhfigiúirí.



An Taoiseach Enda Kenny, ag seoladh 'The Gathering 2013' mar is fearr aithne air.

Ach an t-aon ócáid mar é - ar a bhfuil sé fiú bunaithe - agus ar ar caitheadh 30% níos mó airgid - ceithre bliana níos luaithe - níor thug sé ach 72,000 duine go hAlbain.

Cén fáth go bhfuil Cumann Turasóireachta na hÉireann, agus eagrais Tóstal 2013, ag leanúint ar aghaidh ag rá linn go mbeidh 300,000 duine, ceithre huaire níos mó daoine ná mar a thaisteal go hAlbain, ag teacht anseo?

Scríobh mé cheana faoin Tóstal agus go mbeadh ceannlínthe domhanda le fáil as dá mbeadh muid, mar thír, tar éis aontú an t-airgead a chaitheamh ar thicéid eitleán agus b'fhéidir 100,000 acu a thabhairt isteach saor in aisce.

Ar a laghad bheadh a leithéid de thionscnamh radacach agus, chomh tábhachtach céanna, follasach. Má thugann tú ticéid in aisce do dhaoine a bhíonn á lorg tá fhios agat go bhfuil siad chun teacht - tugann sé cinnteacht don togra.

Cén fáth go bhfuil Cumann Turasóireachta na hÉireann, agus eagrais Tóstal 2013, ag leanúint ar aghaidh ag rá linn go mbeidh 300,000 duine, ceithre huaire níos mó daoine ná mar a thaisteal go hAlbain, ag teacht anseo?

Freisin, má fhaigheann duine ticéad amháin in aisce tá an-seans ann nach dtaistealóidh sé nó sí ina aonar agus gur maith an seans go mbeadh a dhá oiread daoine ag teacht anseo go cinnte. Cur leis sin nach mbeadh pingin rua á chur amú mar

nach bhfuil aon bhuntáiste ann do dhuine ticéad a ghlacadh agus gan é d'úsáid.

Dúirt mé freisin nach mbeadh aon cheist faoi ach gur scéal turasóireachta domhanda a thiochfadh as - agus go mbeadh luach na milliún euro - go mór sa bhreis ar an €5 milliún atá le caitheamh - le fáil as.

Bealach eile le breathnú air ná má chaitear €5,000,000 agus mura dtagann ach 72,000 duine (agus tá an figiúr sin chomh réadúil - nó b'fhéidir níos réadúla de bharr go bhfuil sé bunaithe ar thuairisc ESKO - le huimhir Chumann Turasóireachta na hÉireann) go gcosnóidh sé €70 an duine an líon sin a thabhairt anseo.

De réir mo chuid figiúirí, a scríobh mé sa nuachtán seo cheana, bunaithe ar chostas ticéid mar atá siad le feiscint go hoscailte ar shuíomh idirlín Ryanair, chosnóidh an leibhéal sin caiteachais €20 nó 40% sa bhreis ar an tseift a mholaim féin - sin an 100,000 ticéad a thabhairt amach

saor in aisce.

Teastaíonn uaim go n-éireodh le spriocanna an Tóstail agus go bhfeicfeadh muid oiread cuairteoirí agus is féidir sa tír, ach ní haon leithscéal é sin gan breathnú ar thaithí na hAlban.

Tá mé tar éis seachtain a chaitheamh anois ag léamh thuarascáil ESKO agus ag léamh na tráchtairachta sna nuachtáin Bhriotanach faoi - agus iad ag amharc siar ar an togra.

Má tá duine le bheith macánta faoi, caitheadh go bhfuil sé níos ionraice glacadh le fíorúimhreacha - agus oibriú leo - in áit figiúirí atáthar a phiocadh as an spéir.

Ach, cosúil le hAlbain, murar féidir teagmháil a dhéanamh leis an lucht eagraíochta ní bheidh aon duine in ann uimhreacha inchruthaithe a chur ar fáil agus beifear in ann aon fhigiúr dramhaíola a fhoilsiú agus gur mór an seans go leanfaidh na meáin neamhchriticiúla ar aghaidh ag glacadh leis.

Beidh ar an dream nua tosú ó ‘náid’



Ní fada go mbeidh an Carghas linn. Agus ní fada uainn Féile Rásaí Cheltenham. Ní fada freisin go bhfoilseofar an t-eagrán deireannach den nuachtán seo ó rinne Foras na Gaeilge an cinneadh críoch a chur le maoiniú Ghaelscéal trí deireadh ‘aontaobhach’ a chur leis an gconradh lena bhfoilsitheoirí, Torann na dTonn Teo.

Thosnaigh mé achainí ar an idirlíon chun deis a thabhairt do bhaill an phobail tacaíocht a léiriú do Ghaelscéal agus cur i gcoinne chinneadh an Fhorais an conradh a scor mar atá sé beartaithe a dhéanamh.

Sínigh an achainí ach déan rud sa bhreis air sin, ceannaigh Ghaelscéal gach seachtain den Charghas.

Ná bac le mílseáin a chur i leataobh nó eirí as an tobac - ceannaigh nuachtán Gaeilge.

Déanfaidh sé tairbhe dhuit! Mothóidh tú níos Gaelaí! Glanfar do choin-sias!

Cé go bhfuil go leor daoine tar éis a rá cé chomh díomách is atá siad faoi chinneadh an Fhorais agus imeacht róluath Ghaelscéal, tá cúpla guth cloiste agam ag tabhairt le fios dom go raibh laigí sa nuachtán -go raibh an iomarca ábhair ann do scoileanna, mar shampla, ná raibh a dhothain

nuachta ann, go raibh an iomarca tuairimíochta ann ó chancraín Mhúscraí.

Ní féidir liom easaontú leis na daoine sin; bhí laigí i nGaelscéal. Cuirfidh mé mo lámha suas - mise an laige ba mhó.

Nuair a léim an colún seo sa phaipéar gach Céadaoin, bionn fonn orm é a chaitheamh amach an fhuinneog. (Tá polasaí dian frithbhruscair againn i gCúil Aodha - cuirfear chun báis an té a chaitheann bruscar!).

Cén sórt truflaise atá á rá ag an amadán sin an tseachtain seo? Seans go bhfuil an tuairim chéanna ag rith leat féin agus tú á léamh seo.

“Ní cheannóidh mé an nuachtán seo fhad is atá an t-amadán sin, nach bhfuil tuiscint aige ar chúrsaí gramadaí ná smacht ar a chuid ‘h’-annaí ag scríobh ann!”

Ní fada go bhfíorófar bhur n-aisling: mar a dúirt an teachtaire leis an Rí Anraoi i ndráma William Shakespeare, Anraoi V:

And so fare thee well:
Thou never shalt hear herald any more.

Is eist níos doimhne ná mo chuid rámhaille nó faillí an Fhorais nó laigí nuachtáin an cheist: cén fáth go bhfuil deireadh á chur le Ghaelscéal anois, bliain roimh dheireadh an chonartha?

Ní féidir an locht a chur ar léitheoirí an nuachtáin - mar sin de, ní oraibhse atáim ag caint nuair a dhírím méar an mhilleáin ar phobal mór na Gaeilge: an 1.7 milliún duine ó Dheas agus an 180,000 duine ó Thuaidh a deir go bhfuil Gaeilge acu.

Dá gceannódh an deichiú cuid den phobal ar an oileán seo a deir go bhfuil Gaeilge acu an nuachtán,



bheadh díolachán níos mó ná aon nuachtán eile sa tír ag an nuachtán Gaeilge. Cén fáth nach féidir linn an dea-thoil sin a iompú go díolachán?

Luaigh duine liom gur cheart go mbeadh ‘irisidirlín.com’ ann i nGaeilge (ní fheadar ar chuala an duine seo faoi Beo.ie?) amhail is go réiteodh sin gach rud.

Má tá fonn ort iris idirlín.com a bheith ann, cén fáth nach dtosaíonn tú féin é, seachas a bheith ag brath ar an Stát nó ar ghrúpa daoine eile?

Nuair atá na caoire le cur thar abhainn, cén fáth go mbímíad ag súil le duine éigean eile a theacht i gcabhair orainn?

Féach an crá croí agus an doirteadh fola agus an t-achrann a lean nuair a iarr Diarmaid Mac Murchadha ar na

Normannaigh a theacht go hÉirinn chun a theacht i gcabhair air in aighneas áitiúil a bhí aige i gCúige Laighean.

Agus n’fheadar cén uair a thiocfaimid slán ó dhrochthionchar na Triúrachta atá ag ‘cabhrú’ linn san éigeandáil eacnamaíochta seo?

Tá a fhios agam gur féidir locht a fháil ar Ghaelscéal - dheineas féin é sular thosnaigh mé ag scríobh don nuachtán. Ach ag pointe áirithe dhein mé an cinneadh gurbh fhearr cuidiú leo an oiread agus ab fhéidir liom ná a bheith ag suí ar an dtaobhlíne ag cáineadh go callánach.

Is féidir locht a fháil ar an bhForas agus ceisteanna a chur orthu maidir leis an gcinneadh seo agus cén fáth nach leanfadh siad go deireadh

thréimhse an chonartha?

Nó cén ‘plean B’ atá ann chun riar a dhéanamh ar phobal na Gaeilge nuair a bheidh Ghaelscéal imithe?

Ach, éist liom, táimid ag imirt iomána anois sa chraobh agus níl aon chúl-doras ann.

Theip ar ‘Lá’ agus ar ‘Foinse’ agus anois tá ‘Gaelscéal’ buailte - níl sé chun a bheith éasca dul ar ais sa chluiche.

Beidh ar cibé dream a bheidh ag líonadh an fholúntais - deir an Foras go mbeidh sé á líonadh acu - tosnú ó náid.

Más seirbhís idirlín a bheas ann, beidh ar phócaí doimhne a bheith ag an bhForas mar anois, thar 2008 nuair a thairg Lá a leithéid don bhForas, is riar 24/7 atá ag teastáil ó phobal na Gaeilge.

Ní bheidh siad sásta le foilseachán míosa nó seachtainiúil nó laethúil. Nuacht agus anailís nuachta, spórt agus anailís spóirt, siamsaíocht, teicneolaíocht, faisean, ábhar oideachais, litríocht, cultúr, ealaín, colún ar stíl bheatha agus ar chúrsaí craicinn, colúnaithe callánacha le rud éigean úr le rá faoin saol agus é sin a bheith ag tarlú gach uair sa lá gach lá.

Agus nascanna ar na meáin shóisialta atá ann anois - agus na meáin nua a thiocfaidh amach anseo.

Tá mo thús féin curtha agam leis an obair agus www.igaeilge.ie tugtha ar ais ó na mairbh agam.

Beidh mé ann nuair a bheidh Ghaelscéal tóstáilte. Tá dóchas éigean agam nach dtarlóidh sé - ach ní chuirfinn mo léine ar an gcapall sin.

Tá orainn seilbh a fháil ar ár gcinníuint féin agus dul sa diallait má theastaíonn uainn fanacht sa rás thar Fhéile Cheltenham.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Pleanáil Teanga- 30 Bliain ó shin!



Donncha Ó hÉallaithe

Tá sé tríocha bliain ó thug Cathaoirleach Bhord na Gaeilge, an tOllamh Seán Ó Tuama (1926 - 2006), réamheolas do Scoil Gheimhridh Merriman faoina raibh beartaithe ag Bord na Gaeilge a dhéanamh chun an taoille a chasadh maidir le húsáid na Gaeilge. Comhrialtas d’Fhine Gael/Lucht Oibre faoi Garret Fitzgerald, a cheap Ó Tuama sa bhliain 1982 ina chathaoirleach ar Bhord na Gaeilge, an eagraíocht stáit as ar fáisceadh Foras na Gaeilge níos deireanaí.

Bhí sé de rún ag Bord na Gaeilge

sraith pleananna a chur le chéile le go mbeadh an tír dátheangach faoin mbliain 2000 agus bhí an Plean Gníomhaíochta 1983 - 1986 le bheith ar an gcéad cheann acu sin.

Plean cuimsitheach a bhí le bheith ann, beagán cosúil leis an Stráitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, le difríocht thábhachtach amháin: tríd is tríd bhí na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta 30 bliain ó shin thar a bheith réadúil agus insroiste, rud nach bhféadfaí a chur i leith na Stráitéise Fiche Bliain 2010 - 2030.

Seoladh an plean in Aibreán 1983. Fáiltíodh roimhe agus dúirt Aire na Gaeltachta, Paddy O’Toole (FG) go mba ‘ócáid stairiúil’ a bhí ann, mar a deirtear ag seoladh gach plean nua leis an nGaeilge a tharrtháil. Ach ar chuir an Rialtas na moltaí réadúla, a bhí déanta ag Bord na Gaeilge, i bhfeidhm? Sin ceist eile.

INNIU, 12 Eanáir, 1973

Spriocanna do 2000 - Plean Bhord na Gaeilge

‘Dá mbeadh 1½% nó 2% de phobal na tíre faoin mbliain 2000 A.D. ag labhairt Gaeilge sa Ghaeltacht agus 6% nó 7% á labhairt lasmuigh den Ghaeltacht, bheadh an taoide casta den chéad uair le 150 bliain anuas, dar le Cathaoirleach Bhord na Gaeilge, an tOllamh Seán Ó Tuama. Ach dá bhféadfaí a dheimhniú, faoi dheireadh an chéid seo, go mbeadh 1% den phobal ag labhairt Gaeilge sa Ghaeltacht go fóill agus b’fhéidir 4% lasmuigh den Ghaeltacht - 5% ar fad - bheadh sé sásta go raibh gaisce déanta. Mar sin thuas a labhair an tOllamh Ó Tuama faoi spriocanna gluaiseacht na Gaeilge sa léacht a thug sé ag Scoil Merriman i nGaillimh Dé Sathairn seo thart

ar Phleanáil don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. ...

Dúirt sé gur léirigh an Páipéar Bán i 1965 gur dhátheangachas an t-idéal as sin amach agus is idéal é atá glactha go coitianta ag pobal na tíre, dar leis.

“Bheadh sé mí-chiallmhar ag an bpointe seo plean fadtéarmach a chur ar fáil,” ar seisean. “Is plean teoranta cheithre bliana atá ann. Fágann sin na roghanna móra gan déanamh.”

Luigh an tOllamh Ó Tuama ceithre roinn sa phlean: An Ghaeltacht, An Pobal, An tOideachas agus an Stát. I dtaca leis an nGhaeltacht de, dúirt sé go bhfuil súil aige go mbeadh:

- Comhordú nua agus fairsingiú nua ar na scéimeanna cultúrtha
- Go neartófaí ar dhílseacht teanga mhuintir na Gaeltachta
- Go dtabharfaí ar fhorais an Stáit gníomhú i bhfad níos deimhni ar na Gaeltachta agus na Gaeilge.

Dúirt sé go bhfuil sé fíorthábhachtach go bhfeicfeadh muintir na Gaeltachta go mbeadh role ag an teanga sa saol lasmuigh den Ghaeltacht agus dúirt sé go bhfuil scéim nua chostasúil amháin á mholadh acu chun labhairt na Gaeilge a leathnú sna cathracha.

“Ní leor cumas Gaeilge ag daoine mura dtugtar deiseanna dóibh chun í a úsáid” ar seisean.

Dúirt sé go gcaithfí cuimhneamh ar dhá ghráf do na blianta 1891 - 1983: laghdú i líon na gcainteoirí dúchais sa Ghaeltacht ó 15% go 1% ach méadú i líon na ndaoine i mBaile Átha Cliath ó 1% go 25%-30% a bhfuil eolas réasúnta acu ar an nGaeilge.

“Ní deacair a shamhlú go dtiocfadh gréasáin Ghaeilgeoirí chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht faoin mbliain 2000 A.D. agus tá cúpla beartas dána molta againn chun ‘breakthrough’ a dhéanamh” ar seisean.

Eagarfhocal



Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Deireadh ag teacht le Gaelscéal

BEIDH deireadh le foilsíú Ghaelscéal i gcló agus ar líne go luath. Caillfear 5 phost lán-Ghaeilge agus post amháin páirtaim-seartha sa Ghaeltacht mar thoradh air seo, ceathrar de na fostaithe sin ina gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Caillfidh go leor saoirisiseoirí, a bhfuil na céadta blianta de thaithí acu le chéile, a gcuid ioncaim chomh maith, arís, riar maith acu ina gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Tá sé seo ag tarlú de bhrí gur chinn bord Foras na Gaeilge deireadh aontaobhach a chur leis an Chonradh idir iad féin agus Torann na dTonn Teo.

Ba mhaith linn a chur in iúl go raibh Torann na dTonn Teo go hiomlán tiomanta go hiomlán don togra seo i gcónaí agus gur cuireadh sin in iúl don Fhoras taobh istigh de choicís ó shin.

Ba mhaith linn a chur i gcuimhne do dhaoine chomh maith, gur fhoilsigh Gaelscéal nuachtán 40 leathanach de ghnáth cé nach bhfuair muid ach deontas do 32 leathanach.

Tá sé ráite ag an Fhoras gur chuir siad deireadh leis an chonradh de bhrí nár dhíol Gaelscéal go leor cóipeanna.

Agus bhí an ceart acu - níor dhíol muid go leor, ach bhí preasráiteas an Fhorais dochreidte i leith dhíolacháin Gaelscéal go díreach.

Go deimhin, bhí sé iomlán míchruinn.

Chuir ráiteas an Fhorais in iúl nach raibh de chiorclaíocht ag Gaelscéal ach 1,314 cóip

in aghaidh na seachtaine, ní raibh sé sin beacht ar chor ar bith.

Ní fios an ndearna an Foras é sin d'aonghnó, trí easpa cumarsáide idir an bord agus feidhmeannas an Fhorais, nó trí easpa cumais.

Bhí ciorclaíocht 3,978 sa tseachtain ag Gaelscéal. Thiocfadh leis sin a bheith i bhfad níos fearr go cinnte, ach le cúrsaí eacnamaíochta mar atá agus nuachtáin an domhain mhóir ag streachailt, tá muid bródúil as sin.

Ar ndóigh is ionann an figiúr sin agus léitheoireacht 8,000 in aghaidh na seachtaine. Lón 7,806 teaghlach Daonáireamh 2011 amach i nGaeilge. Is ionann an dá fhigiúr a bheag nó a mhór.

Cuimhnimis go raibh ar Gaelscéal an páipéar a chur ar líne saor in aisce, agus suíomh idirlín cuimsitheach a bheith againn, rud a rinne dochar dár ndíolachán gan amhras -ach nach raibh aon chreidiúint a fháil do na rudaí sin ón Fhoras.

Níor luadh é fiú.

Níor luadh an díolachán sna scoileanna ach an oiread, d'ainneoin gur cóipeanna crua a bhí i gceist.

Bhí sé sin maslach go díreach agus léirigh sé easpa measa ar an obair a rinneadh i dtaca leis an díolachán seo.

Cén fáth nár luadh na nithe sin sa phreasráiteas a chuir Foras na Gaeilge amach?

Cén fáth ar dearnadh a bheag de

Gaelscéal, d'iriseoireacht na Gaeilge agus na Gaeltachta i suíle na meán Béarla?

Tá buncheist eile ann, d'ainneoin go léann níos mó daoine an leagan clóite de Gaelscéal ná mar a léann ar líne í - 2,378 in éadan 1,600, dar leis an Fhoras, gur "léir go bhfuil treochtaí phobal léitheoireachta na Gaeilge ag imeacht go suntasach ó fhormaid na meán clóite agus tá pleananna á gcur le chéile ag Foras na Gaeilge le freastal a dhéanamh ar na riachtanais seo."

Fágaimis an bhunfhadhb mhataimaitice i leataobh ag an phointe seo, ach cad iad na 'pleananna' seo atá ag an Fhoras? Tuigtear dúinn go bhfuil 'suirbhé' a ullmhú ag an Fhoras. Ach is léir go nglacfaidh sé bliain ar a laghad sula mbeidh aon tseirbhís nua bunaithe.

Cén mhaitheas a dhéanfaidh an bhearna sin don Ghaeilge?

Cén fáth nár ligeadh do Gaelscéal leanúint ar aghaidh, go leictreonach fiú, go dtí go mbeadh comórtas nua ann?

Tá sé cruthaithe ag an pháipéar seo go bhfuil fios ár ngnó againn maidir le seirbhís ar líne.

Ná déanaimis dearmad go mbeadh ar sheirbhís nua nuachta ar líne tosú as nua - tá 3,745 lucht leanúna againn ar Twitter (ár gceithre chuntas curtha le chéile), 3,822 'likes' ar Facebook agus 830 lucht leanúna ar Abairleat.

Sin iad na bun-uirlisí atá ag teastáil le seirbhís nuachta ar líne a chur ar bun agus

beidh siad curtha amú ag an Fhoras anois.

Agus caithfear a chur san áireamh nach bhfuil ach suíomh idirlín TG4 chun tosaigh orainn sa rangú domhanda, agus go bhfuil bearna mhór idir shuíomh Ghaelscéal agus an chéad suíomh eile i nGaeilge atá taobh thiar dúinn sa tríú háit.

An mbeidh maoiniú ann ó Fhoras na Gaeilge do pháipéar clóite arís? Is é tuairim an pháipéir seo go mbeidh.

Is léir nach iad Foras na Gaeilge, agus níos tábhachtaí, Bord an Fhorais atá ceaptha ag polaiteoirí na tíre, an dream is fóirsteanaí chun maoiniú a dhéanamh ar na meáin Ghaeilge. Tá buncheist dhaonlathach ann.

Ní gá ach spléachadh a thabhairt ar shuíomhanna idirlín pháirtithe polaitiúla na hÉireann chun a seasamh i leith na Gaeilge a fheiceáil - tá formhór acu i mBéarla amháin. Mar a léirigh Gaelscéal cheana, tá níos mó Gaeilge ar shuíomh idirlín Bhanríon Shasana.

Tá múnla nua maoinithe ag teastáil agus beidh ceann á mholadh againn sna seachtainí atá fágtha againn.

Leanfaidh Gaelscéal ar aghaidh chomh fada agus is féidir, ach tá muid ag caint ar sheachtainí seachas ar mhíonna, faraor.

I gceann tamall róghairid, beidh 'Foinse' ag treabhadh leo féin, go n-éirí leo, go raibh tacaíocht acu ón phobal, agus go raibh misneach acu chun súil ghéar a choinneáil orthu sin a bhfuil an cumhacht acu.

Scread éadóchais ag Ceannairí an Lucht Oibre



Eoin Ó Murchú

Is mor an bhris ar Pháirtí an Lucht Oibre, is cosúil, an brú atá á chur orthu maidir leis na nótaí gealltanais agus polasaí déine san eacnamaíocht.

Thug ceannaire an pháirtí agus an Tánaiste, Éamon Gilmore, foláireamh do pholaiteoirí na hEorpa go bhféadfadh an rialtas titim mura mbeadh socrú ceart ar fail, agus dúirt an tAire Stáit, Alex White, gur ar éigean a d'éireodh leis na cainteanna faoi chomhaontú nua Pháirc an Chrócaigh dá bhfágfaí an t-ualach neamhcheart orainn.

Scread éadóchais, ámh, níos mó ná plean troda ag an bpáirtí é seo, ach léiríonn sé go bhfuil brú ag dul i méid ar na ceannairí taobh istigh den

pháirtí.

Ach cén leigheas atá in ann don Lucht Oibre?

Tá idirbheartaíocht ar siúl cheana féin, ar ndóigh, faoi chomhdháil an pháirtí atá le reáchtáil sa bhfómhar anois. Ach cé go bhfuil caint dhána á déanamh ag Róisín Shortall agus eile, agus b'fhéidir go dtabharfaí dúshlán Eamon Gilmore ag an gcomhdháil sin, ní léir ar chor ar bith go bhfuil rogha polasaí oibrithe amach.

Go deimhin, tá daoine ar eite chlé an pháirtí ag rá liom go lom nach bhfuil éinne sa bpáirtí parlaiminteach a mbeadh muinín ar bith acu as nó aisti, mar níl Shortall, Keaveney, Broughan agus eile ach ag déanamh cáinte ar an imeall. Níl siad sásta a rá gur chóir briseadh leis an rialtas seo, agus níl siad sásta aon chomhghuaillíocht a mholadh le Sinn Féin.

Fágann sé sin an páirtí ina aonar, nó faoi scáth Fhine Gael go deo.

Ag an am céanna, tá na leithscéalta ag éirí gann don pháirtí, mar tá na vótóirí ag caitheamh ar ais acu an

chaint a rinne siad sa bhfeachtas toghchánaíocht faoi "Slí an Lucht Oibre" nó "Slí Frankfurt". Sea, más slí an Lucht Oibre é, ní fhéadfadh slí Frankfurt a bheith níos measa.

Tá ceannairí an pháirtí ag iarraidh cuid den bhrú a mhaolú trí labhairt go dána i dtaobh na hEorpa agus na nótaí gealltanais.

Ach b'fhéidir go bhfuil siad ag dul thar fóir, mar níl aon chomhartha ann nach cuma le lucht rialaithe na hEorpa é nó le Banc Cheannais na hEorpa, ach go háirithe.

Agus má leanann na ceannairí ag caint sa mbealach místuama seo - Pat Rabbitte ag fógart nach n-íocfaí na nótaí an mhí seo chugainn, nó Éamon Gilmore ag tabhairt foláirimh faoi thodhchaí an rialtais - tá baol mor ann go gcaillfear smacht ar an scéal agus seans nach mbeidh aon rogha acu ach beart a dhéanamh de réir a mbriathar agus briseadh leis an rialtas.

Mar a tharlaíonn, is cosúil go mbeidh foclaíocht na reachtaíochta faoi ghinmhilleadh an-teoranta. Is cosúil

go bhfuil James Reilly ag moladh go mbeidh suas le ceathrar dochtúirí, ní síciatraigh, ag teastáil le deimhniú go bhfuil bean i dteideal ginmhilleadh a fháil.

Is léir nach féidir córas mar sin fheidhmiú, agus creideann an Lucht Oibre gurb shin an fáth go bhfuil sé á mholadh ag Reilly.

Ach tá an oiread sin géillte ag Páirtí an Lucht Oibre maidir leis an eacnamaíocht nach féidir leo glacadh le teip eile maidir le ginmhilleadh, scéal atá lárnach d'íomhá liobrálach an pháirtí i measc an mheánaicme.

Agus taobh thiar de chuile rud, tá taibhse ag tathú ar an bpáirtí, mar léiríonn na pobalbhreitheanna go leanúnach go bhfuil tacaíocht an pháirtí imithe síos go mor agus go bhfuil siad le fáisceadh idir Sinn Féin, Fianna Fáil agus Fine Gael fiú.

Ar ndóigh, thuig na ceannairí nach chun leas an pháirtí é dul isteach sa rialtas seo, ach gurb é an seans deireannach acu féin b'fhéidir a bheith ina nAí. Is cuma, mar sin, scéal ar bith ach ní bheidh siad ag iarraidh tar-

raingt siar, ach b'fhéidir nach mbeidh aon rogha acu agus an chomhdháil le reáchtáil agus lucht a gcáinte ag cur eagair orthu féin go tréan: an eite chlé sa bpáirtí fré chéile, agus Teachtaí Dála míshásta, ar nós Shortall agus Keaveney agus Joan Burton féin.

Sea, tá an phian le tabhairt faoi ndear i nglór Gilmore agus é ag impí ar a chairde san Eoraip a chás a thuiscint.

Mo léan, is cuma leo sin a chás ná cás na hÉireann, agus má ghéilltear aon rud dúinn is cosúil anois nach fiú traithnín an géilleadh.

Caithfidh na mílte milliún a thabhairt do na bainc Eorpacha, is cuma cén dochar a dhéanann sé sin do chaighdeán mhaireachtála ár muinintire féin.

Agus i ndiaidh na cainte, is léir nach mbeidh ceannaireacht an pháirtí ag briseadh leis an bpolasaí, ná na Teachtaí easaontacha ach an oiread.

Cé mar sin a thiocfaidh aníos le slánú an pháirtí a dhéanamh?

NUACHT Litríochta



Ali Smith ag aimsiú fírinne san fhicsean

Agallamh eisiach le Meadhbh Ní Eadhra

Tá an-cháil ar an scríbhneoir Albanach Ali Smith as a cuid gearrscéalta agus úrscéalta, agus bhí *Hotel World* agus *The Accidental* ar an ngearrliosta don Orange Prize agus don Man Booker Prize faoi seach. Bhuaigh *The Accidental* duais Whitbread Novel of The Year sa bhliain 2005.

I mí Eanáir na bliana seo, ceapadh mar Ollamh ar Cuairt í san University of East Anglia i Norwich, Cathair Litríochta de chuid UNESCO. Ciallaíonn sé sin go bhfuair mé féin agus mo chomhscólairí deis chun freastal ar sheisiún neamhfhoirmiúil ceisteanna agus freagraí léi an tseachtain seo caite, rud nach dtarlaíonn rómhinic.

Ní raibh sa seomra ach thart ar thríocha duine, agus bhí sé iontach ar fad a bheith in ann am a chaitheamh leis an sárscríbhneoir seo. Is duine í Ali Smith atá an-flaithiúil lena cuid ama, agus gach Aoine, suíonn sí ina hoifig bheag san ollscoil ag tabhairt ranganna aonaracha do mhic léinn atá ag déanamh Máistreacht sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach.

Bhí sé d'onóir agamsa, mar sin, scéal de mo chuid a sheoladh chuici, dul chuig a hoifig agus uair an chloig iomlán a chaitheamh i m'aonar léi, ag déanamh plé ar mo chuid scríbhneoireachta agus ar mhórán rudaí eile, freisin. Is as Inverness in Albain d'Ali agus tá cónaí uirthi in Cambridge anois. Tá sí lán le fuinneamh agus deireann sí cibé rud a thagann isteach ina cloigeann.

Tá an mhacántacht sin iontach agus tá sé soiléir ó bheith ag éisteacht léi ag caint, go bhfuil paisean agus grá aici don rud a dhéanann sí gach lá - an scríbhneoireacht. Deir sí nach mbíonn plean aici riamh do na scéalta a scríobhann sí. Ligeann sí do na carachtair agus do na focail féin í a threorú, agus deir sí gurb é sin an rud is iontaí ar fad - nach mbíonn a fhios aici riamh céard a tharlóidh ar an gcéad leathanach eile.

Go minic, scríobhann daoine scéalta, nó tosaíonn siad ar úrscéal, agus ansin stopann siad, agus fágann siad ar leataobh an obair ar fad atá déanta acu. Ach creideann Ali Smith nach gcailleann tú rud ar bith ó sin a dhéanamh, agus nach drochrud é ar chor ar bith. Ag am éigin eile, a deir sí, beidh an scéal, nó an abairt, nó an smaoineamh sin in ann a bhealach féin a dhéanamh isteach i do chuid scríbhneoireachta.

Ná faigh réidh le rud ar bith go hiomlán - seans go dtiocfaidh tú ar ais chuige amach anseo. Deir sí go gcaithfid a bheith in ann an abairt nach



An scríbhneoir Ali Smith

féidir a fheiceáil nó a léamh ar an leathanach, go gcaithfidimid a bheith in ann é sin a chloisteáil inár gcloigne. Aontaím leis sin. Sna scéalta is fearr, bíonn spás bán, mar a thugtar air, spás chun na bearnaí sa scéal a líonadh. Is iad na rudaí nach ndeirtear, agus na habairtí nach scríobhtar, is iad sin na rudaí is cumhachtaí, go minic.

Deir Ali Smith go bhfuil an scríbhneoireacht cosúil le bheith i seomra dorchá, áit a bhfuil na soilse múchta. Bíonn tú ag bualadh i gcoinne na dtroscán ar fad agus ag iarraidh do bhealach a dhéanamh sa dorchadas. Creideann Ali go bhfuil cúis go mbíonn focail áirithe ag dul timpeall agus timpeall inár gcloigne. Má tá tú ag úsáid an fhocail chéanna go minic, ciallaíonn sé sin go bhfuil spéis agat ann, a deir sí, agus ba cheart duit an foclóir a fháil agus brí an fhocail a fhoghlaim.

Faigheann Ali inspioráid ón athrú agus ón aistriú a dhéanann focail thar na blianta, agus thar tréimhsí stairiúla. Tá go leor le foghlaim, dar léi, ón

Tá an mhacántacht sin iontach agus tá sé soiléir ó bheith ag éisteacht léi ag caint, go bhfuil paisean agus grá aici don rud a dhéanann sí gach lá - an scríbhneoireacht.

gcaoi go dtagann athrú ar bhrí agus úsáid focail éagsúla, agus ón gcaidreamh a bhíonn againn leo.

Nuair a chuir duine éigin ceist uirthi faoi ghuth, agus faoi conas a mbíonn tú in ann guth láidir a aimsiú agus tú ag scríobh do chuid scéalta, dúirt sí go dtagann guthanna chuici trí abairtí. Breathnaigh ar an mbealach a thiteann an abairt, a deir sí. Inseoidh comhréir na habairte sin go leor duit faoin gcarachtar atá i do chloigeann.

Tá an rithim an-tábhachtach, é sin agus na focail a úsáidtear.

Cé nach ndéanann Ali pleanáil roimh ré agus í ag scríobh, tagann íomha isteach ina cloigeann go minic, agus is as sin a thagann an scéal. Scríobhann Ali gearrscéalta chomh maith le húrscéalta, agus deir sí go mbíonn gearrscéalta in ann cibé rud is mian leo, a dhéanamh.

Cuireann tú fuinneamh isteach i ngach nóiméad, agus tú ag scríobh gearrscéal, ar sí, agus tá siad gearr, díreach cosúil lenár saol.

I measc na gearrscéalta is fearr léi

féin tá Garden Party, le Katherine Mansfield. Is ón fhicsean a thagann fírinne, dar le Ali, agus caithfidimid foghlaim conas déileáil leis an dá rud ag an am céanna.

Tá Ali Smith den tuairim go bhfuil gach rud a dhéanaimid ina theip de chineál éigin, agus in ainneoin na nduaiseanna agus an cáil atá bainte amach aici, níl am aici don áibhéil agus aird ar fad a théann leis.

Go deimhin, creideann sí go bhfuil sé sin ar fad dainséarach agus díobhálach don scríbhneoireacht, go minic. Tá an-spéis ag Ali sa chaidreamh a bhíonn ag scríbhneoirí agus ag daoine le teangacha éagsúla, agus deir sí gur féidir rudaí áirithe a rá i dteanga amháin, ach ní i gcónaí i dteanga eile. Bíonn 'teanga mothúchánach' againn, a deir sí.

Agus, ar deireadh, cad é an rud is fearr le hAli faoin a bheith ag scríobh? An chaoi go n-imíonn an t-am, a deir sí, an chaoi go mbíonn tú ag maireachtáil i spás speisialta gan am, gan teorainn.

I MEASC AN PHOBAIL



Bailíodh €5,000 le linn Siúlóidí Urraithe a d'eagraigh Cumann Lúth Chleas Gael Ghaoth Dobhair Lá Fhéile Stiofain. Sa phictiúr thuas tá cathaoirleach an Chumainn, John Shéamuis Ó Fearraigh ag bronnadh €4,000 ar Eilín Ní Chuireáin ar mhaithe le hIonad Lae Ghaoth Dobhair. Ina gcuideachta tá baill CLG Ghaoth Dobhair agus baill an Ionaid Lae. Bronnadh €1,000 eile ar Coiste Scaoil Saor ó Ailse. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]



An t-Athair Pádraig Ó Baoighill, Sagart Paróiste Ghaoth Dobhair ag déanamh crois in onóir Naomh Bríd in Ionad Lae Ghaoth Dobhair. [PIC. TOMÁS Ó CUIREÁIN]



Foireann shóisearach Choláiste Eoin, Baile an Bhóthair, Baile Átha Cliath (ar chúl, ó chlé) Conal Mac Dhonnagáin, Jack Lewis agus Mícheál Ó Grálaigh, Captaen na foirne (sa lár) agus iad an-sásta leo féin tar éis a mbua ag Craobh na hÉireann de Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn 2013!



Corn Ghael Linn á bhronnadh ag Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach an eagrais, agus an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, ar fhoireann Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, tar éis a mbua sa chraobh shinsearach de Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain Gael Linn 2013!

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@guelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta sna pictiúir agus cead faighte agat iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.guelsceal.ie**



Ag an oscailt oifigiúil de Ghaeláras Mhic Ardghail, an lárionad nua don Ghaeilge san Iúr, bhí, ó chlé: Packie McDonald, Leas-Mhéara; An Comh. Brendan Curran; Declan McAteer; Martin McDonald, Heritage Lottery Fund; Anita Gallagher, Oifigeach Forbartha Oidhreacht and Doiminic Ó Brolcháin, MLA. [PIC.: COLUMBA O'HARE]



Ag baint taitnimh as an dtaispeántas Trioblóidí ag oscailt oifigiúil Ghaeláras Mhic Ardghail. [PIC.: COLUMBA O'HARE]



Teach lán ag an cruinniú poiblí a d'eagraigh Conradh na Gaeilge 'Seilbh ar Straitéis 20 bliain don Ghaeilge' a bhí ar siúl san Menlo Park Hotel, Gaillimh, ar an Aoine seo caite.



Gerard Trainor, Cathaoirleach Bhord na nÍontaobhaithe, Gaeláras Mhic Ardghail, ag labhairt ag oscailt oifigiúil an lárionaid nua don Ghaeilge san Iúr. [PIC.: COLUMBA O'HARE]



Ceannasaí Ghlór na nGael, Lorcán Mac Gabhann, in Óstán Menlo Park ag labhairt faoi Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 ag an ócáid a d'eagraigh Conradh na Gaeilge. [PIC: CATHAL Ó TUATHAIL]



An T.D. Éamon Ó Cuív ag labhairt leis an slua in Óstán Menlo Park, Gaillimh, faoin Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 ag an ócáid a d'eagraigh Conradh na Gaeilge. [PIC: CATHAL Ó TUATHAIL]

GNÉ-ALT

Ceist na Gaeilge san Eoraip
1973 : “Ní raibh aon phlé air”

Tomás Ó Síocháin

Ocht mbliana ó shin, rinne mé cúpla iarracht teagmháil a dhéanamh le iaruahtarán na hÉireann, An Dr. Paddy Hillery. D’aimsigh mé uimhir dó agus sheol mé litir chuig a theach ag iarraidh lúb ar lár a líonadh. Bhí mé i mbun obair thaighde do chlár do TG4, agus mé i mbun mo dhualgais mar chlár eagarthóir le Nuacht TG4/RTÉ.

Bhain an taighde le stádas na Gaeilge san Eoraip. Bhí ceist i mbéal phobal na Gaeilge le fada; is é sin, cén fáth nár tugadh stádas mar theanga oibre don Ghaeilge ag tús an scéil; siar in 1973, in áit fhanacht fada go dtí gur bhain an Ghaeilge an stádas sin amach in 2007?

Bhí obair go leor déanta ag eagraíochtaí Gaeilge agus daoine aonaracha le linn an ama sin, in iarracht brú a chur ar rialtais éagsúil agus stádas a bhaint amach.

Pléadh cúrsaí fostaíochta, deiseanna forbairt gairme gan trácht ar aitheantas cuí a bhuanú do theanga oifigiúil na tíre ag leibhéal na hEorpa.

Lá amháin, tháinig an glaoch. Labhair an t-iaruahtarán, nach maireann, go mall réidh foirmeálta, a chuid Gaeilge stadach ach cruinn.

Phléamar Contae an Chláir ar dtús, ár gcontae dúchais beirt, agus seoltaí sodaracha an tsaoil a thóg chun na Gailimhe mé. Nuair go raibh sé sásta go raibh a fhios aige cé lenar bhain mé agus mo mhuintir in oirthear an Chláir, (b’as Sráid na Cathrach, in iarthar an Chláir dó féin) thosaigh sé ar cheist na Gaeilge. “Ní raibh aon phlé air,” a dúirt sé liom.

Ní raibh ag dó na geirbe an uair sin ach cúrsaí talmhaíochta agus cúrsaí éisc; is é sin le rá, conas an bheadh ag ár n-acmhainní nádúrtha, mar a bhí ag an am, agus don chuid is mó mar atá anois, agus muid inár mbaill de chomhphobal eacnamaíochta na hEorpa. ‘Cuireadh ceist orm anois agus arís’, a dúirt sé, ‘ina dhiaidh sin, faoi ról agus seasamh na Gaeilge san Eoraip, ach níorbh é sin ná baol air an cloch ba mhó ar ár bpaidrín ag an am.’

Tá an comhrá sin tráthúil, leis, i gcomhthéacs ráiteas David Cameron faoi thodhchaí, más ann di, agus ról na Breataine san Eoraip. Thagair Paddy Hillery do chás na Breataine leis, a rá go raibh Éire fós ag dul i dtaithe ar mheon oscailte an ama sin, i ndiaidh na

mblianta fada ag cur margaidh idirnáisiúnta ó dhóras.

Bhí súil an Taoisigh, Seán Lemass, dírithe go hiomlán, nach mór, ar an Bhreatain agus ní cinneadh don tír seo amháin a bhí ann, a mbeadh muid in ann dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (an EEC), mura mbeadh ár gcomharsana béal dorais ag déanamh amhlaidh.

Bhí Paddy Hillery, é cáilithe mar dhochtúir teaghlaigh, mar Aire Gnóthaí Eachtracha ag an am, agus mar thoradh air sin, b’eisean a shínigh comhaontú na hEorpa leis an Taoiseach Seán Lemass


Tagann dearcadh an iaruahtarán salach leis ar thuairimí coitianta ag an am, a chuala mé agus a insíodh dom agus a spreag chun cainte le Paddy Hillery mé, go raibh ceist na Gaeilge curtha ar leataobh d’aon ghnó in 1972 agus na cainteanna ballraíochta ar bun, ar eagla go gcothódh sé íomhá seanfhaiseanta de thír na hÉireann, nó go gcuirfidh sé as dár gcomharsana sa Bhreatain.

lena thaobh. Cuimhnigh, leis, go raibh go leor sa státchóras ag an am nár ghlac go fonnmhar le fis Rúnaí na Roinne Airgeadais T.K. Whitaker, margadh na hÉireann a oscailt go hidirnáisiúnta agus an cur chuige dúnaigeantach a mhair le linn réim De Valera a chur de dhroim seoil. Bhí Lemass oscailte d’fhís Whitaker, agus bhí ballraíocht na hEorpa ag teacht leis an dearcadh sin.

Leag Paddy Hillery bunchloch na hÉireann san Eoraip, ní amháin, mar Aire Gnóthaí Eachtracha, ach an bhliain céanna, in 1973, daichid bliain ó shin, nuair a ceapadh é ar an gcéad Choimisinéir Eorpach don tír seo.

D’fhan sé i mbun na dualgas sin go dtí go dtáinig sé i gcomharbas ar Chearbhall Ó Dálaigh mar Uachtarán na hÉireann in 1976.

Níor deineadh an clár sin ar stádas na Gaeilge san Eoraip ó shin. D’iarr mé ar Paddy Hillery agallamh teilifíse a dhéanamh ar an ábhar ach dhiúltaigh sé. Chaith sé seal fada ina thost nuair a d’éirigh sé as an saol poiblí mar gheall,



An tiaruachtarán agus Aire Gnóthaí Eachtrach, Paddy Hillery

creidtear, ar ráflaí a scaip faoina shaol pearsanta agus é ina Uachtarán, ráflaí gan aon bhunús leo, dar leis, a ghoill go mór air. D’éag sé agus é ceithre bliana le cois na ceithre scór.

Tagann dearcadh an iaruahtarán salach leis ar thuairimí coitianta ag an am, a chuala mé agus a insíodh dom agus a spreag chun cainte le Paddy

Hillery mé, go raibh ceist na Gaeilge curtha ar leataobh d’aon ghnó in 1972 agus na cainteanna ballraíochta ar bun, ar eagla go gcothódh sé íomhá seanfhaiseanta de thír na hÉireann, nó go gcuirfidh sé as dár gcomharsana sa Bhreatain.

Níor ghlac Paddy Hillery leis na tuairimí sin. Mhínigh sé dom, agus mé ag

labhairt leis in 2005, ná raibh an Ghaeilge fágtha ar leataobh d’aon ghnó, ach go raibh sí sna sala ar an dá mhórchéist faoin talmhaíocht agus faoin iascaireacht agus mar thoradh air sin, dar leis, gur ar éigin gur luadh ceist nó stádas na Gaeilge san Eoraip.

Is iriseoir, léiritheoir agus craoltóir é Tomás Ó Síocháin

Cruinneas

An séimhiú gan a bheith séimh

Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag **Antain Mac Lochlainn**

NÍL aon ghné de ghramadach na Gaeilge is mó a chuireann beaguch-tach ar fhoghlaimeoirí ná an séimhiú.

Bíonn náire orm féin na rialacha a bhaineann leis a theagasc, ag cuimhneamh ar an dua rómhór a chuireann siad ar fhoghlaimeoirí agus ar chain-teoirí dúchais araon agus a laghad tábhacht atá leo ó thaobh cumas ceart teanga de.

Is oth liom a rá nach faoiseamh dúinn an treoir faoin séimhiú atá sa Chaighdeán Oifigiúil Athbheithnithe (COA). Rialacha dothuigthe, dotheagaisc iad agus b'fhearr do phobal na Gaeilge neamhaird a thabhairt orthu más mian linn gléas éifeachtach cumarsáide a dhéanamh den teanga seo.

Ar leathanach 203 den COA comhairlítear dúinn séimhiú a chur i ndiaidh ainmfhocal baininscneach má tá 'brí nithiúil' leis, mar atá sa sampla 'bean ghnó'.

Ní shéimhítear, áfach, má tá 'brí theibí' leis an ainmfhocal. An sampla

a úsáidtear chun an méid sin a léiriú ná 'fadhb'.

Drochrogha amach is amach é sin. Cuir ceist ar dhuine cén chiall atá le 'fadhb' agus déarfaidh naonúr as gach deichiúr gur *problem* atá ann. Sin an t-aon chiall amháin a bhainfeadh a lán daoine as.

Ach is é bunchiall an fhocail ná cnapán nó ball cruia: '*a knot in timber*' mar a deir an Duinníneach. Uaidh sin an chiall mheafarach: *a knotty problem*.

Nach cuma, a deir tú, cé acu atá focal ina mheafar nó gan a bheith ina mheafar? Ní cuma, de réir an COA: 'má tá brí nithiúil agus brí theibí leis an ainmfhocal céanna, pléitear leis an ainmfhocal de réir na brí atá i gceist — fadhb chloiche ... ach fadhb taighde.'

Ní gan dua a dhéanfaidh daoine 'úsáid nithiúil' agus 'úsáid theibí' a dhealú ó chéile. Tá meafair 'reoite' i ngach teanga nach léir dúinn gur meafair iad in aon chor.

An dalta scoile a bheadh i ngleic le

fadhb uimhríochta ar pháipéar scrúdaithe, seans go measfadh sé an fhadhb sin a bheith 'nithiúil' go leor.

Ach fágaimis as an áireamh an sárchruinneas fealsúnachta is teangeolaíochta a theastódh chun an riail a

Ar leathanach 203 den COA comhairlítear dúinn séimhiú a chur i ndiaidh ainmfhocal baininscneach má tá 'brí nithiúil' leis, mar atá sa sampla 'bean ghnó'. Ní shéimhítear, áfach, má tá 'brí theibí' leis an ainmfhocal. An sampla a úsáidtear chun an méid sin a léiriú ná 'fadhb'. Drochrogha amach is amach é sin.

chur i bhfeidhm agus díreomis ar cheist níos tábhachtaí: an bhfuil bunús ar bith léi?

Is fíor go bhfuil 'fadhb chloiche' in FGB agus go bhfuil neart samplaí ann d'úsáid mheafarach an fhocail a bheadh ag teacht le comhairle an COA. 'Fadhb teanga' nó 'fadhb sláinte' a déarfadh a lán daoine, cé gur dhoiligh dóibh a mhíniú cén chúis atá leis sin. An féidir, mar sin, riail a bhunú air sin? Ní shílím é nuair atá a oiread sin samplaí eile ann ina séimhítear fiú san úsáid mheafarach.

Féach, mar shampla, an focal baininscneach 'stoirm'. Níl aon chonspóid ann faoin úsáid nithiúil: 'stoirm bháistí' agus 'stoirm thoirní' a bhí riamh ann. Ach is minic a bhaintear casadh as an fhocal 'stoirm' chun trácht ar chonspóid éigin.

Inniu féin a chuala mé *a political storm is brewing over the closure of rural Garda stations*. Cad é mar ab fhearr d'iriseoir an meafar sin a chur i bhfriotal Gaeilge? '*Stoirm polaitíochta*'

a bheadh ann de réir an COA. '*Stoirm pholaitíochta*' atá in FGB.

Nó féach an focal 'ceárta' (áit oibre an ghabha). Baintear úsáid mheafarach as an fhocal sin sa chiall *hotbed, breeding ground*. Is iad na samplaí atá tugtha in FGB ná 'ceárta cheilge, mhioscaise, oilc, *hotbed of treachery, malice, corruption*.'

Nó féach an focal 'máthair' sa chiall 'údar' nó 'foinse', mar atá i nathanna mar 'máthair chointinne' nó sa dán 'Máthair Chogaidh Críoch Bhanba' le hEochaidh Ó hEodhusa.

Thiocfadh tuilleadh samplaí a thabhairt ach sílim gur leor sin chun an riail atá tugtha sa COA a bhréagnú. Níl mé ag maíomh gur cheart neamhaird a thabhairt uirthi toisc í a bheith deacair, ach díreach toisc í a bheith ar neamhréir le gnás na Gaeilge.

Cad chuige, mar sin, a bhfuiltear ag súil le scríbhneoirí Gaeilge í a chur i bhfeidhm?

Tá tuilleadh áiseanna Gaeilge ar www.aistear.ie.

Scannán macánta é 'Zero Dark Thirty'

Léirmheas ar 'Zero Dark Thirty' le **Shona Gorman**

DORCHA agus fuilteach, is scannán é Zero Dark Thirty a dhéanann drámú macánta ar ghabháil Osama Bin Laden. Dubh le feiceáil agus raic le cloisteáil sin é an chéad radharc sa scannán agus tuin leanúnach an scannáin chomh maith.

Bhíos ag tnúth le scannán a bheadh sáite i meon ceiliúrtha Meiriceánach tar éis ghabháil 'Nemesis' na Stáit Aontaithe.

Ach d'éirigh le Katherine Bigelow léargas ionrach dorch a thabhairt dúinn faoi na bearta mí-eiticiúla a rinne fórsaí Mheiriceá agus na modhanna a úsáidtear chun eolas a fháil agus chun Bin Laden a mharú.

Ní haon scannán aicsin é seo ach dráma bunaithe ar ghníomhaire de chuid an CIA, Maya, atá a dhéanamh ag Jessica Chastain. Taispeánann Bigelow forbairt an charachtair ó bheith ina cailín óg scanraithe go raibh sí bean chrúa cheanndána le spéis dhúghafach i ngabháil Osama Bin Laden.

Feicimid éabhlóid Maya le linn radharc an chéasta agus í ag argóint léi féin. Tá deistin le feiceáil ar a haghaidh agus í ag iarraidh glacadh leis an gcéasadh mar ghnáthchleachtadh.

Cuireann Bigelow iachall ar an lucht féachana a n-aigní a dhéanamh suas mar gheall ar chéasadh agus déanann sí an cinneadh deacair orainn trí na ballaí idir an mhaith agus an t-olc a scríosadh.

Níl taobh olc ná taobh maith sa



scannán seo ach dhá thaobh chomh righin lena chéile. Toisc go bhfuil claonadh Meiriceánach ar an scéal, tugann sé cuireadh dúinn é a léamh trí shúile Maya. Ní compordach an léamh é agus déanann Chastain éacht an choimhlint inmheánach a léiriú le macántacht.

Úsáideann Bigelow seatanna teanna

le ceamaraí láimhe ag croitheadh chun an teannas a fhrámú agus chun mothúcháin láidre a aibhsiú. Cé go bhfuil baol ann go mbeadh cuma amaitéarach ar an stíl sin cuireann sé le macántacht an phróisis.

Is é an t-ionsaí ar theach Bin Ladin buaicphointe an scéil agus caibidil dheireanach an scannáin. Tarlaíonn sé

go raibh misean 'Neptune Spear' meáite agus pléite de réir na rialacha i gcodarsnacht leis na misin eile sa scannán.

Bhí an t-ionsaí é féin léirithe i bhfíoram agus cé go raibh sé corraitheach ní raibh sé áibhéalta cosúil le scannáin eile as Hollywood. Is é toradh an radhairc ná faoiseamh seachas caithréim

nó sásamh.

B'fhéidir gurb shin an teachtaireacht a theastaigh ó Bigelow a chur in iúl; an folús a thagann tar éis 'bua'. Léiríonn sí arís é ina híomhá dheireanach, Maya ar eitleán folamh ina haonar gan ceannphointe.

Scannán fada, ach scannán maith. Ba cheart dul ag breathnú air.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

RAIDIÓ



Roinnt de na ceoltóirí a bheas le cloisteáil ar 'Ceol Binn ó na Beanna' anocht ag 7.i.n ar RnaG agus iad ag seinm ag Féile Chois Cuain i gCluain Cearbáin i gCo. Mhaigh Eo anuraidh. Ó chlér: Tommy agus Patsy Maloney, John Kelly, Antóin MacGabhann agus Tony O'Rourke

Ceol Binn ó na Beanna Dé Céadaoin 6 Feabhra, ag 7i.n.
Cuireann Neansaí Ní Choisdhealbha ceol a taifeadadh beo ag Féile Chois Cuain 2012 i gCluain Cearbáin i gCo. Mhaigh Eo i

láthair ar chlár anocht.
I measc na gceoltóirí beidh Angelina Carberry agus Dan Brouder; Caitlín, Bernadette agus Antóin Mac Gabhann; Patsy Moloney agus John

Kelly; Darren Breslin, Pádraig McGovern, Tara Diamond Tony O'Rourke, Seán Ryan & Joe Skelton; agus Róisín Elsafty.



Cathal Póirtéir, a bheas ag cur 'Imeacht na n-Iarlaí: Thar Sáile 1607' i láthair Dé Domhnaigh, 10 Feabhra ar Raidió na Gaeltachta ag 6.30i.n. Réamhshraith atá anseo don tsraith nua cláracha 'Lorg na nIarlaí sa Róimh' a bheas ag tosú i mí an Mhárta, ina dtugann Cathal Póirtéir ar chamchuairt na Róimhe muid chuig ionaid stairiúla éagsúla a bhaineann le hImeacht na nIarlaí.

Imeacht na nIarlaí: Thar Sáile 1607 Dé Domhnaigh, 10 Feabhra, 6.30i.n.

Sraith a chuireann síos ar thuras na nIarlaí ó Dhún na nGall go dtí an Róimh, á chur i láthair ag Cathal Póirtéir.

Imeacht na nIarlaí in 1607 an t-ábhar atá faoi chaibidil sa tsraith seo ina ndéanann na staraithé aitheanta, an Dr. Nollaig Ó Muraíle, an Dr. Edel Bhreathnach agus an tOllamh Mícheál Mac Craith, cur síos dúinn ar imeacht na nIarlaí ó Ráth Maoláin, agus an méid a tharla idir sin agus a mbás sa Róimh. Réamhshraith atá anseo don tsraith nua Lorg na nIarlaí sa Róimh a bheidh ag tosú i mí an Mhárta, á chur i láthair ag Cathal Póirtéir.




Méabh Ní Thuathaláin a bheas ag cur sraith úr 'Ceol an mBan', i láthair gach tráthnóna Sathairn ag 6.30i.n ar RnaG.

Ceol na mBan Dé Sathairn, 9 Feabhra, 6.30i.n
An chéad chlár sa tsraith nua a dhíríonn ar mhná sa cheol traidisiúnta.

Is í Méabh Ní Thuathaláin, fídléir óg as Béal Feirste, a chuirfidh an tsraith i láthair. Díríonn na cláracha ar cheisteanna a bhaineann le mná i saol an cheoil in Éirinn, le stíl ceoil agus stadás na mban. Déantar plé freisin ar na deacrachtaí atá, agus a bhí, ag mná a bheith ag seinm go poiblí.

Beidh na ceoltóirí Muireann Nic Amhlaoibh agus Aoife Granville faoi agallamh ag Méabh an tseachtain seo, agus iad ag caint faoin bhfeadóg mhór, uirlis nár sheinn mórán ban go dtí le déanaí. Labhraínn an bheirt ceoltóirí faoin bhflúiteadóir cáiliúil Catherine Mc Evoy, bean a tháinig chun cinn go luath sna hochtóidí agus a bhí mar cheannródaí ag go leor ceoltóirí ban eile. Díríonn Aoife agus Muireann ar an taithí atá acu mar cheoltóirí ban an lae inniu agus seinneann siad dreas ceoil freisin.

TEILIFÍS



Gráig na Manach i gCo. Chill Chainnigh.

RTÉ 1 Abhainn, Oíche Dé Luain, 7.30i.n. ar RTÉ 1. Cuirfear críoch leis an tsraith le clár a dhíríonn ar Loch Éirne, ar RTÉ 1.



Dara Ó Cinnéide agus **Gemma Ní Chionnaith** a chuireann an 'Seó Spóirt' i láthair gach Aoine ag 8.30i.n.

Seó Spóirt

Tá Seó Spóirt ar ais don bhliain nua agus beidh Dara agus a chuid aíonna - peileadóir Chiarraí, Paul Galvin, an craoltóir Evanne Ní Chuilinn agus Seán Bán Breathnach - ag féachaint chun cinn ar na chéad chluichí sa tsraith Náisiúnta Peile agus i gCraobh na Sé Náisiún.

Clár seachtainiúil anailise agus réamhfhaisnéise atá ann ó stuideoTG4. Bíonn Seán Bán Breathnach ar fáil i gcuideachta Dhara gach seachtain mar aon le painéal saineolaithe

nach bhfuil a sárú ann, ina measc: Darragh Ó Sé, John Allen, Ray Silke, Paul Galvin, Donal O'Grady, Tomás Ó Flatharta, Kevin Cassidy, Liam Rushe, Charlie Vernon, Mattie Murphy agus go leor eile.

Bíonn an tuairisceoir taistil, Gemma Ní Chionnaith, ar fud na tíre ar thóir agallaimh agus nuachta agus bíonn iománaí Loch Garman, Diarmuid Lyng, ag póirseáil sa gcartlann agus á dtabhairt chun cuimhne le cabhair na ndaoine a bhí páirteach ag an am.



Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •



Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Béaltriall 2013

Léamh na Filíochta (35 mharc)

Caithfidh tú an dán a léamh **go soiléir** agus **go cruinn** ionas go mbeidh sé **sothuigthe** is nach mbeidh **botúin fhoghraíochta** ann.

An Spailpín Fánach

Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
’s ag bailiú galair ráithe; 4
ach glacadh *fees* ó rí na *croppies*,
cleith is píc chun sáite
’s go brách arís ní ghlaofar m’ainm
sa tír seo, an spailpín fánach. 8

Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
’s as sin go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir; 12
i gCallainn go dlúth ‘s mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
’s nuair théim go Durlas ‘s é siúd bhíonn agam –
‘Sin chú’ibh an spailpín fánach!’ 16

Ní mór duit a bheith ag faire amach do na nithe seo a leanas:

- (i) **An Séimhiú (‘h’)**: mo **shláinte**; ba mhinic; mo **thriall**; mo **shúiste**; im **ghlaic**; **théim** srl
(ii) An **Síneadh Fada**: fánach; drúchta; ráithe; sáire; brách; Árann; dlúth srl
(iii) An **tÚrú**: nag *croppies*; i gCarraig; i gCallainn srl

Caithfear na línte filíochta a léamh **go fogharchruinn**, **rithimchruinn** chun lánmharcanna nó marcanna arda a ghnóthú sa scrúdú.

N.B. Tá **cúig dhán** (nó codanna díobh) san iomlán le hullmhú agat don scrúdú cainte: **An Spailpín Fánach**; **Géibheann**; **An tEarrach Thiar**; **Mo Ghrá-sa (Idir Lúibíní)**; **Colscaradh**.

Nathanna Cainte agus Seanfhocail Áisiúla don Scrúdú Cainte:

- Is é mo thuairim phearsanta ná . . .
- Ar an gcéad dul síos ba mhaith liom a rá . . .
- Níl barúil dá laghad agam . . .
- Níl tuairim agam ó thalamh an domhain . . .
- Is bocht an scéal é . . .
- Is binn béal ina thost.
- Níl tada gur féidir le héinne a dhéanamh faoi fhadhb an óil . . .
- Caithfidh an Rialtas tabhairt faoin bhfadhb a réiteach . . .
- Chun an fhírinne a insint níl tuairim dá laghad orm . . .
- Cuireann drochstaid na tíre cochall feirge orm . . .
- Bíonn dhá thaobh le gach scéal . . .
- Ní lia duine ná tuairim.
- Is leor nod don eolach.
- Tír gan teanga tír gan anam.
- Is fearr sona ná saibhir.
- Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.
- Is fearr cara sa chúirt ná punt (euro fiú!) sa sparán.
- Mol an óige agus tiocfaidh sí
- Tír gan teanga tír gan anam.
- Bíonn an fhírinne searbh.
- Is fearr an tsláinte ná na táinte.

Páipéar 1/Cuid II

Ceapadóireacht (100 marc)

B Scéal

Cothrom na Féinne

Dhearc Máire amach an fhuinneog. Bhí sé ag cur fearthainne amuigh. Bheadh sí báite go craiceann ag siúl abhaile ón scoil. Bheadh uirthi obair an tí go léir a dhéanamh ansin, agus an dinnéar a ullmhú dá tuismitheoirí agus dá deartháir, Colm. Ina dhiaidh sin bheadh uirthi luí isteach ar an obair bhaile. Chroith sí a ceann go dólásach. Bhí sí ag éirí tuirseach den rud ar fad. Ní raibh faoiseamh ar bith le fáil aici ón tsíorobair seo.

Bhuail an cloigín. Abhaile le Máire go beo agus an bháisteach ag stealladh anuas uirthi. Nuair a shroich sí a háit chónaithe lasmuigh den mbaile mór d’athraigh sí a cuid éadaí fliucha go sciobtha agus seo léi ag cóiriú leapacha agus ag réiteach na háite ar a dícheall. Ghlan sí gréithre an bhricfeasta ansin agus thosaigh ag ullmhú an dinnéir.

Bhí sí nach mór críochnaithe nuair a chuala sí carr a tuismitheoirí amuigh sa chlós. Bhí sé ag druidim lena sé a chlog um an dtaca seo agus bhí Máire spíonta amach ón obair chrua.

Tháinig a tuismitheoirí agus Colm isteach an doras. Ba ghnách le Colm peil Ghaelach a imirt ar scoil tar éis scoile agus bhailíodh Mam agus Daid ansin é ar a mbealach abhaile ón oifig sa bhaile mór.

Bhí an dinnéar ullamh ag Máire. Shuigh an ceathrar acu síos agus d’ith siad an dinnéar. Tar éis dinnéir bhí ar Dhaid freastal ar chruinniú sa bhaile mór agus seo le Colm ina dhiaidh.

‘Tá díospóireacht ar siúl i halla na scoile anocht,’ ar seisean, ‘agus tá buachaillí ó mo rangsa ag glacadh páirte inti. Dúirt mé leo go mbuailfinn leo ag a seacht a chlog.’ D’imigh Colm agus a Dhaid.

Fuair Mam glao teileafóin óna cara, Rita. ‘Caithfidh mé bualadh le Rita ar feadh tamaill,’ ar sise le Máire. D’imigh sí.

Fágadh glanadh na ngréithe ar fad faoi Mháire. Níor fhág sí an chistin an oíche sin go dtí leathuair tar éis a seacht agus í tuirseach, tnáite, traochta.

Bhí uirthi aghaidh a thabhairt ar an obair bhaile ansin. An oíche sin sa leaba, chaoín sí uisce a cinn. An mhaidin dár gcionn, ghlaigh a máthair uirthi ag a seacht a chlog, mar ba ghnách. Freagra ní bhfuair sí. Ghlaigh sí uirthi arís agus arís eile agus níor tharla tada. Isteach léi ina seomra. Ní raibh Máire ann. Bhuail scanradh an mháthair. Ghlaigh sí ar Dhaid agus ar Cholm.

Chuardaigh siad an teach ó bhun go barr ach ní raibh tasc ná tuairisc ar Mháire. Chuir siad fios ar na Gardaí. N’fheadar éinne cá raibh sí imithe.

Bhí a tuismitheoirí agus Colm trí chéile go mór.

An tráthnóna sin bhí siad sa seomra suite agus iad go mór trí chéile nuair a shiúil Máire an doras isteach. Baineadh siar astu go mór. D’fhiafraigh siad di cá raibh sí. ‘Amuigh,’ ar sise. D’fhéach sí timpeall uirthi. Bhí an áit go léir trína chéile, málaí agus cótaí caite i ngach áit. ‘An bhfuil an dinnéar ullamh?’ ar sise ‘Tá ocras orm!’ D’fhéach siad ó dhuine go duine. Tháinig ceann faoi orthu. ‘Táimse tuirseach den sclábhaíocht,’ ar sise, ‘nach bhfuil sé in am do Cholm tréimhse a chaitheamh sa chistin?’ Léim Colm ina sheasamh. Amach leis go dtí an chistin. Chuala Máire é ag útamáil le potaí agus pannaí amuigh. ‘Ní thuigim ...’ arsa a Daid léi, ‘ní thuigim cad tá ar siúl agat, a Mháire. Cad tá uait, in ainm Dé?’ D’fhéach Máire idir an dá shúil ar a máthair. Bhí sé róshoiléir gur thuig sí siúd go maith cad a bhí ag cur as do Mháire. Léim sí ina seasamh agus rug sí lombharróg ar a hiníon. ‘Níl uaithe,’ ar sise, go mall, stadach, ‘ach Cothrom na Féinne sa teach seo, rud a gheobhaidh sí feasta, deirimise leat!’

Gluais

Dhearc - (she) looked
dólásach - sadly
faoiseamh - relief
spíonta - worn out
tasc ná tuairisc - not a trace
ceann faoi - shame
útamáil - fumbling
lombharróg - a tight hug





Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •



Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 2 Dánta Breise (40 marc)

Ceist 4 F / Fill Arís

le Seán Ó Ríordáin

(i) Cad é príomhthéama an dáin Fill Arís? Léirigh mar a d'fhorbair an file an téama.

Is tírghrá téama an dáin seo, dar liom. Léiríonn an file an grá atá aige dá thír dhúchais agus don teanga Ghaeilge sa dán. Déanann sé an téama sin a fhorbairt go healaíonta is go héifeachtach ó thús deireadh an dáin.

Tá sé ar a bhealach go dtí Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Tá sé tagtha chomh fada le Gleann na nGealt - siombail/meafar don deighilt atá idir domhan an Bhéarla agus domhan na Gaeilge. Ba mhaith leis go ndéanfadh muintir na hÉireann an teanga Ghaeilge a labhairt agus diúltú don mBéarla:

Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Is an bóthar fada, bain ded mheabhair
Srathar shibhialacht an Bhéarla,
Shelley, Keats is Shakespeare

Impíonn sé orainn aghaidh a thabhairt ar an nGaeltacht - foinse na teanga labhartha - agus an teanga a labhairt agus a fhoghlaim. Braitheann sé, is léir, go bhfuil an Gaeltacht faoi bhagairt ag fórsaí cumhachta an Bhéarla agus go bhfuil sé mar dhualgas orainne, Gaeil, í a chosaint agus a chaomhnú:

Téir faobhar na haille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiseal gairmeach ar bhéalaibh daoine.

Dar leis an bhfile, tá do cheann scríbe sroiste agat ansin. Tá tú sa bhaile. Tá deireadh le d'aistear intinne agus teanga:

Sin é do dhoras,
Dún Chaoín fé sholas an tráthnóna,
Buail is osclófar
D'intinn féin is do chló ceart.

(ii) Mínigh na línte seo:

Nigh d'intinn is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim

Déan d'aighe a ghlanadh agus glan/do chuid cainte atá truaillithe ag struchtúir chainte an Bhéarla/nach bhfuil ag réiteach le do dhúchas féin

(iii) Scríobh nóta ar an bhfile.

Rugadh Seán Ó Ríordáin i mBaile Bhuirne i nGaeltacht Mhúscraí sa bhliain 1916. Chaith sé a shaoil oibre mar státseirbhíseach i Halla na Cathrach i gCathair Chorcaí. Bhog sé go hInis Cara agus é fós ina fhear óg. Bhí an eitinn air agus chaith sé tréimhsí fada san ospidéal. Bhí tionchar mór ag a dhrochshláinte ar a chuid filíochta.

D'fhoilsigh sé trí chnuasach filíochta lena bheo agus foilsíodh Tar Éis mo Bháis sa bhliain 1978. Bhí an bás agus an peaca mar phríomhthéamaí ina chuid filíochta. Théadh sé go Corca Dhuibhne ar bhonn rialta i rith a shaoil. Cailleadh é sa bhliain 1977.

Gramadach Gan Dua! 19 An Tuiseal Ginideach

Úsáidtear an Tuiseal Ginideach:

(i) Nuair a thagann dhá ainmfhocal le chéile, bíonn an tarna ceann sa Tuiseal Ginideach (go háirithe nuair is úinéireacht a bhíonn i gceist).

Samplaí

an teach - cúl *an tí*
an bhean - cos *na mná*
Seán - mac *Sheáin*
Ó Conaill - Sráid *Uí Chonaill*

(ii) Nuair a bhíonn ainmfhocal faoi réir ag Ainm Briathartha:

Samplaí

an chistin - ag glanadh *na cistine*
an doras - ag dúnadh *an dorais*
fear - ag marú *na bhfear*
bean - Sliabh *na mBan*

(iii) Ar lorg *chun, trasna, timpeall, cois* etc.

Samplaí

an fharraige - chun *na farraige*
na tonnta - trasna *na dtonnta*
an áit - timpeall *na háite*
abhainn - cois *abhann*

(iv) Ar lorg na réamhfhocal comhshuite: in aice, os comhair, tar éis, i rith etc.

Samplaí

an tine - in aice *na tine*
an fhuinneog - os comhair *na fuinneoige*
seachtain - tar éis *seachtaine*
an samhradh - i rith *an tsamhraidh*

N.B.

- (a) Is é 'an' foirm an ailt sa Tuiseal Ginideach, Uatha, firinsneach, m.sh. an cat súile an chait; an t-éan ag marú an éin.
(b) Is é 'na' foirm an ailt sa Tuiseal Ginideach, Uatha, baininsneach, m.sh., an bhróg iall na bróige; an tsráid trasna na sráide.
(c) Cuireann an t-alt (an) seimhiú ('h') ar thúschonsan ainmfhocail (mura d, t, s a bhíonn i gceist) sa Ghinideach, Uatha, firinsneach, m.sh., an capall cos an chapaill; an manach lámh an mhanaigh.
(d) Ní athraítear guta. m.sh., an t-asal cos an asail; an t-iasc boladh an éisc.
(e) Cuireann an t-alt (na) 'h' roimh ainmfhocal dar tús guta sa Tuiseal Ginideach, Uatha, baininsneach, m.sh., an oíche lár na hoíche; an áit - timpeall na háite, etc.

Cleachtaí

Aithris nó scríobh gan lúibíní an fhoirm cheart de na habairtí seo a leanas:

- (i) Tá Carraig (na Fir) i gCorcaigh.
(ii) Bhí sé ag ól (deoch) agus ag ithe (úll).
(iii) Chuaigh siad chun (an trá) inné.
(iv) Shuigh sé síos in aice (an doras) agus lig sé a scíth.
(v) Bhí doras (an teach) briste.
(vi) Tá Seán ag freastal ar Choláiste (Pádraig).
(vii) Thit sí ina codladh i lár (an lá).



Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •



Gaeilge – Teastas Sóisearach 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar 1 / Roinn IV Ceapadóireacht (50 marc)

B. Scéal/Eachtra

Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:-

“Bhí mé i m’aonar sa teach. Go tobann chuala mé cnag íseal ar an doras. Phreab mo chroí le scanradh . . .”

Bhí mé ar tí dul a chodladh. Bhí mé thuas staighre sa seomra codlata. Bhí sé a cúig chun a haon ar maidin. Cé a bhí ann? D’éist mé go géar arís. Níor chuala mé rud ar bith an babhta seo. B’fhéidir nár chuala mé tada ar an gcéad dul síos. B’fhéidir nach raibh ann ach go raibh mo shamhlaíocht ag fáil an lámh in uachtar orm.

Léim mé isteach sa leaba. Thosaigh mé ag léamh irise spóirt. Ansin chuala mé arís é. Bhí an torann níos airde an t-am seo. Tháinig eagla orm. Mhúch mé an solas. B’fhéidir go raibh duine éigin ag iarraidh briseadh isteach sa teach. Thosaigh mé ag crith le neart eagla. Cad a dhéanfainn?

Bhí mé i m’aonar sa teach. Bhí mo thuismitheoirí imithe don deireadh seachtaine. Bhí mo dheartháir, Aonghus, imithe go dtí club oíche lena chara, Liam.. Léim mé amach as an leaba agus chuir mé mo chuid éadaigh orm. Seo liom amach go dtí barr an staighre. D’éist mé. Chuala mé an cnag arís. Bhí mé sceimhlithe i mo bheatha.

Thóg mé amach mo ghuthán póca. Bheadh orm glao a chur ar na gardaí. Ach dá mba rud é nach raibh ann . . . Anuas an staighre liom ar mo bharraicíní. Nuair a shroich mé an halla chuir mé cluas le héisteacht orm féin. Chuala mé duine éigin ag caint. D’fhan mé san áit ina raibh mé agus mé reoite le heagla.

Ansin léim mo chroí le háthas. D’aithin mé an guth! Aonghus a bhí ann. D’oscail mé an doras agus bhí sé ina sheasamh os mo chomhair amach, a chara Liam ina theannta.

“Cad atá cearr leatsa?” d’fhiafraigh sé díom. “Tá d’aghaidh chomh bán le sneachta.”

“Bhain tú . . bhain tú geit . . geit uafásach asam, a phleidhce,” d’fhreagair mé.

“Nár chuala tú mé ag cnagadh? An bodhar atá tú? Táim ag cnagadh le deich nóiméad. Rinne mé dearmad ar m’eochar. Lig isteach sinn, in ainm Dé.”

Cé go raibh mé ar buile leis, lig mé an bheirt acu isteach. Ar bhealach bhí áthas orm gurbh é mo dheartháir a bhí ann seachas . . seachas gadaí nó . . nó dúnmharfóir. Nach orm a bhí an t-áthas agus mé ag dul suas an staighre go dtí mo leaba chompordach!

Gluais

sceimhlithe - terrified
barraicíní - tip-toes
reoite - frozen

Páipéar II / Roinn II Filíocht (30 marc)

Ceist 3. 15 mharc

Léigh an da dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. Is féidir **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**. Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó** as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh. *Bíodh na freagraí i d’fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

Fáilte don éan

Fáilte don éan is binne ar chraoibh
Labhras ar caoin na dtor le gréin;
Domsa is fada tuirseach an tsaoil
Nach bhfeiceann í le teacht an fhéir.

Cluinim, cé nach bhfeicim a gné,
Seinnm an éin darb ainm cuach;
Amharc uirthi i mbarra géag
Mo thuirse ghéar nach mise fuair.

Gach neach dá bhfeiceann cruth an éin,
Amharc Éireann deas is tuaidh,
Bláth na dtulach ar gach taoibh,
Dóibh is aoibhinn bheith dá lua.
Séamas Dall Mac Cuarta

Droimeann Donn Dílis

A dhroimeann donn dílis,
A shíoda na mbó,
Cá ngabhann tú san oíche
Is cá mbíonn tú sa ló?
Bíonn mise ar na coillte
Is mo bhuachaill im chomhair,
Agus d’fhág sé siúd mise
Ag sileadh na ndeor.

Níl fearann, níl tíos agam,
Níl fionta ná ceol,
Níl flatha im choimhdeacht,
Níl saoithe ná sló;
Ach ag síoról an uisce
Go minic sa ló,
Agus beathuisce is fion
Ag mo naimhde ar bord.

Dá bhfaighinnse cead aighnis
Nó radharc ar an gcoróin,
Sasanaigh do leadhbfainn
Mar do leafhbfainn seanbhróg,
Trí chnoca, trí aillte
Is trí ghleannta dubha ceo
Agus siúd mar a bhréagfainnse
Mo Dhroimeann donn óg.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuisicint)

- (i) (a) An áthas nó brón atá ar an bhfile nuair a chloiseann sé an t-éan? (*Fáilte don Éan*)
(b) Cá mbíonn an droimeann san oíche agus i rith an lae? (*Droimeann Donn Dílis*)

- (ii) (a) Cad chuige, nach bhfuil ar chumas an fhile an t-éan a fheiscint? (*Fáilte don Éan*)
(b) Cad a bhíonn le hól ag naimhde na droiminne? (*Droimeann Donn Dílis*)

- (iii) (a) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, Fáilte don Éan, dar leat?
(b) Da bhfaigheadh an droimeann cead troda, cad a dhéanfadh sí do na Sasanaigh? (*Droimeann Donn Dílis*)

B (Léirithuisicint ghinearálta)

- (i) Dán dúlra is ea an dán seo. Léirigh dhá phointe faoin dán a chuireann é sin in iúl dúinn. (*Fáilte don Éan*)

- (ii) An dóigh leat gur dán meafarach (*ie. dán a bhfuil níos mó ná brí amháin leis*) an dán seo? Tabhair dhá fháth le do fhreagra. (*Droimeann Donn Dílis*)

- (iii) Cé acu den dá dhán is fearr leat? Cúir fáthanna le do thuairim. (*Is leor dhá fháth.*)

Gluais

ar chaoin na dtor - on top of the bushes
a gné - her appearance
neach - person
amharc - sight
bláth na dtulach - the flowers on the hillocks
dá lua - hearing/mentioning her

Gluais

Droimeann - (=droimfhionn/droim + fionn)
bó dhonn/bhán - ainm fileata ar Éirinn
fearann - talamh
tíos - teach
flatha - ceannaire
im choimhdeacht - im theannta
cead aighnis - cead troda
leadhbfainn - bhuailfinn
bhreagfainnse - mheallfainnse





Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

An Todhchaí - Stór Focal

Céard a dhéanfaidh tú tar éis na scoile?

Cad iad na pleananna atá agat don bhliain seo chugainn?

Ba mhaith liom

- cúrsa/céim a dhéanamh ...
- post a fháil ...
- taisteal a dhéanamh ...

Céimeanna & Cúrsaí

- Dlí
- Leigheas
- Innealtóireacht
- Múinteoireacht
- Altracht
- Ailtireacht
- Teiripe urlabhra agus teangaSíceolaíocht

- Dioplóma Náisiúnta Staidéar Gnó in Áineas agus Fóillíocht
- Lónadóireacht Óstáin agus Turasóireacht
- Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Spóirt agus Sláinte
- Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Luath-Óige

Obair - Saol na hOibre

Post a fháil

- i siopa
- in ollmhargadh
- in oifig
- i mbialann
- i monarcha

Taisteal

- an Áis a fheiceáil
- taisteal ó thírd go tír
- saoire fada a thógáil
- saoirse a bheith agam
- mo rogha rud a dhéanamh
- an domhan mór a shíúil

An bhliain seo chugainn / sa todhchaí / amach anseo

Frásaí- Ag labhairt faoin todhchaí

- Ba mhaith liom ...
- Thaitneodh liom ...
- Tá sé beartaithe agam post a fháil.
- Tá sé ar intinn agam cúrsa i a dhéanamh
- Tá sé ar intinn agam ...
- Tá sé i gceist agam dul go... X ar feadh tamaill
- Tá mé chun coicís a chaitheamh in Ibiza.
- Ba bhreá tabhairt faoi chéim i

Fregra Samplach

Céard a dhéanfaidh tú an Samhradh seo chugainn?

Sin ceist mhaith anois. Caithfidh mé a bheith iomlán macánta faoi, níl mé ró-chinnteach céard a dhéanfaidh mé go fóillín! Tá cúpla smaoineamh agam ceart go leor, ach dár ndóigh braitheann chuile cheann acu nach mór ar chúrsaí airgid, ceal airgid ní bheidh mórán idir lámha agamsa an samhradh seo chugainn! Má éiríonn liom post samhraidh a fháil áit éigin beidh deis agam roinnt airgid a shábháil agus b'fhéidir ansin go mbeinn ábalta dul ar saoire le mo chairde i mí Lúnasa. Tá sé beartaithe ag roinnt de mo chairde dul chuig Ibiza ar feadh coicise i mí Lúnasa, nuair a fhaigheann muid torthaí na scrúduithe. Ba bhreá liomsa dul leo. Ina dhiaidh sin beidh mé ag fanacht ar thairiscintí ón CAO. Tá sé ar intinn agam cúrsa dlí a dhéanamh in ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Teastaíonn os cionn ceithre céad caoga pointe ar a laghad chun áit a ghnóthú ar an gcúrsa agus is ag Dia atá a fhios an éireoidh liom an méid pointí sin a fháil. Ach le cúnamh Dé gheobhaidh mé mo dhothain pointí agus tógfaidh mé na cosa liom go Gaillimh ar feadh cúpla bliain. Caithfidh mé roinnt ama thíos i gCiarraí le mo cholceathracha i rith an tsamhraidh freisin. Téim go Ciarraí chuile shamhradh agus bíonn an-chraic agam ann i gcónaí. Sin cuid de na pleananna atá agam don samhradh seo amach romhainn.

Gluais

idir lámha: doing
dothain: enough
ceal: without
tairiscintí: offers
torthaí: results

Gramadach - Má

Treoir

-Má = if

-Úsáidtear Má agus an aimsir láithreach den bhriathar go minic ag labhairt faoi todhchaí.

- Cuireann má séimhiú ar an bhfocal a leanann é

Sampla

Má fhaigheann sí os cionn cúig chéad pointe beidh sí ar mhuin na muice

Críochnaigh na habairtí

1. Má fhaighim dóthain pointí rachaidh mé chuig
2. Mura bhfaighim dóthain pointí
3. Má bhíonn sé tirim an deireadh seachtaine seo rachaidh mé ag ...
4. Mura gceannaíonn tú an carr anois ...
5. Má dhéanann tú neart cleachtaidh ...

Obair bhéil - Bí ag caint! - Mo shaol - An Todhchaí

1. Cad iad na pleananna atá agat don samhradh seo chugainn?
2. An mbeidh tú ag dul ar saoire an samhradh seo?
3. Céard a dhéanfaidh tú tar éis na hardteiste?
4. An rachaidh tú amach le do chairde an deireadh seachtaine beag seo?
5. An rachaidh tú chuig ceolchoirm nó féile ceoil an samolradh seo?

Cuardach na bhFocal - Cúrsaí Taistil - Tíortha

Tá ainmneacha deich dtír i bhfolach sa lúbra thíos, an féidir leatsa teacht orthu?

N	U	M	H	Y	N	W	Y	W	P	S	E	O	V	A
O	N	B	X	B	I	A	O	K	I	E	I	L	N	N
P	D	I	E	F	Á	W	N	Á	Y	O	A	N	T	S
S	L	J	A	O	M	N	N	A	G	W	I	U	V	P
I	O	H	V	L	R	A	Í	U	S	A	M	Z	N	Á
Ú	W	F	J	Y	A	Y	W	S	L	T	T	V	I	I
R	V	A	D	K	É	É	U	O	T	P	R	B	Y	N
N	Q	V	E	K	H	C	H	J	A	N	O	Á	V	N
A	C	S	L	S	G	P	X	S	V	M	A	Q	I	H
T	W	A	M	C	N	G	E	P	A	H	L	M	I	L
R	W	W	K	A	A	P	Q	Z	C	U	Z	L	V	V
A	N	F	H	R	A	I	N	C	Y	H	N	M	L	R
S	L	E	W	C	N	L	Z	L	X	K	Y	N	C	N
D	G	Z	P	T	A	B	N	A	O	U	U	C	A	X
E	N	O	Z	L	I	Á	D	O	I	N	A	V	W	O

Nóta: Tagann an t-alt (an) roimh ainm gach tír sa lúbra seo, níl aon spás idir an agus ainm na tíre. M.sh tá ANFHRAINIC sa lúbra



Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •



OSPS - Alcól



Tá alcól mar chuid de chultúr na hÉireann. Feiceann muid feachtais an t-am ar fad mórtimpeall orainn faoi chontúirt an ólacháin ach go minic ní thugann ógánaigh aon aird orthu. In Éireann tá sé in aghaidh an dli d'aon duine faoi 18 bliain d'aois alcól a ól. Níl cead ag aon duine atá os cionn 18 bliain d'aois alcól a cheannach do dhuine atá faoi 18 bliain d'aois.

Fíricí óil

- Druga dleathach is ea an t-alcól
- Is é an t-alcól ceann de na drugaí is mó a mbaintear mí-úsáid as in Éirinn.
- D'fhéadfadh tionchair an alcóil ar an gcorp maireachtáil ar feadh seacht n-uair an chloig.
- Má thosaíonn tú ag ól ag 13 bliana d'aois tá cheithre uaire níos mó de sheans go mbeidh fadhbanna agat nuair a bheidh tú 24 bliana d'aois ná dá dtosódh tú ag ól ag 21 bliain d'aois.
- Is féidir le spleáchas agus andúil a bheith mar thoradh ar ólachán rialta.
- Má ólann tú alcól mar dhéagóir is féidir leat damáiste a dhéanamh ar do chuimhne go buan.
- Bíonn andúil drugaí ag 10% díobhbh sin a ólann alcól.
- Ní amháin go ngortaíonn alcól na daoine iad féin, gortaíonn sé freisin a dteaghlach agus a gairde.

Contúirtí an alcóil

- Is féidir le halcól dochar a dhéanamh d'fhíocháin na hintinne.
- Tá go leor calraí in alcól ach níl aon mhaitheas cothaitheach ag baint leis.
- Is féidir le ólacháin i rith toirchis dochar a dhéanamh do shláinte an pháiste sa mbroinn.
- Is féidir le galar croí agus ae a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid alcóil.
- Íslíonn alcól urchoilleadh ionas go ndéanann daoine rudaí nach ndéanfaidís go hiondúil, m.s. ag rith trasna an bhóthar agus carr ag teacht.
- Is féidir andúil a fháil ar san ól.
- Fadhbanna boilg, m.s. othrais.
- I ngéarchásanna d'fhéadfadh nimhiú alcóil, damáiste inchinne, cóma nó bás a bheith mar thoradh ar an alcól.

Comhrá sa rang

Bíodh comhrá agaibh sa rang agaibh ar faoi na fáthanna a n-ólaíonn déagóirí alcól. An bhfuil rudaí eile gur féidir lea d'fhéadfadh ógánaigh a dhéanamh in áit a bheith ag ól alcóil?

Ragús Óil

Go dtí seacht mbliana ó shin, bhí sé ráite gur tréimhse ragúis óil a bhí i gceist le duine a bheadh óltach ar feadh níos mó ná dhá lá as a chéile, tráth a ndéanadh duine faillí ina chuid dualgas chun a bheith óltach. Sa sainmhíniú a thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar ragús óil, dúirt siad gurb shin sionann é agus sé dheoch chaighdeánacha (3 phionta) ag aon

seisiún amháin óil.

Alcólachas

Is galar é an t-alcólachas. An toradh a bhíonn ar alcólachas ná go mbíonn an duine tugtha don ól. **Alcólach** a thugtar ar duine a bhfuil an galar alcólachais air nó uirthi. Ní gá go n-ólfadh alcólach gach lá. Is féidir le fear nó bean „duine saibhir nó duine bocht, sean nó óg, fadhb ólacháin a bheith acu. Tá sé tábhachtach smaoiniamh nach bhfuil aon neart ag an alcólach ar an bhfadhb agus gur galar atá ann. Tá Bíonn fadhb ólacháin ag duine sna cásanna seo a leanas:

- Níl siad in ann stopadh ag ól tar éis dóibh tosú.
- Cuireann alcól as don ghnáthshaol atá acu, m.s. obair agus teaghlach.
- Déanann siad dearmad ar an méid a tharla le linn dóibh a bheith ag ól.
- Déanann siad nithe nach ndéanadh siad mura mbeidís ag ól.
- Ólann siad chun dearmad a dhéanamh ar a gcuid fadhbanna.

Alateen

Seirbhís thacaíochta do déagóirí atá a bhíonn ag mí-úsáid alcóil is ea Alateen. Féach air : <http://www.al-anon-ireland.org/> chun tuilleadh eolais a fháil

Comhrá sa Rang

Déan plé sa rang ar na feachtais faoi chontúirtí ólacháin atá a bhíonn sna meáin agus an bhfuil siad éifeachtach, dar libh?

OSSP - Na daoine atá i gceannas

An Taoiseach

Is é an Taoiseach ceann an rialtais. an Taoiseach. Bíonn Toghtar an Taoiseach tofa ag sa Dáil tar éis olltoghcháin. Go h-iondúil is é an Taoiseach ceann an pairtí pháirtí pholaitiúil is mó atá a mbíonn baill acu sa Dáil. I measc na ndualgais atá a bhíonn air An an Taoiseach tá ag ceaptha ceapadh Airí, a bheith ag ritheann sé/sí cruinnithe rialtais agus cruinnithe leis an Aontas Eorpach agus roghnaíonn roghnú siad cén uair a bhíonn bheidh olltoghcháin ann.

An Tanáiste

Is é An Tanáiste leas cheannaire an rialtais. An Tanáiste. Gníomhaíonn An Tanáiste mar cheannaire an Stáit nuair nach bhfuil mbíonn an Taoiseach sa Stáit.

Airí

Is iad na hAirí iad baill an na comh-aireachta. Tugtar an freagracht don Aire dhul ag obair i Roinn áraithear leith. Freastalaíonn Airí ar chruinnithe agus freagraíonn siad ceisteanna san Dáil agus san Aontas Eorpach. Glacann Airí páirteanna i ndíospóireachtaí ndíospóireachtaí faoi pholasaithe agus dlíthe./





Gaelscéal ar Scoil

• MEÁNSCOIL •



Comhairle Gairmthreorach:

Gairmeacha le Gaeilge agus Teangacha eile – sa todhchaí

Níl aon abhras faoi ach gur buntáiste mhór í cailíochtaí a bheith ag duine i dteangacha. Má tá súim agat oibriú leis nó tríd an nGaeilge amháin bíonn réimse leathan deiseanna ag céimithe a bhfuil Gaeilge líofa acu. Ní amháin le haistriúcháin agus na meáin agus sna réimsí níos traidisiúnta, cosúil le múinteoireacht freisin. Bíonn deiseanna fostaíochta sna healaíona pobail, bainistíocht imeachtaí agus na hilmheáin. In eagraíochtaí na hearnála poiblí tá postanna riaracháin agus teicniúla ag gráid éagsúla ar fáil ó leibhéal iontrála go dtí bainistíocht shinsearach. Sna sainréimsí tá deiseanna iontach go háirithe, múinteoireacht nó oideachas trí Gaeilge ag leibhéal ar bith ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal. Tá go leor comhlachtaí in Éireann ag cuartú daoine le teangacha Eorpacha, mar shampla, Gearmáinis, Fraincis agus Spáinnis. In Daonáireamh 2011 taispeánadh gurb í an Ghaeilge an tríú teanga is mó a labhraítear in Éireann, tar éis Béarla agus Polainnis. Labhraíonn 82,500 duine Gaeilge taobh amuigh den seomra ranga, áit ina bhfuil sé riachtanach í a labhairt. Sa Ghaeltacht, labhraíonn 35% Gaeilge go rialta. Tá na figiúirí sin méadaithe ón daonáireamh a tógadh cúig bliana roimh sin.

Na Meáin

Sna meáin, is féidir a bheith ag obair sna meáin chraolta, chlóite nó sna meáin dhigiteacha. Chomh

maith leis sin, tá forbairt na teicneolaíochta faisnéise cumarsáide tar éis tairbhe a dhéanamh do gach mionteanga. Chuidigh sé leis an bhfás i bogearraí, suíomhanna gréasáin agus léiriúcháin chraolta trí mhéan na Gaeilge. Tá dearcadh ag daoine i leith na Gaeilge mar uirlis iontach ghnó agus mhargaíochta. Mar a luaigh mé roinnt seachtainí ó shin, tá cúrsa Cumarsáide in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in Acadamh na hOllscoile ar an gCeathrú Rua ina bhfuil mic léinn ag baint cailíochtaí amach a thabharfaidh postanna dóibh ar an teilifís, an raidió nó in irisíoireacht trí mhéan na Gaeilge. Ó 2003, tá an t-aitheantas don Gaeilge mar theanga oibre oifigiúil den Aontas Eorpach agus Acht na dTeangacha Oifigiúla tar éis cur leis na deiseanna atá ar fáil agus tá méadú tagtha ar an méid postanna atá ar fáil san aistriúchán agus san ateangaireacht.

Ateangaireacht

Tá an ateangaireacht difriúil ón aistriúchán sa mhéid is go bhfuil sí bunaithe ar chumarsáid béil seachas ar chumarsáid scríofa. Tá deiseanna oibre ar fáil ag léamh profaí, fotheidealú, bainistíocht tionscadáil agus comhordú teanga. Freisin tá fostaíocht le fáil i gcomhlachtaí rialtais, in institiúidí Eorpacha agus in eagraíochtaí príobháideacha. Oibríonn roinnt céimithe mar chleachtóirí ealaíne, ach freisin tá deiseanna ann d'fhoireann theicniúil, oideachas agus

riaracháin taobh istigh d'eagraíochtaí tacaíochta. Tá go leor deiseanna fostaíochta ar scéimeanna ar nós na Campaí Samhraidh agus Scéim na nImeachtaí Óige. I rith na bliana freisin, ar ndoigh, agus go mór mór sa samhradh bíonn go leor turasoír ar cuairt, mar sin bíonn deiseanna fostaíochta ann do choimeádaithe, do treoirithe agus bainisteoirí turais, riarthóirí ag músaem agus suíomhanna oidhreacht ar fud na tíre. Má tá súim agat sna meáin, is buntáiste mhór a bheith dátheangach, mar go bhfuil na réimsí postanna i bhfad níos leithne. Sna meáin chraolta tá raidió agus teilifís ar fáil, mar shampla, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 atá lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá léiritheoirí neamhspleacha ann freisin, ar nós Telegael, sa Spidéal a dhéanann go leor aistriúcháin ar cláracha do TG4. Tá aonad Gaeilge ag an BBC sa Tuaisceart (BBC Northern Ireland) i mBéal Feirste a chraolann cláracha teilifíse agus raidió agus tá méadú ag teacht ar an aonad seo. Sna meáin chlóite, bíonn méid áithrid teoranta sna foilseacháin Bhéarla trí mhéan na Gaeilge. Bíonn an páipéar nuachta seo “Gaelscéal” sna siopaí gach Céadaoin, páipéar atá ar chaighdeán an-ard agus is trí mhéan na Gaeilge amháin atá sé. Tá foilseacháin eile “Saol” le fáil uair sa mhí ach is ar an Idirlíon amháin atá fáil air sin, ag www.gaeilge.ie/saol. Tá na meáin dhigiteacha fíorthábhachtach do na teangacha neamhfhorleathana ar fud an domhain. Tá go leor deiseanna ar

fáil do chéimithe chun tionscadáil spreagúla nua cheannródaíoch a fhorbairt i réimsí cosúil le oideachas, siamsaíocht nó fógraíocht. Má tá céim agat cheana féin agus suim agat forbairt a dhéanamh ar an teanga, tá réimse mór iarchéimeanna atá tú in ann a dhéanamh sna hOllscoileanna i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua, i Luimneach, i Maigh Nuad, in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, i gColáiste Ollscoil Naomh Muire, Beal Feirste, i gColáiste Naomh Padraig, Drom Conrach, i gColáiste na Tríonóide, i gColáiste na hOllscoile Corcaigh, in Ollscoil Uladh agus araile. Ar ndoigh, tá Údarás na Gaeltachta ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá oifig an Choimisinéir Teanga, Séan Ó Cuirreáin lonnaithe i nGaeltacht Chonamara, sa Spidéal. Ceann de na freagrachtaí atá air siúd ná monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí agus gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí a ndualgais faoin Acht. Is ról fíorthábhachtach don Ghaeilge é sin agus is iontach go bhfuil a leithid ann chun postanna trí Ghaeilge agus an teanga féin a choinneáil beo.

Patricia Uí Fhlaithearta

Comhairleoir Gairmthreorach

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Nua an tseachtain seo ag www.oideachas.gaelisceal.ie

Nua ar líne an tseachtain seo


Podchraoltaí bunaithe ar Léamhthuisctí do Ardteist Ardleibhéal 2013

Tá an t-ábhar seo leanas le fáil ar an suíomh:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín “Na Rúin” agus Údar
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaím na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPS.



Crosfhocal 06.02.2013



NODA

TRASNA

- 1 An fíor chostas nó praghas atá ann (5)
- 4 Céile an lacha (6)
- 9 Droch-ghuá nó olc a ghuaí ar dhuine (8)
- 10 Cáil, iomrá (3)
- 12 Daoine ag fanacht ina suí oíche roimh an tórramh (5)
- 13 Béaloideas (8)
- 16 Duine a bhíonn ag seilg créatúr na mara nó na habhann (8)
- 19 25 uair a' chloig (2)
- 20 Óinseach (6)
- 21 Tír mhór san Oirthear (3)
- 22 Rud a dhéantar go rialta (3)
- 23 Ceann amháin (3)
- 24 Tír ó thuaidh ó Shasana (4)
- 28 Sliabh (4)
- 30 Alt, cuid (3)
- 31 Fuaim íseal áthais nó bróin (4)
- 32 Oileáin ar chósta na Gaillimhe (5)

SÍOS

- 2 Ina timpeall, timpeall an cailín (5)
- 3 Droim, taobh thiar (3)
- 5 Cuir solas ar siúl in athuair (6)
- 6 Ainmhi oibre ar an fheirm (4)
- 7 Scéalta a thugtar mar shamplaí de chiall eile (7)
- 8 An chéad mhí den bhliain (6)
- 11 Toradh glas, nó dearg a gheofa go minic in Ard Mhacha (3)
- 13 Dath bán ar do chuid ghruaige (5)
- 14 An chéad cheann eile, an ceann is ____ (5)
- 15 Formad (3)
- 17 Bealach (3)
- 18 Airgead a iocaimid leis an rialtas (7)
- 21 Leid, nod (5)
- 25 Téigh ina dhiaidh (4)
- 26 Caite, gan feidhm (3)
- 27 An caidéal a bhrúnn fuil timpeall an choirp (4)
- 29 Grúpa daoine ag canadh le chéile (3)

Crosfhocal

30.01.2013

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Eilís Ní Bheaglach, 'Droim Dearg'
Coill Uachtair, Caisleán Gearr, Gaillimh



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar-Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 11.02.2013 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal, 15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.*



Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

An focal deireannach

Le Síle Ní Bhraonáin



'Mí-úsáid' – focal a dhéanann míchompordach thú

Focal é 'éigniú' atá deacair a rá agus níos deacra fós a chloisteáil. Focal a chuireann mothú aisteach trí chorp duine. Focal a bhfuil a fhuaim, nuair a dheirtear é, chomh míchompordach leis an gcomhrá a thagann as.

Focal atá á rá go rómhinic agus an gníomh é féin ag tarlú níos minice fós.

Má smaoiníonn tú go ndeachaigh os cionn dhá mhíle go leith duine sa tóir ar chabhair agus ar thacaíocht i ndiaidh dóibh a bheith éignithe sa tír seo anuairaidh amháin, chuirfinn geall go bhfuil an méid céanna nach ndeachaigh ag cuardach cúnaimh, nó i bhfad níos mó ná sin.

Agus as an líon sin daoine, ní dheachaigh ach tríocha faoin gcéad acu chuig na Gardaí. Agus meas tú cé mhéad de na hionsaitheoirí a ndeachaigh pionóis orthu?

Nach bhfaca muid sna meáin le gairid an drochbhail a chuaigh ar bhean amháin faoi lámha hathair agus nuair a thug sí chun cuairte é, scaoil an breitheamh saor é ar bannaí é!

D'athraigh an breitheamh a intinn agus cuireadh chun príosúin an fear an lá ina dhi-

aidh sin, ach tharla sin, mar gheall ar an mbrú a tháinig ón bpobal.

Cén mhisneach a thug an bhreitheamh sin do mhná nó d'fhir eile ar dearnadh ionsaí orthu dhul chuig na Gardaí? Misneach ar bith!

Ach tá mí-úsáid eile ag tarlú na laethanta seo, go háirithe i gcoláistí tríú leibhéal agus i measc grúpaí daoine óga i ngach áit agus tá sé scanrúil.

Agus an rud atá níos scanrúla ná nach dtuigeann na daoine óga seo an rud atá siad a dhéanamh as bealach.

Chun gean a bheith ort i gcoláistí áirithe agus chun a bheith ligthe isteach i ngrúpaí ar leith bíonn tascanna le déanamh, tascanna a bhaineann le mná a bheith á nochtadh féin os comhair fir agus scaití bíonn níos mó le déanamh.

Agus bíonn seo le déanamh os comhair lucht féachana. Ar oícheanta amach, bíonn ar chailíní gléasadh ar nós striapacha agus gheobhaidh an 'striapach' is fearr duais de bhuidéal alcóil saor in aisce le n-ól.

Léigh mé scéalta le deireanaí faoi mhná a rinne é sin agus ansin nuair a bhí an buidéal ólta baineadh mí-úsáid astu.



Ach ba orthu féin a bhí an locht mar go raibh siad gléasta mar 'striapacha' sa gcéad áit, a déarfai. A leithid de sheafóide!

Ach arís ní thuigeann daoine gur mí-úsáid gnéis atá anseo agus ní dhéanann siad tada faoi. Tá sé brónach go bhfuil seo ag dul ar aghaidh.

Caithfear a mhíniú agus a chur i gcloigne daoine an difríocht atá idir 'ceart' agus 'mícheart' agus má dhéanann siad rud atá mícheart go gcuir-

fear pionóis orthu.

Ach má dhéantar feall ar dhuine ar an mbealach sin, bíodh a fhios aige nó aici go bhfuil cabhair le fáil. Mar, mura ndéanfar tada, ní fhoghlaimíodh na hionsaitheoirí aon ní go deo.

Ní ceart go mbeadh 'cluichí' den chineál sin á n-imirt agus ní ceart go gceadófaí iad, mar i ngach cluiche bíonn 'cailteoir' agus sa gcás seo is dona an chailliúint a bhíonn i gceist.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn
go dtí 9rn

Íocaíochtaí iomarcaíochta

Ceist:

Bhí mé ag oibriú le cuideachta ar feadh ceithre bliana agus tá seans ann anois go ndéanfar iomarcach mé in 2013. Conas a áirim céard a bheinn i dteideal a fháil má tharlaíonn seo?

Freagra:

Soláthraíonn an Scéim um Íocaíocht Iomarcaíochta cúiteamh oibríthe a chaill a bpoist mar gheall ar iomarcaíocht. Tá an fhreagracht ar an bhfostóir chun íocaíocht reachtúil iomarcaíochta a íoc le gach fostaí incháilithe. Seo an teidlíocht íosta agus féadfaidh fostóirí níos mó ná seo a íoc i gcásanna áirithe. Níl fostóir a íocann íocaíochtaí reachtúla iomarcaíochta le fostaí i dteideal a thuilleadh aisíocaíocht a

fháil ón Stát nuair is ionann an dáta difhostaithe an 1 Eanáir 2013 nó tráth ina dhiaidh sin.

Chun cáiliú d'íocaíocht reachtúil iomarcaíochta, ní mór go raibh tú ag oibriú ar feadh dhá bhliain leanúnacha gan stad; ní mór duit bheith fostaithe - fostaíocht inárachais faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh; bheith os cionn 16 bliana d'aois; agus ní mór go ndearnadh iomarcach thú mar thoradh ar fhíor-chás iomarcaíochta, a chiallaíonn nach ann don phost a thuilleadh agus nach n-aimsítear duine eile chun do phost a líonadh.

Má tá tú incháilithe faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, tá tú i dteideal íocaíocht reachtúil iomarcaíochta pá dhá sheachtain a fháil le haghaidh gach bliain fostaíochta mar aon le seachtain sa

bhreis.

Íoctar d'íocaíocht iomarcaíochta mar chnapshuim agus bunaítear í ar do phá seachtainiúil - faoi réir uasteorainn €600 sa tseachtain.

Tagraíonn Pá do do ghnáthphá seachtainiúil reatha, ragobair rialta ar an meán agus sochair chomhchineáil san áireamh, ach roimh asbhaintí cánach agus ÁSPC - d'ollphá. Ní ghearrtar cáin ar an íocaíocht iomarcaíochta reachtúla.

Tá áireamhán ar líne ann chun cabhrú leat an íocaíocht a ríomh ag welfare.ie.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Faisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Ar an gclai



Le John Allen

Tá cúrsaí prótacail imithe thar fóir ar fad

Ar chuala sibh faoi Lárchoiste Ceannais na gComórtas agus má chuala an bhfuil a fhios agaibh conas a chaitheann siad a gcuid ama?

Fuaireas cáipéis uathu an tseachtain seo caite a bhí sé leathanach déag A4 ar fhaid. Seo liosta rialacha a bhaineann, den chuid is mó, le cúrsaí taobh amuigh den pháirc imeartha ar lá an chluiche.

Chuireann sé i gcuimhne dom laethanta an “Ban”, nuair a bhíodh spíodóirí ag coimeád súil ar mhuintir Chumann Lúthchleas Gael a bhí ag freastal nó ag imirt cluichí gallda (rugbaí nó sacar).

Ar laethanta na gcluichí sinsearach idirchontae in 2013 beidh fear (spíodóir) ar an taobhlíne agus é ag coimeád súil amháin ar an liosta fada de rialacha agus an tsúil eile ar an, tuairim, is nócha duine a bheidh faoina chumhacht. Gearrfar pionóis idir €700 agus €100 (do gach peaca) ar na peacaigh (ar an mBord Contae) a bhrisfidh na rialacha seo.

I mo thuairim, tá cúrsaí prótacail imithe thar fóir ar fad.

Beidh ar na himreoirí iomána, anois, na clogaid a bhaint díobh don ghrianghraf agus arís don pharáid.

Níl ach cead ag beirt mhaor uisce a bheith ag fhoireann agus beirt mhaor camán. Cinnte, i lár an tsamhraidh ar lá iontach te (má bhíonn a leithéid againn), ní leor beirt mhaor uisce.

Níl cead ag na roghnóirí a bheith ar an taobhlíne taobh amuigh den maor foirne agus an bainisteoir. Níl cead ach don dochtúir nó an physio a bheith ar an taobhlíne.

Má chuireann an bainisteoir an oiread agus barraicín thar an taobhlíne isteach ar an bpáirc beidh ar an mBord Contae cúig céad euro a íoc mar phionós.

Ní féidir faic a rá faoin réiteoir roimh, i rith nó i ndiaidh an chluiche.

Bheadh sé i bhfad níos ciallmhaire dá gcaithfeadh an CLCG airgead ar réiteoirí a thraenáil agus a íoc i gceart agus go mbeadh comhsheasmhacht i dtaispeántais na réiteoirí sna cluichí. Ansin ní bheadh mórán gá le bainisteoirí a bheith ag tabhairt amach fúthu.

Tá an liosta fada agus i mo thuairim is seafóid cuid maith dá bhfuil air.

B’fhéarr liom go mór go dtabharfadh siad a ndóthain ama dos na foirne chun téamh suas i gceart agus gan a bheith ag dul thar fóir le mionrialacha amaideacha nach bhfuil aon bhaint acu leis na cluichí iontacha atá againn.

Cuireadh tús bríomhar leis an tsraith Allianz Peile an Satharn seo caite le bua iontach ag Cill Dara ar Dhún na nGall agus bua ag Baile

Átha Cliath ar Chorcaigh. Thug na Dubs taispeántas an-suntasach agus iad ag cur ocht gcúilín déag ar chlár na scór. Tá mórán á scríobh faoin méid peileadóirí sármhaithe atá ag teacht tríd an gcóras proifisiúnta atá acu sa phríomhchathair. Tá mórán buaite acu faoi aois le cúpla bliain anuas agus leis an daonra atá acu tá an chuma ar an scéal go mbeidh sé deacair iad a bhualadh sna blianta beaga atá amach romhainn. Feicimid.

Ó thuaidh thosaigh Tír Eoghan an séasúr sraithe le bua i gcoinne an Dúin agus scata ógánach acu freisin atá mar ábhar dóchais do Mhicí Harte agus a bhainistíocht.

Bhí turas fada abhaile ag imreoirí na Ríochta agus a n-eireabaill idir a gcosa acu i ndiaidh an cheachta scórála a thug Maigh Eo dóibh. Bhíodar gan cuid maith des na réalta agus bhraitheadar uathu iad ach tá ardmholadh ag dul d’fhoireann James Horan a thug an-taispeántas.

An deireadh seachtaine beag seo, rachaidh Tír Eoghan ar an mbóthar go Maigh Eo agus déanfaidh na Dubs an turas go Cill Árne chun

Bheadh sé i bhfad níos ciallmhaire dá gcaithfeadh an CLCG airgead ar réiteoirí a thraenáil agus a íoc i gceart agus go mbeadh comhsheasmhacht i dtaispeántais na réiteoirí sna cluichí. Ansin ní bheadh mórán gá le bainisteoirí a bheith ag tabhairt amach fúthu. Tá an liosta fada agus i mo thuairim is seafóid cuid maith dá bhfuil air.

tabhairt faoin fhoireann baile. Beidh an dá chluiche sin ar an Domhnach agus oíche Dé Satharn déanfaidh an Dún an turas go Bealach Féich agus beidh Cill Dara i bPáirc Uí Rinn i gCorcaigh agus iad lán de mhuintir.

San iomáint, beidh Craobh Chriostal Phort Láirge ar siúl idir Tiobraid Árann agus an Clár.

Beidh cluichí leathcheannais iomána na gclubanna ar siúl ar an Satharn. I bPort Laoise beidh Sáirséalaigh Dhúrlas Éile ar tabhairt aghaidh ar Cill Chormac Cill Achaidh, Uíbh Fhailí, agus i bPáirc Pharnell tabharfaidh Naomh Tomás na Gaillimhe faoi na seaimpiní, Loch gCaol ó Aontroim. Tá bunús maith do dhá chluiche fíor-

shuimiúla ansin agus is cinnte go bhfuil sé thar a bheith deacair aon tuar a dhéanamh faoi cé a bhuafaidh.

Is cosúil go bhfuil saol iomána idirchontae Dhónail Óig Cusack thart. D’fhógair an bainisteoir, Jimmy Barry Murphy, nach mbeadh sé mar chuid dá phainéal don tsraith iomána agus ag tríocha cúig bliain d’aois is dócha go bhfuil deireadh lena rás.

Bhí sé ina cheannaire agus ina chúl báire den scoth. Tá an-mheas agam air agus sheas sé an fód go minic as agus ar an bpáirc agus bhí sé thar a bheith láidir in am an ghátair. Is trua go bhfuil sé ag fágáil agus sórt amhrais faoin tslí ar cuireadh deireadh lena rás.



Donal Óg Cusack, Corcaigh. Is cosúil go bhfuil saol iomána idirchontae Dhónail Óig Cusack thart. D’fhógair an bainisteoir, Jimmy Barry Murphy, nach mbeadh sé mar chuid dá phainéal don tsraith iomána agus ag tríocha cúig bliain d’aois is dócha go bhfuil deireadh lena rás. [PIC: SPORTSFILE]

Rugbaí

Cluiche Cinniúnach sa Rás don Grand Slam

Dé Domhnaigh - Comórtas na Sé Náisiún - Éire v Sasana - Staid Aviva



Gráinne McElwain

Is léir go raibh na déithe ag smaoineamh ar choiste eagrúcháin na Sé Náisiún an deireadh seachtaine seo caite mar gan dabht fuair muid an tús is fearr sa chomórtas le blianta.

Bhí neart drámaíochta le feiceáil i gcluiche na hÉireann in aghaidh na Breataine Bige, go háirithe sa dara leath nuair a bhí ar fhoireann na hÉireann cosaint go dian chun na pointí a chrochadh leo (30-22).

D'éirigh leis na hIodálaigh na Francaigh a bhualadh. Is beag duine a chuireadh cúpla euro air sin an tseachtain seo caite agus go tobann tá an comórtas go hiomlán oscailte le hÉire, Sasana agus an Iodáil fágtha sa rása don Grand Slam.

Bhí foireann na hÉireann iontach sa chéad leath in aghaidh na Breataine Bige agus tá moladh mór tuillte ag Declan Kidney, Anthony Foley agus Gert Smal as an dóigh a d'imir siad, go háirithe an chosaint.

Bhí siad faoi bhrú millteanach den chuid is mó den dara leath nuair a chaith an Bhreatain Bheag gach rud leo. Fuair Rory Best agus Conor Murray cártaí buí agus ligeadh an Bhreatain Bheag ar ais leis an méid ciceanna éirice a géilleadh dóibh.

Ach sheas Éire an fód agus bhí sé feiceálach go raibh níos mó muiníne acu, go raibh an obair bhaile déanta agus nach raibh siad chun géilleadh sna nóiméid dheireanacha. Bhí sé deacair a chreidbháil nach raibh ach dhá chluiche le Cúige Laighean imeartha ag Brian O'Driscoll ó gortaíodh é agus mar a bheifeá ag súil, bhí sé iontach. Thaispeáin Simon Zebo an chúis go bhfuil gach duine ag trácht air. Bíonn meangadh gáire i gcónaí air agus tá an chuma air go bhfuil sé ag baint suilt as a chuid rugbaí. Bhí an scil a d'úsáid sé lena sháil i gcomhair úd Cian Healy speisialta.

Ach cén sórt tionchair a bheas ag an chluiche crua fisiciúil sin ar na himreoirí agus iad ag súil le cuairt ó Shasana, foireann atá an-láidir agus fisiciúil agus nach raibh an brú céanna orthu in aghaidh na hAlban (38-18).

Tá imní faoi Gordon D'Arcy a d'imigh ón pháirc mar gheall ar ghortú glúine agus faoi Mike Ross a d'fhág an pháirc chomh maith. Deir



Simon Zebo, Éire, ag imirt i gcoinne na Breataine Bige Dé Sathairn seo caite thall i gCaerdyff

[PIC: STEPHEN MCCARTHY / SPORTSFILE]

an IRFU nach bhfuil na gortuithe ródhona ach ní bheidh Kidney ag ainmniú na foirne go dtí tráthnóna De hAoine.

Is dócha go bhfuil sé ag iarraidh an seans is fearr a thabhairt do na himreoirí a theacht ar ais chucu féin.

Tá foireann fisiciúil láidir ag Sasana ach tá imreoirí níos sciliúla ag Éirinn go háirithe an lán chúlaí agus ar na

cliatháin. Caithfidh Éire tús maith a fháil agus gan a bheith ag dul i dtreo na fisiciúlachta, mar buafaidh na Sasanaigh an troid sin.

Tá binse níos láidre ag Sasana rud a chuirfeadh imní ar Éirinn agus beidh fadhb mhór againn má ghortaítear Mike Ross nó aon duine sa phaca. Tá síneadh amach agus clibirt mhaith ag na Sasanaigh agus bí cinnte go mbeidh

dh coimhlint ghéar idir na foirne.

Tá móiminteam ag an dá fhoireann ach rud atá go maith d'fhoireann na hÉireann agus sin nár bhuaigh Sasana in Éirinn ó 2003.

Tá stíl álainn spleodrach rugbaí á imirt ag foireann na hÉireann agus ní dóigh liom go bhfuil sé sin chun stopadh in aghaidh Shasana Dé Domhnaigh.

Súil ar an Rugbaí: Rabo Direct PRO12

Dé hAoine

Ulaigh v Ospreys, Cnoc an Fhéich @ 1905 Beo ar BBC NI
Cardiff Blues v Laighin, Páirc Cardiff Arms @ 1930
Scarlets v Connacht, Parc y Scarlets @ 1930

Dé Sathairn

Mumha v Dún Éideann, Páirc Musgrave @ 1945 Beo ar TG4

Gráinne McElwain

GAN dabht beidh aird an phobail rugbaí go hiomlán ar an chluiche

idirnáisiúnta i gcomórtas na Sé Náisiún idir Éirinn agus Sasana an deireadh seachtaine seo agus an dá fhoireann buacach an Satharn seo caite. Ach roimhe sin beidh na Cúigí in aicsean tar éis briseadh coicíse sa tSraith Rabo Direct PRO12.

Is iad Cúige Uladh agus na hOspreys a bheas ag casadh ar a chéile sa chéad chluiche san oíche Dé hAoine. Tá Cúige Uladh i bhfad amach chun tosaigh le 52 pointe ar chlár na bpointí agus níl ach cluiche amháin caillte acu as 13. Sa cheathrú áit atá na hOspreys ar 39 bpointe agus iad faoi bhrú ó na Scarlets agus

ó Chúige Mumhan atá taobh thiar dóibh.

Seans maith go bhfeicimid Johann Muller, Dan Tuohy agus Luke Marshall ar ais ó ghortuithe don chluiche seo agus ceaptar go mbeidh Stephen Ferris ar fáil an mhí seo chugainn.

Caithfidh Cúige Laighean taisteal go dtí na Cardiff Blues agus ba chóir go mbeadh iomaíocht níos géire againn an uair seo ná mar a bhí eatarthu cheana.

D'éirigh le Laighin an cluiche a bhuachan go furasta 59-22 i mí Dheireadh Fómhair ach ní bheidh

na himreoirí idirnáisiúnta ar fáil an uair seo. Sa tríú háit ar chlár na bpointí atá Cúige Laighean ach níl ach pointe idir iad féin agus na hOspreys agus na Scarlets atá taobh thiar dóibh. Mar sin beidh bua ag teastáil uathu chun fanacht sna chéad cheithre áit agus sa chomhaireamh do na babhtáil leathcheannais.

Níl ach 4 chluiche buaite ag Cúige Chonnacht go dtí seo agus tá dúshlán mór rompu in aghaidh na Scarlets as baile.

Cuireann Connacht fáilte ar ais roimh go leor imreoirí a bhí gor-

taithe le tamall. Ina measc tá John Muldoon, Gavin Duffy, Willie Faloon agus Eoin McKeon ach tá Darragh Leader, Frank Murphy, George Naoupu agus Dave Nolan fós in easnamh dá bharr gortuithe.

Imreoidh Mumha agus Dún Éideann in aghaidh a chéile san oíche Dé Sathairn.

Fuair Mumha an lámh in uachtar ar Dhún Éideann níos luaithe sa tSraith, 23-18, agus faoi dhó sa Chorn Heineken agus cé nach mbeidh na himreoirí idirnáisiúnta ar fáil, ba chóir go mbeadh siad róláidir do na hAlbanaigh sa bhaile.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelisceal.ie

Gaelisceal

● 06.02.2013

Rásaíocht Capall

Cé ólfas as Corn Óir Uí Aonghusa i mbliana?

Gráinne McElwain ar an Hennessy Gold Cup

BEIDH an Hennessy Gold Cup ar siúl i mBaile na Lobhar an Satharn beag seo, an rás mór deireanach do na capaill as Éirinn sula dtabharfaidh siad faoin Cheltenham Gold Cup an mhí seo chugainn.

Agus muid ag dul i gcló, 16 chapall a bheas ag glacadh páirt sa rás ar fiú €160,000 é agus tá an liosta a bheas ag dul san iomaíocht anchosúil leis an Lexus Chase roimh Nollaig. Chríochnaigh Tidal Bay chun cinn ar an gcuid eile an lá sin ach tá gortú beag ag cur as do Tidal Bay faoi láthair.

Mhóthaigh a thraenálaí, Paul Nicholls, nach bhféadfaí é a ligeann isteach sa rása mar go bhfuil sé ag iarraidh go mbeidh an capall, atá 12 bhliain d'aois, réidh in am don Betfred Cheltenham Gold Cup nó an Ladbrokes World Hurdle i mí an Mhárta.

Chríochnaigh Flemenstar, a bhí mar rogha na n-údar don Lexus Chase, sa tríú háit ach tá baol ann nach n-éireoidh go maith leis thar thrí mhíle an uair seo ach an oiread. Dúirt traenálaí an chapail, Peter Casey, go bhfuil Flemenstar ag déanamh go maith faoi láthair agus gur éirigh go maith leis ag traenáil sa Churach le déanaí.



Davy Russell ag marcaíocht ar Sir Des Champs [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

“Beidh a fhios againn níos mó tar éis an tSathairn, ar nós an bhfeileann na trí mhíle dó,” a dúirt Peter i rith na seachtaine. Beidh le feiceáil agus Flemenstar cláraithe don Queen Mother Champion Chase, an Ryanair Chase agus an Betfred Gold Cup i Cheltenham.

Tá Willie Mullins ag lorg a naoú Hennessy Gold Cup agus dhá chapall a bheas sa rása aige siúd, sin iad Sir Des Champs, atá sa dara háit sna geallta ag na húdair don Cheltenham Gold Cup, agus Quel Esprit a bhuaigh an Hennessy Gold Cup anuraidh.

Chríochnaigh Sir Des Champs sa cheathrú áit sa Lexus ach níor léim sé chomh maith agus is féidir leis ar an lá agus tá gach duine ag súil go mbeidh sé i bhfad níos fearr an uair seo.

Má éiríonn leis rás níos fearr a rith tá seans an-láidir aige é a bhuachan agus an tríú Hennessy Gold Cup as a chéile a bhuachan do Willie Mullins.

Ceapann an traenálaí Mouse Morris go bhfeicfidh feabhas ó China Rock Dé Sathairn agus is fiú súil a choinneáil amach do na capaill Éireannacha eile ar nós Joncol, Roi Du Mee, Prince De Beauchene agus Bog Warrior.

Bainisteoir Nua ar Fhoireann Peile CLG na hÉireann

AINMNÍODH iarimreoir Ros Comáin, Paul Earley, mar bhainisteoir nua ar fhoireann peile na hÉireann do na Cluichí Idirnáisiúnta in aghaidh na hAstráile a bheas ar siúl in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair.

D’imir Earley le Ros Comáin idir 1981 agus 1993 agus d’imir sé sna cluichí idirnáisiúnta faoi stiúir Eugene McGee in 1987. Chaith sé tréimhse ag imirt san Astráil idir 1983-1985 leis na Melbourne Demons. Tagann Earley i gcomharbas ar Anthony Tohill a bhí i gceannas ar an fhoireann idirnáisiúnta a bhuaigh Corn Cormac McAnallen san Astráil in 2011.

Tá Earley luaite anois ina measc siúd a raibh an post sin acu roimhe, ar nós Kevin Heffernan, go ndéana Dia trócaire ar a anam, Eugene McGee, Colm O’Rourke, Brian McNiff, John O’Keefe, Pete McGrath agus Seán Boylan. Tá Earley ag cur foireann bhainistíochta le chéile a bheas le fógairt go luath amach anseo.

Is ar an 19 Deireadh Fómhair a bheas an chéad chluiche idirnáisiúnta ar siúl agus ionad i gCúige Uladh fós le socrú don chluiche sin agus beidh an dara cluiche ar siúl an deireadh seachtaine dár gcionn i bPáirc an Chrócaigh.

Níos Mó Tuillte Ag Katie Taylor

NÍ rómhaith a bhreathnaíonn sé do Chumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann nó an IABA tar éis dóibh “dearmad” a dhéanamh a rá le cóit-seálaí agus athair an dornálaí Katie Taylor, Pete Taylor, nach mbeidh Comórtas Dornálaíochta na hEorpa á reáchtáil ar chor ar bith i mbliana.

Tá Katie tar éis 5 mhí a chaitheamh ag traenáil agus ag réiteach don chomórtas seo atá buaite aici cúige huair.

De réir na dtuairiscí, fuair an IABA litir ó Chónaidhm Dornálaíochta na hEorpa an tseachtain seo caite faoi, ach níor chur siad an teachtaireacht ar aghaidh chuig athair Katie.

Labhair Pete Taylor ag preasócáid faoi Katie agus an Elite Boxing Championships a bheas ar siúl ag deireadh mhí Feabhra agus bhí sé feiceálach nach raibh a fhios aige go raibh Comórtas na hEorpa curtha siar cé go raibh Katie ag réiteach don chomórtas sin. Tá fearg an domhain ar Pete agus cúis mhaith aige mar go bhfuil an t-uafás ama caite ag a iníon ag traenáil in áit di sos a thógáil tar éis na gcluichí Oilimpeacha inar bhuaigh sí bonn óir. Easpa cumarsáide, ár ndóigh, ach tá níos mó tuillte ag Katie a d’ardaigh meanma na tíre.

Brady ar a bhealach as Old Trafford chun áit a bhaint amach ar fhoireann Trapp

Cillian Ó Conchúir

TÁ sé deacair aghaidh a thabhairt ar chlub a fhágáil tar éis duit d’óige a chaitheamh ann. Tá sé níos deacra fós nuair is é Manchester United an club atá i gceist. Ach sin an cinneadh a dhein Robbie Brady.

Thug sé a chúl do Manchester United agus shínigh sé conradh le Hull City i rith mhí Eanáir, cinneadh a bhfuil an cliathánaí óg sásta leis.

"An t-am ceart a bhí ann. Tá sé díomách i gcónaí nuair a fhágann tú slán le club d’óige, ach tá grá agam don chlub.

Beidh grá i gcónaí agam don chlub

agus tá an oiread sin déanta acu dom. Bhí sé iontach, ach cheap mé gurbh é an t-am cheart a bhí ann agus táim sásta go bhfuilim ag imirt peile anois."


Le Hull, tá Brady i measc na nÉireannach eile ar nós Stephen Quinn, Paul McShane, Alex Bruce agus David Myler agus é ag imirt gan an bhrú a bhí air ag Manchester United.

"Is mór an t-ualach atá bainte. Mothaíonn tú gur gá duit 100% a léiriú má theastaíonn uait aon seans a bheith agat ag Manchester United toisc gur club mór é, ach táim ag imirt le Hull anois, táim ag imirt go maith agus tá muinín ag an mbainis-

teoir asam. Má leanaim orm ag imirt go maith, is féidir liom an obair a dhéanamh chun filleadh ar ais chuig an mbarr."

Sula dtagann sé sin, tá Brady dírithe ar Hull City, foireann lena bhfuil sé tar éis 15 cluichí a imirt go dtí seo i mbliana agus é ar thóir áite sa Príomhroinn.

"Táim ag imirt go maith. Tá grúpa d’imreoirí iontacha againn, bunús maith, agus déanfaimid tréan-iarracht brú ar aghaidh chun ardú go dtí an Príomhroinn. Ní dóigh liom go bhfuil aon fhoireann ag dul chomh maith céanna linne, seachas Cardiff," ar sé le miongháire.



Robbie Brady - ar a bhealach go Hull City